


# Cultúr agus Stair an Lucht Siúil

## Tuarascáil Taighde

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Feabhra 2023

# An Clár Ábhar


## 01

**Nóta don léitheoir**

## 02

**1. Réamhrá**

## 04

**2. Stair an Lucht Siúil**

2.1 Próifíl Daonra an Lucht Siúil 04
2.2 Tionchar an Chiníochais ar an Lucht Siúil 06
2.3 Eitneacht an Lucht Siúil 08
2.4 Stair an Lucht Siúil i gComhthéacs 09
2.4.1 Gnáththuiscint – Teoiric maidir le 'Daoine a Thit Amach ón tSochaí' 09
2.4.2 Miotais agus Teoiricí nach dtagann le chéile 11
2.5 An tEolas a Thugann Staidéir Ghéineolaíochta Dúinn ar Stair an Lucht Siúil 13

## 15

**3. Cultúr an Lucht Siúil**

3.1 Fánaíocht 16
3.1.1 Cineálacha Lóistín 19
3.2 Struchtúr/Líonraí Teaghlach 20
3.3 Patrúin Phósta 20
3.4 Geilleagar an Lucht Siúil 21
3.4.1 Úinéireacht Capall 22
3.5 Scéalaíocht 24
3.6 Ceol 24
3.6.1 Ionchuir de chuid an Lucht Siúil i gCeol Traidisiúnta na hÉireann. 25
3.7 Ealaín 31
3.7.1 Lucht Siúil na hÉireann – Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh 32
3.7.2 Ealaíontóirí de chuid an Lucht Siúil 34
3.7.3 Léirithe ar an Lucht Siúil in Ealaín na hÉireann 35

# Ábhar (ar lean)


| | | |
|---|---|---|
| 3.8 | Léiriú Reiligiúnach | 36 |
| | 3.8.1 An Lucht Siúil agus Creideamh | 36 |
| | 3.8.2 Oilithreachtaí | 37 |
| | 3.8.3 Beannachtaí | 37 |
| | 3.8.4 Gealltanais | 38 |
| | 3.8.5 Leigheasanna agus Nósanna eile | 38 |

**39**

| | | |
|---|---|---|
| **4.** | **Teanga an Lucht Siúil** | |
| 4.1 | Seiltis/Caintis/Gaimis – Míniú ar an Téarmaíocht | 39 |
| | 4.1.1 Bailiúcháin Luatha den Chaintis/Ghaimis | 39 |
| | 4.1.2 Cé chomh sean is atá an Chaintis/Ghaimis? | 40 |
| | 4.1.3 Úsáid na Caintise/na Gaimise sa lá atá inniu ann | 42 |

**44**

| | | |
|---|---|---|
| **5.** | **An Lucht Siúil in Éirinn an lae inniu** | |
| 5.1 | Gníomhaíochas an Lucht Siúil in Éirinn | 44 |
| | 5.1.1 Bunú Eagraíochtaí an Lucht Siúil agus a gCuid Aidhmeanna | 44 |
| | 5.1.2 Luachanna atá mar Chrann Taca ag an Obair | 45 |
| | 5.1.3 Príomhamanna – Amlíne do na Cearta Sin | 46 |
| 5.2 | Eiseamláirí an Lucht Siúil | 48 |
| | 5.2.1 Deiseanna Breisoideachais agus Ardoideachais don Lucht Siúil | 48 |
| | 5.2.2 An Lucht Siúil sa Pholaitíocht | 49 |
| | 5.2.3 Gníomhairí den Lucht Siúil | 49 |
| | 5.2.4 An Lucht Siúil sa Spórt | 49 |
| | 5.2.5 Lucht Siúil sna hEalaíona | 49 |

**50**

**6.** **Conclúid**

**51**

**Liosta Tagairtí**

# Nóta don léitheoir

Tá naisc sa cháipéis chuig réimse acmhainní a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do léitheoirí. Cuirtear na naisc seo ar fáil ar mhaithe le héascaíocht agus cuspóirí faisnéise amháin. Ba cheart aon tráchtaireacht nó ceisteanna faoi na suíomhanna gréasáin a nasctar nó an t-ábhar atá iontu a chur i dtreo úinéirí na suíomhanna.

Roghnaítear agus athbhreithnítear na naisc sheachtracha nuair atá an tuarascáil taighde foilsithe. Cé go ndéanann muid gach iarracht a chinntiú go bhfuil na naisc seo cruinn, cothrom le dáta, agus ábhartha, níl CNCM freagrach as aon ábhar atá ar shuíomhanna gréasáin seachtracha, ná as cruinneas aon ábhar den chineál seo. Má thagann tú ar naisc sheachtracha nach n-oibríonn, ná bíodh aon drogall ort scéala a chur chugainn ag info@ncca.ie agus déanfaimid an nasc a nuashonrú nó a bhaint.



# 1. Réamhrá

I mí Mheán Fómhair 2018, d'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna ag an am, Richard Bruton (TD), ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) iniúchadh a dhéanamh ar chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam.

D'iarr an tAire go ndéanfaí breithniú ar an méid seo a leanas san iniúchadh:

- áit chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam reatha, ón luath-óige go dtí an tsraith shinsearach
- na treoirlínte reatha maidir le hoideachas idirchultúrtha agus acmhainní eile atá ar fáil do scoileanna i dtaca leis an Lucht Siúil
- na deiseanna atá ann cultúr agus stair an Lucht Siúil a theagasc agus an chaoi a gceanglaítear an méid sin leis na hábhair
- churaclaim atá ann cheana féin (litir ón Aire, 2018, de réir mar a dhéantar tagairt di in CNCM, 2019, lch. 4)

Leagann Traveller culture and history in the curriculum: a curriculum audit (CNCM, 2019) roinnt ceisteanna ar gá machnamh a dhéanamh orthu maidir le tacú le hobair suíomhanna/scoileanna ar chultúr agus stair an Lucht Siúil, lena n-áirítear deiseanna dó seo a fheabhsú agus dul chun cinn á dhéanamh ar fhorbairtí an churaclaim.

Is céad chéim thábhachtach í an tuarascáil taighde seo ar chultúr agus stair an Lucht Siúil maidir le freagra a thabhairt ar thorthaí an iniúchta (2019) agus tá sé mar aidhm ag an tuarascáil achoimre a thabhairt ar a bhfuil ar eolas faoi láthair agus ar an méid a taifeadadh maidir le gnéithe éagsúla de chultúr agus stair an Lucht Siúil. Úsáidfear é mar bhonn eolais d'athbhreithniú agus d'athfhorbairt/nuashonrú sonraíochtaí curaclaim agus d'fhorbairt



sonraíochtaí nua mar chuid d'obair leanúnach ar fud earnálacha. Lena chois sin, beidh sé mar bhonn chun acmhainní agus ábhair a fhorbairt do mhúinteoirí/chleachtóirí agus beidh sé mar bhonn eolais againn freisin maidir le cuir chuige idirchultúrtha i leith an oideachais ar bhonn níos leithne.

Tá cúig chuid sa tuarascáil taighde seo. I ndiaidh an réamhrá, tugtar léargas gearr i gcuid a dó ar phróifíl daonra an Lucht Siúil agus léirítear tionchar an chiníochais ar an bpobal. Pléann sé freisin stair an Lucht Siúil. Déantar iniúchadh i gcuid a trí ar chultúr an Lucht Siúil, mar shampla, an fhánaíocht, gníomhaíochtaí eacnamaíocha, patrúin phósta, struchtúr an teaghlaigh agus cleachtais reiligiúnacha. Déantar cur síos inti freisin ar chuid de na rudaí a chuir an Lucht Siúil agus a leanann siad ar aghaidh ag cur le sochaí na hÉireann, tríd an ealaín, ceol, agus spórt. Déantar iniúchadh i gcuid a ceathair ar an taighde ar theanga an Lucht Siúil agus ar a húsáid in Éirinn sa lá atá inniu ann. Faoi dheireadh, pléitear i gcuid a cúig leis an Lucht Siúil in Éirinn an lae inniu. Déantar cur síos ar a slógadh agus gníomhaíochas, agus tá sonraí ann maidir le gaiscí baill an phobail agus maidir le forbairtí dearfacha eile don phobal.



# 2. Stair an Lucht Siúil

## 2.1 Próifíl daonra an Lucht Siúil

Is é an sainmhíniú a thugtar ar phobal an Lucht Siúil san Acht um Stádas Comhionann (2000, lch.7) ná:

> **“an pobal daoine dá ngairtear an Lucht Siúil go coitianta agus a shainaithnítear (acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine ag a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin i bpáirt, lena n-áirítear, go stairiúil, saol fánaíochta ar oileán na hÉireann.**

Bailíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta sonraí maidir le líon na ndaoine den Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Sa bhliain 2010, bhailigh Staidéar Sláinte Taistealaithe Uile-Éireann eolas maidir leis an Lucht Siúil freisin. Léiríonn an tábla thíos an líon daoine den Lucht Siúil a mheastar a bheith ag cur fúthu in Éirinn de réir na dtrí fhoinse éagsúla seo.

**Tábla 1:** Líon na ndaoine den Lucht Siúil i bPoblacht na hÉireann

| Bliain | Foinse sonraí | Uimhreas | Céatadán den daonra iomlán |
|---|---|---|---|
| 2017 | AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH (POS). | 30,987 | 0.70% |
| 2010 | AITHS | 36,244 | 1% |
| 2019 | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Idir 46,695 go 58,925 nó mar sin | 1% |

Beidh na figiúir do Dhaonáireamh 2022 ar fáil go luath ar líne ar [shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh](shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh).



Is dócha go bhfuil figiúr measta na Príomh-Oifige Staidrimh maidir leis an Lucht Siúil níos airde mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le muintir an Lucht Siúil nach dteastaíonn uathu iad féin a aithin mar mhuintir an Lucht Siúil ar eagla go mbeidís thíos leis, deacrachtaí a tháinig chun cinn agus foirmeacha an daonáirimh á líonadh amach mar gheall ar litearthacht lag, agus/nó, i gcásanna áirithe, mar gheall nach bhfuarthas na foirmeacha sa chéad áit. Bhailigh piarthaighdeoirí na sonraí don AITHS, mar sin, is dócha go mbeidh sé níos cruinne ná figiúirí an Daonáirimh, mar in amanna, níor bhailigh áiritheoirí an Daonáirimh faisnéis maidir leis an Lucht Siúil mar thoradh ar easpa oiliúna cuí. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an Stát chun dul i ngleic leis an míréir seo idir na figiúirí agus tá eagraíochtaí an Lucht Siúil i ndiaidh a bheith ag obair go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus lena háiritheoirí le hiarracht a dhéanamh a chinntiú go gcomhairtear an Lucht Siúil ar bhealach níos cruinne agus níos tuisceanaí. Tá na sonraí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta míchruinn mar chomhaireann cuid de na hÚdaráis Áitiúla teaghlaigh ach comhaireann cinn eile líon tí. Chomh maith leis sin, níl figiúirí ann ach ó 27 de 31 Údarás Áitiúil na hÉireann (Norris, Joyce agus Norton, 2019).

De réir thorthaí an daonáirimh, tá an Lucht Siúil i bhfad níos óige ná an daonra coiteann. Tá méid beag os cionn 73% den Lucht Siúil 34 bliain d'aois nó níos óige agus ní raibh ach 7.5% os cionn 54 (POS, 2017).

Cé go bhfuil cónaí ar fhormhór Lucht Siúil na hÉireann in Éirinn, tá cónaí orthu freisin sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe. Meastar go bhfuil 15,000 duine de Lucht Siúil na hÉireann ina gcónaí sa Bhreatain (Gavin, 2019). Go dtí 2011, ní raibh aon chatagóir eitneach don Lucht Siúil i ndaonáireamh na Ríochta Aontaithe. Cé gur cuireadh catagóir leis ó shin, áirítear inti Giofóga agus Lucht Siúil na hÉireann, rud a chomhchuimsíonn dhá ghrúpa an-éagsúil lena chéile ar fad in aon chatagóir amháin.

Anuas air sin, de réir EPIC: Músaem Imirce na hÉireann, tá cónaí ar tuairim is 10,000 duine de Lucht Siúil na hÉireann i SAM. Arís, is deacair an uimhir seo a dhearbhú mar ní aithnítear mar chatagóir i bhfoirmeacha daonáirimh na Stát Aontaithe daoine de Lucht Siúil na hÉireann (Egan, 2020). Sna Stáit Aontaithe, tá an daonra is mó de Lucht Siúil na hÉireann in Murphy Village (a ainmníodh i ndiaidh a bhunaitheora), taobh amuigh de bhaile North Augusta, South Carolina, agus tá pobail eile in aice le Memphis, Tennessee, agus tá pobail níos lú in Georgia, Alabama, agus Mississippi.

Is é iad na téarmaí Caintise (teanga an Lucht Siúil) don Lucht Siúil ná 'Mincéirs' agus/nó 'Pavees'. Baineann roinnt duine den Lucht Siúil úsáid as an téarma 'Mincéirí' seachas 'Mincéirs'. Is minic a thagraítear don Lucht Siúil mar 'tincéirí', taistealaithe, nó Lucht Siúil socraithe, agus baineann roinnt daoine úsáid as na téarmaí seo sa lá atá inniu ann fós. Dúirt MacGréine (1932) gurbh fhearr leis an bpobal go dtabharfaí 'an Lucht Siúil' orthu. Cé gur dócha gur dhaoine den Lucht Siúil ab iad na tincéirí (gaibhneoirí stáin), níorbh thincéirí iad gach duine den Lucht Siúil, agus mar sin, níor bhain an téarma leo ar fad ná níor léirigh sé an éagsúlacht a bhí ann laistigh den phobal.

Thug Coimisiún na dTaistealaithe (Rialtas na hÉireann, 1963) isteach an téarma 'taistealaí' (Kenny agus Binchy, 2009). Úsáidtear an téarma 'duine den Lucht Siúil' ('Traveller') i dTuarascáil an Choiste Iniúchóireachta ar an Lucht Siúil (Travelling People Review Body, 1983) in áit an téarma 'taistealaí' ('itinerant'). Mhínigh daoine den Lucht Siúil a bhí páirteach i bhforbairt na Tuarascála 1983, gur shíl siad go raibh an téarma 'taistealaí' do-ghlactha agus dúirt siad gurbh fhearr leo dá dtabharfaí 'an Lucht Siúil' orthu (an tÚdarás Comhionannais, 2006). Síleann go leor den Lucht Siúil freisin go bhfuil an téarma 'duine den Lucht Siúil socraithe' do-ghlactha freisin mar is féidir leis a chur in iúl go bhfuil

a bhféiniúlacht maolaithe agus lagaithe. Ní thagann athrú ar eitneacht an Lucht Siúil fiú mura mbíonn an duine den Lucht Siúil i mbun fánaíochta. Is minic a chuirtear isteach i gcatagóir na Giofóg, Romach, agus Lucht Siúil (GRT) daoine de Lucht Siúil na hÉireann cé gur grúpaí eitneacha difriúla iad seo.

Baintear úsáid as an téarma sainithe 'duine den Lucht Siúil' san acmhainn seo ar fad. Ba cheart 'an Lucht Siúil' a litriú i gcónaí le ceannlitir ar an 'L' agus 'S'. Cuireadh ceannlitriú an 'L' agus an 'S' i bhfeidhm breis is scór bliain ó shin nuair a bhí an Bille um Stádas Comhionann (1999) á leasú (an tÚdarás Comhionannais, 2006). Ag céim an Choiste, leagadh síos leasuithe le ceannlitir a chur leis an téarma 'Lucht Siúil' agus gan sainmhíniú eitneach ar an Lucht Siúil a chur san áireamh. Luaigh Deputy Higgins:

> **It is only a small change, but it is a significant and symbolic one. We are talking about a group which sees itself as a distinct cultural and ethnic group.**
> (ibid., 2006, lch. 33).

## 2.2 Tionchar an Chiníochais ar an Lucht Siúil

D'eisigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) páipéar taighde dar teideal 'Léiriú Sóisialta ar an Lucht Siúil in Éirinn' (A Social Portrait of Travellers in Ireland) i mí Eanáir 2017 (Watson, Kenny agus McGinnity, 2017). Léirigh an taighde, d'ainneoin líon beag phobal an Lucht Siúil, go raibh siad go fóill ar cheann de na grúpaí ab imeallaithe i sochaí na hÉireann a d'fhulaing claontachtaí agus leithcheal dáiríre (ibid.).

Is féidir le tionchar tubaisteach a bheith ag an gciníochas ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh, ar phobail, agus ar an tsochaí (Michael, 2019). Cé go léiríonn go leor tráchtairí easpa tuisceana maidir leis an gcaoi a mbaineann coincheap an chiníochais le cás an Lucht Siúil, tá sé soiléir go heimpíreach agus glactar leis go forleathan sa saol acadúil, go bhfulaingíonn an Lucht Siúil ciníochas mar gheall ar a n-eitneacht. Léirigh staidéar ITES go bhfuil dóchúlacht 22% níos mó ann go bhfulaingeoidh daoine den Lucht Siúil leithcheal (Watson et al. 2017). Ag tógáil ar Clébert (1963), léiríonn Kenny agus Binchy (2009, lch. 119) go bhféadfadh sé go bhfuil an ciníochas i gcoinne fánaithe ar cheann de na foirmeacha is ársa den chiníochas "identifiable even in the Book of Genesis".

Sa bhliain 1991, fuair Coiste Pharlaimint na hEorpa maidir le hIniúchadh ar Chiníochas agus Seineafóibe amach gur fhulaing an Lucht Siúil níos mó leithcheala ná aon ghrúpa eile (ibid.).

Mar thoradh ar eispéiris an Lucht Siúil leis an leithcheal, scórálann siad go lag ar gach táscaire a úsáidtear chun cinntitheacha sóisialta sláinte a thomhas (Watson et al. 2017). Mar thoradh air sin, tá rátaí báis an Lucht Siúil ceithre huaire níos airde ná an pobal i gcoitinne (AITHS, 2010). De ghnáth faigheann fir den Lucht Siúil bás agus iad 15 bliana níos óige ar an meán ná a bpiaraí fireanna socraithe, agus faigheann mná den Lucht Siúil bás tuairim is 11 bliana níos óige ná a bpiaraí (ibid.).

Is ábhar mór buartha é an ráta féinmharaithe i bpobal an Lucht Siúil. Is mar gheall ar an bhféinmharú 11% de bhásanna an Lucht Siúil, figiúr atá beagnach seacht n-uaire níos airde ná mar atá sé i gcás an phobail i gcoitinne (Tanner agus Doherty, 2021). Fuarthas amach in athbhreithniú a rinneadh san Irish Journal of Psychological Medicine go mbaineann fir den Lucht Siúil le 10% de staitisticí féinmharaithe d'fhir fhásta (Quirke, Heinen, Fitzpatrick, McKey, Malone agus Kelleher, 2020). Cuireann droch-thorthaí oideachasúla, leithcheal, agus bochtanas leis an droch-mheabhairshláinte agus tá siad

luaite mar ghnéithe de dhroch-mheabhairshláinte i measc phobal an Lucht Siúil (O'Shea, 2011). Mar a deir McKey, Quirke, Fitzpatrick, Kelleher agus Malone (2022), ní bhaineann an cás seo le hÉirinn amháin agus is nasc coitianta é an leithcheal a chuireann le rátaí arda féinmharaithe i measc mionlach eitneach dúchasach eile ar fud an domhain. Mar shampla, bíonn patrúin chosúla féinmharaithe i gceist i gcás na Sámach, na Maorach, na mBundúchasach, agus na nIonúiteach (ibid.).

Leag an Traveller Community National Survey is déanaí (O'Mahony, 2017), a rinne meonta i leith an Lucht Siúil in Éirinn a thomhas, béim ar a laghad athraithe atá i meonta i leith an Lucht Siúil ó rinneadh staidéir roimhe sin (cf. MacGréil, 2010). Mar shampla, fuarthas amach nach mbeadh 55% de dhaoine nach den Lucht Siúil iad sásta go mbeadh an Lucht Siúil ina mball den phobal, gur sheachain 35% acu an Lucht Siúil, nach n-oibreodh 75% acu le duine den Lucht Siúil, nach mbeadh duine den Lucht Siúil mar chomharsa ag 78% acu, nach mbeadh duine den Lucht Siúil mar bhall den teaghlach ag 91% acu, agus nach mbeadh cara ón Lucht Siúil ag 85% (O'Mahony, 2017).

Léiríonn an taighde ar eispéiris an Lucht Siúil san oideachas i dtreo easpa rannpháirtíochta an Lucht Siúil ar scoil, caidrimh chasta le piaraí agus le múinteoirí, agus easpa muintearais. Cé go dtéann beagnach gach páiste den Lucht Siúil go dtí an bhunscoil, agus go bhfuil ráta ard aistrithe ón mbunscoil go dtí an mheánscoil (Hourigan agus Campbell, 2010), tá rátaí freastail agus coinneála íseal go fóill agus léiríonn an taighde go stopann an Lucht Siúil lena n-oideachas 4.7 bliain ar an meán níos luaithe ná an pobal i gcoitinne (Watson et al. 2017). Níor chríochnaigh ach 8% den Lucht Siúil in Éirinn a n-oideachas go leibhéal na hArdteistiméireachta i gcomparáid le 73% den phobal i gcoitinne (ibid.).

Sa bhliain 2017, ní raibh cáilíocht tríú leibhéal ach ag 1% de phobal an Lucht Siúil. In athbhreithniú ar an bPlean Rochtana Náisiúnta (2015-2019) chun rannpháirtíocht san ardoideachas (AO) a ardú, luadh nár baineadh an sprioc a leagadh síos don Lucht Siúil (go mbeadh 80 duine den Lucht Siúil san ardoideachas faoin mbliain 2019) amach go fóill (HEA, 2018). Ba é an toradh a bhí air seo ná gur díríodh go lárnach ar an Lucht Siúil sa Mhórphlean Náisiúnta (isteach go 2021) (ibid.). Chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Rannpháirtíocht an Lucht Siúil san Ardoideachas a Ardú 2019-2021, mhéadaigh Simon Harris, an tAire Ardoideachais, Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta, faoi dhó an buiséad chun tacú le rochtain an Lucht Siúil ar an mbreisoideachas sa bhliain 2022 (Barry, 2022).

Cé go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht sa bhreisoideachas, tá an iomarca ionadaíochta ag an Lucht Siúil i measc phobal na bpríosún. Cé go bhfuil pobal na bpríosún beag, agus 7,484 duine ar an iomlán ann (1,081 bean agus 6,403 fear) sa bhliain 2017 de réir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS) (Gallagher, 2018), measadh gur daoine den Lucht Siúil iad 15% de phobal fear na bpríosún agus 22% de phobal ban na bpríosún (Lalor, 2017). I dtuarascáil inar fiosraíodh eispéiris an Lucht Siúil maidir le córas dlí na hÉireann (Joyce et al. 2022), dúirt rannpháirtithe go ndearnadh próifíliú ar bhonn cine orthu. Thug siad le fios go ndéanann forfheidhmiú an dlí an iomarca póilíneachta orthu mar dhéantóirí coire agus nach ndéanann siad a ndóthain póilíneachta orthu agus iad ina n-íospartaigh.

Sa bhliain 2011, bhí 82% den Lucht Siúil dífhostaithe, i gcomparáid le 17% den phobal i gcoitinne (Watson et al. 2017). Ní ábhar iontais é seo nuair a smaoiníonn muid ar an gcaoi a bhfuil dóchúlacht 22 uair níos airde go bhfulaingeoidh an Lucht Siúil leithcheal san áit oibre ná mar atá i gcás Éireannach geal socraithe (ibid.). Fuarthas amach i staidéar sa bhliain 2010 nach n-earcódh 41% d'fhostóirí duine den Lucht Siúil (MacGreil, 2010) agus fuarthas amach i staidéar sa bhliain 2017 nach dtabharfadh 83% de rannpháirtithe an staidéir post do dhuine den Lucht Siúil (Community Foundation of Ireland, 2017).

Baineann iarmhairtí dáiríre diúltacha don tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus d'oideachas páistí leis an easpa dídine. Is ionann an Lucht Siúil agus sampla díréireach den phobal gan dídean in Éirinn. Fuarthas amach i dtuarascáil ar an Lucht Siúil agus ar an easpa dídine go bhfuil go leor daoine den Lucht Siúil i gcásanna 'easpa dídine cheilte' (Harvey, 2021). Mar shampla, fuarthas amach gur chónaigh 39% den Lucht Siúil lena muintir i lóistín a raibh cónaí ar an iomarca daoine ann. De réir suirbhé náisiúnta a rinne 27 Údarás Áitiúil (UA) (tá 31 UA ann go náisiúnta), is daoine den Lucht Siúil iad 8% de dhaoine fásta gan dídean atá ag fanacht i lóistín éigeandála agus gur páistí den Lucht Siúil iad 12% de pháistí gan dídean (ibid.). Tá sé tugtha le fios ag feidhmeannaigh comhairle gur dócha gur meas faoina luach atá i gceist leis na huimhreacha seo mar ní thugann roinnt daoine den Lucht Siúil le fios gur daoine den Lucht Siúil iad (ibid.).

Anuas air sin, áitíonn Harvey (2021) go bhfágann an sainmhíniú reatha a chuireann an Stát ar fáil ar an easpa dídine amach go leor de na daoine den Lucht Siúil sin a bhfuil cónaí orthu i lóistín róphlódaithe agus sealadach. Léiríonn staidéir go bhfuil fadhbanna leithcheala a bhfuil an-doiciméadú déanta orthu in earnáil an chíosa phríobháidigh. Fuair Comhairleoirí Eacnamaíocha DKM (2014) amach nach dteastaíonn ó 82% de thiarnaí talún lóistín a ligean ar cíos do dhaoine den Lucht Siúil. D'aithin SAFE Ireland (2016) chomh maith gur gné é an leithcheal a d'imir tionchar ar dhaoine den Lucht Siúil a bhí ag fulaingt mar thoradh ar fhoréigean baile agus a bhí ag cur isteach ar lóistín príobháideach ar cíos.

Cosúil le baill an phobail shocraithe, bíonn taithí ag daoine den Lucht Siúil ar fhás aníos nó am a chaitheamh i gcúram altrama nó in institiúidí. Insíonn siad scéalta de dhrochíde mar gheall ar a n-eitneacht, stádas teaghlaigh, agus cúiseanna eile.

## 2.3 Eitneacht an Lucht Siúil

Go dtí 2017, níor aithin ná níor bhronn Stát na hÉireann stádas eitneach ar an Lucht Siúil d'ainneoin moltaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, ón gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD), mar shampla, an stádas seo a bhronnadh. Dúirt Rialtas na hÉireann nach raibh sé "prepared to include in the report (to CERD) a statement ... that Travellers are ethnically different from the majority of Irish people" (Díospóireachtaí Dála, 13 Deireadh Fómhair 2003 mar a luaitear san Údarás Comhionannais, 2006). I ndiaidh na mblianta de stocaireachta, bronnadh stádas eitneach faoi dheireadh ar an Lucht Siúil i bPoblacht na hÉireann ar an 1 Márta, 2017.

Cé nár aithníodh eitneacht an Lucht Siúil i bPoblacht na hÉireann go dtí 2017, i ndlínsí máguaird Thuaisceart Éireann agus Shasana, bhí Lucht Siúil na hÉireann aitheanta mar ghrúpa eitneach faoin Race Relations Act 1976 (Brandi, 2013). Sa dá chás, troideadh ar son an aitheantais eitnigh, níor tugadh go héasca é. Baineadh amach trí na cúirteanna é, a shainmhínigh ó thaobh an dlí de a raibh i gceist le heitneacht an Lucht Siúil.

Ba údar frustrachais don Lucht Siúil i bPoblacht na hÉireann é go raibh orthu plé le feachtas fada agus fadálach leis an aitheantas céanna a fháil. Le haghaidh tuilleadh eolais ar chúlra eitneacht an Lucht Siúil, féach Tuarascáil an Údaráis Comhionannais.

## 2.4 Stair an Lucht Siúil i gComhthéacs

Go ginearálta, aontaíonn scoileanna gur grúpa dúchasach eitneach iad Lucht Siúil na hÉireann ar taifeadadh a láithreacht go hoifigiúil den chéad uair sa 12ú haois (Kenny agus Bincy, 2009). Ní dhearnadh taifeadadh i ndáiríre ar stair an Lucht Siúil go stairiúil, mar ní dhearna Rialtais de chuid na Breataine a thagann i ndiaidh a chéile idirdhealú idir an Lucht Siúil agus cosmhuintir na hÉireann (Hayes, 2006). Go stairiúil, ní raibh na scileanna ag an Lucht Siúil lena gcur sna leabhair staire agus is gnáthrud é seo i gcultúr fánaíochta agus béil.

Mar sin, bhraith stair an Lucht Siúil ar an mbrí a bhain scoláirí socraithe aisti, a mbíonn a gcuid claontachtaí agus bríonna féin acu go minic, chomh maith le heaspa eolais ón taobh istigh (Hayes, 2006). Mar thoradh air seo, tá teorainneacha dáiríre ag baint leis an méid is féidir le taifid staire atá ann insint dúinn faoi stair an Lucht Siúil. Leagann na taifid atá ann béim ar dhofheictheacht an Lucht Siúil mar ghrúpa i sochaí na hÉireann (ibid.). D'fhéadfadh an easpa seo a bheith ina comhartha gurbh é an gnás a bhí ag an am ná an fhánaíocht, agus mar sin, nár síleadh gurbh fhiú í a lua.

Tá aon tuairimí maidir leis an Lucht Siúil roimh an bhfichiú haois bunaithe ar phíosaí beaga fianaise stairiúil agus baineann conspóid leo i measc staraithe (Binchy, 2008). Mar gheall ar na teoiricí seo, tá sé i ndiaidh a bheith fíordhúshlánach don Lucht Siúil dlisteanacht chultúrtha a bhaint amach chomh maith le scaradh ón bpobal nach den Lucht Siúil iad (ibid.). Deir Binchy (2008) gur cheart go ndéanfaí athbhreithniú arís ar na taifid staire i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn anois maidir le cás an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlach eitneach dúchasach na hÉireann.

### 2.4.1 Gnáththuiscint – Teoiric maidir le 'Daoine a Thit Amach ón tSochaí'

Spéis imeallach a bhí ag go leor scoláirí Éireannacha i léann an Lucht Siúil go dtí na 1800idí déanacha. Dar le Hayes (2006), is féidir an easpa suim acadúil a léiríodh sa Lucht Siúil go stairiúil a nascadh leis an tuairim nach raibh i gceist leis an Lucht Siúil ach grúpa de shliochtaigh daoine a 'thit amach' as an bpobal socraithe. Áitíonn sé gur braitheadh gur dhaoine iad an Lucht Siúil ar íospartaigh díbeartha iad, íospartaigh na díbeartha a bhain le ham an ghorta nó leis an díláithriú a tharla le linn thréimhse Chromail (1649 go 1653) (ibid.). Tá an creideamh gur 'daoine socraithe nár éirigh leo' nó 'daoine a thit amach' iad muintir an Lucht Siúil, seachas grúpa faoi leith eitneach atá i sochaí na hÉireann, intuigthe sna leaganacha seo de stair an Lucht Siúil (ibid.).

Diúltaíonn gníomhaithe an Lucht Siúil agus eagraíocht neamhrialtasacha don teoiric maidir le 'titim amach ón tsochaí' agus tá scoláirí i ndiaidh í a bhréagnú. Tá staidéir i ndiaidh fianaise a chur ar fáil go raibh teanga agus cultúr an Lucht Siúil bunaithe roimh an imirce luath seo. Chuaigh go leor den Lucht Siúil ar imirce go dtí Stáit Aontaithe Meiriceá de bharr an Ghorta. Iad siúd a d'imigh, thug siad an tSeiltis (an teanga a labhraíonn Lucht Siúil na hÉireann) leo. Féach **Cuid 4** le haghaidh níos mó sonraí maidir le teanga an Lucht Siúil agus traidisiúin eile, amhail fánaíocht agus póstaí gaoil fola (ar póstaí iad idir col ceathracha. Féach **Cuid 3.3** le haghaidh tuilleadh plé air seo, póstaí ionghamacha (póstaí idir baill laistigh den phobal), agus patrúin phósta (Harper, 1973, in Binchy 1994). I Stáit Aontaithe Meiriceá, baineann formhór de Lucht Siúil na hÉireann in Murphy Village úsáid as an tSeiltis sa lá atá inniu ann (Binchy, 1994).

Chuir staidéar, ar DNA Lucht Siúil na hÉireann, tuilleadh fianaise ar fáil go raibh an Lucht Siúil ann roimh am Chromail agus roimh am an Ghorta (Gilbert, Carmi, Ennis, Wilson, Cavalleri, 2017). Aithníodh sa staidéar, ar thug Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn faoi, fianaise d'aonrú géiniteach thar

na céadta bliain, rud a chuir as an áireamh tuairimí gur in aimsir Chromail nó an Ghorta a tháinig an pobal chun cinn (ibid.). De réir an staidéir, tá oidhreacht roinnte ag an Lucht Siúil le daoine socraithe ach gur scar an dá ghrúpa ag pointe éigin idir 1,000 agus 2,000 bliain ó shin (ibid.).

Seachas an Lucht Siúil a aithint mar ghrúpa eitneach, ba é polasaí an rialtais é an Lucht Siúil a chomhtháthú sa phobal i gcoitinne. Léirigh Tuarascáil cheannródaíoch 1963 ar Choimisiún na dTaistealaithe seo. San óráid a thug sé uaidh don Choimisiún, dúirt an tAire Dlí a bhí ann ag an am, Charles Haughey, "there can be no final solution to the problems created by itinerants until they are absorbed into the general community" (Rialtas na hÉireann, 1963, lch. 111). Luadh go sonrach maidir leis na polasaithe a bhí dírithe ar an Lucht Siúil gur chóir dóibh "always have as their aim the eventual absorption of the itinerants into the general community" (ibid, lch. 106).

Tá go leor cáinte déanta ar an 'gclár socraithe' a tháinig chun cinn ó Thuarascáil 1963 ar Choimisiún na dTaistealaithe, agus ar an smaointeoireacht a bhí mar bhonn leis, mar gheall ar an teanga agus tuin chomhtháthaithe a úsáideadh ann agus mar gheall gur chuir sé chun cinn an smaoineamh go raibh an Lucht Siúil agus a gcultúr neamhghnách (Fanning, 2002) agus gur 'fochultúr' an bhochtanais a bhí ann. Bhain téarmaí tagartha na Tuarascála ó 1963 (lch.11) le hiniúchadh a dhéanamh "into the problem arising from the presence in the country of itinerants" agus "to promote their absorption" sa phobal i gcoitinne. Léirigh an tuarascáil cosúlachtaí láidre le polasaithe comhtháthaithe a úsáideadh i gcoinne pobail dhúchasach agus fánaíochta eile lena n-áirítear bundúchasaigh na hAstráile, Cheanada, agus codanna eile na hEorpa. Ní raibh an smaointeoireacht gur 'fochultúr' an bhochtanais a bhí i gceist leis an Lucht Siúil neamhghnách ag an am. I dTráchtas Máistreachta Neamhfhoilsithe le Patricia Mc Carthy (1972), a ndéantar tagairt dó go minic, dar teideal 'Itinerancy and Poverty – a Study in the Sub-Culture of Poverty', dúirt sí:

Thinking about Travellers as a 'sub-culture' of poverty was not uncommon at the time. In Patricia Mc Carthy's (1972) widely cited unpublished Masters' Thesis, titled 'Itinerancy and Poverty – a study in the Sub-culture of Poverty', she stated:

> **It is a basic assumption of this study that the Irish travellers are not gypsies and do not constitute a separate ethnic group with an entirely separate tradition and culture. Poverty is considered to be basic to itinerancy in this study.**
> (De réir mar a luaigh Ní Shúinéar, 1997, lch. 44).

Níos lú ná fiche bliain ina dhiaidh sin, lean Mc Carthy (1994, lch. 121) ar aghaidh chun a cuid tuairimí luaithe maidir le heitneacht an Lucht Siúil a bhréagnú agus dúirt sí go raibh an smaointeoireacht a bhí mar bhonn eolais lena tráchtas "faiseanta" ag an am:

> **The data for this study were collected by means of participant observation in a Travellers' site… The data are still valid today and the study is one of the few of Irish Travellers that was based on first-hand knowledge…However the major problem with the study was its theoretical framework. Titled 'Itinerancy and Poverty – a Study in the Sub-Culture of Poverty,' it was very much a product of thinking and concepts in sociology at the time. The concept of a culture or sub-culture of poverty was fashionable…the theory was never relevant to Irish Travellers…**

D'ainneoin na fianaise atá ann a léiríonn a mhalairt, tá leaganacha de stair an Lucht Siúil a bhfuil díbirtí coilíneacha mar chuid dóibh fós ina 'ngnáththuiscint' in Éirinn sa lá atá inniu ann (Hayes, 2006).

### 2.4.2 Miotais agus Teoiricí nach dtagann le chéile

I ndiaidh dóibh anailís a dhéanamh ar an píosaí beaga fianaise atá ann, mhaígh roinnt scoláirí go raibh Lucht Siúil na hÉireann ann san am réamh-Chríostaí (cf. MacNeill, 1937; McMahon, 1971; Gmelch agus Gmelch, 1976). Is spéisiúil a thabhairt faoi deara gurb ionann an focal Caintise 'Galyune', a chiallaíonn 'Dia' nó 'Tiarna', agus ainm Dia Págánaigh. Tuigfidh fiú daoine den Lucht Siúil nach bhfuil róchumasach sa Chaintis an focal 'Galyune'.

Deir scoláirí gur sliochtaigh iad an Lucht Siúil de threibh Cheilteach a d'fhan fán, agus, thar na céadta, agus gur tháinig bacaigh, feirmeoirí, oibrithe séasúracha, scoláirí manachúla, agus daoine eile a díláithríodh óna dtalamh mar gheall ar mhí-ádh de chineál éigin, ar nós na díbeartha nó an ghorta, gur tháinig daoine den chineál sin isteach sa treibh (Hayes, 2006). Cé go dtagann an teoiric seo leis an méid a thugann an staidéar géiniteach a rinne Gilbert et al. (2017), athneartaíonn sé ar bhealach an teoiric maidir le 'titim amach as an tsochaí' agus cuireann sé leis an insint a pléadh thuas maidir leis an Lucht Siúil ina 'ndaoine socraithe nár éirigh leo'.

Tá an iliomad teoiricí eile ann maidir le bunús an Lucht Siúil lena n-áirítear teoiric gur shliochtaigh ríoga Cheann Fine na gclann aoireachta eallach a bhíodh i mbun fánaíochta iad an Lucht Siúil (Gmelch agus Gmelch, 1976). Athchruthaíonn Gmelch agus Gmelch (1976) taifeadadh stairiúil ón gcúigiú haois AD, a úsáideann siad mar fhianaise gurbh ann do ghrúpaí taistealaithe in Éirinn ag an am sin. Déanann an fhoinse seo cur síos ar an Lucht Siúil ar an gcaoi seo:

> **Itinerant whitesmiths working in bronze, gold and silver [who] travelled the Irish countryside making personal ornaments, weapons and horse trappings in exchange for food and lodging.**
> **(ibid., lch. 227).**

Léiríonn North, Martin, agus Crawford (2000) amhras faoin nasc luath seo. Áitíonn siad gur cheart go mbeadh fianaise ann go bhfuil an Lucht Siúil éagsúil go géiniteach leis an bpobal socraithe in Éirinn más é seo an cás (ibid.). É sin ráite, tá a fhios againn anois ó staidéar géiniteach (Gilbert et al. 2017), go bhfuil an Lucht Siúil difriúil ó thaobh na géineolaíochta de leis an bpobal socraithe in Éirinn.

Áitítear i dteoiricí eile maidir le bunús an Lucht Siúil gur shliochtaigh iad de cheardaithe fánaíochta ón aimsir roimh na Ceiltigh agus/nó draoithe filí, nó uaisleacht dhíshealbhaithe na hÉireann ón Meánaois luath (Corkery, 1925 in Hayes, 2006). Tháinig an ceangal idir na Draoithe, na Baird, agus an Lucht Siúil chun cinn den chéad uair mar gheall go raibh cuid de na focail a d'úsáid na Baird agus na Draoithe cosúil le focail sa tSeiltis (ibid.). Thug Leland (1874 in Rieder, 2018), le fios go raibh focail a ndearnadh dearmad orthu fadó fadó i gceist le teanga na mbard (Bearl na filed), focail a raibh na próisis shainiúla chéanna i gceist leo agus a d'úsáid cainteoirí na Seiltise (féach **Cuid 4** i gcomhair plé níos mine ar an tSeiltis).

Ina theannta sin, is ionann sloinne coitianta an Lucht Siúil, Ward, agus Marc an Bhaird sa Ghaeilge. Le linn ré na meánaoise, bhí tagairtí ann anois is arís do 'fánaithe', 'fuaidirí', nó 'tincéirí' i roinnt cáipéisí staire agus litríochta ó Éirinn agus ó Shasana (Lanters, 2010). Tá taifid de Lucht Siúil na hÉireann i Sasana ann ón dara haois déag mar tagann an t-ainm 'Tynker' aníos sna taifeadtaí agus tagairt á déanamh dóibh siúd a raibh canúint agus grúpa sóisialta faoi leith i gceist leo (Hayes, 2002). De réir mar atá áitithe ag scoláirí, ní bheadh sé míréasúnta glacadh leis go bhfuil nasc idir tincéirí an dara haois déag agus Lucht Siúil na hÉireann sa lá atá inniu ann, ná ní bheadh sé míréasúnta teacht ar an gconclúid gur dócha go ndearnadh grúpa faoi leith den Lucht Siúil sa tréimhse chéanna agus a tháinig siad chun cinn sna taifid seo (Hayes, ibid.).

Sa bhliain 1551, ritheadh dlíthe amhail 'Acte for tynkers and pedlers' i gcoinne an Lucht Siúil. Ba é seo an chéad dlí a chuir cosc ar thrádáil fánaíochta in Éirinn (McCann, Ó Síocháin agus Ruane, 1994). Le linn an ochtú haois déag leanadh ar aghaidh ag baint úsáid as 'tynker' mar théarma ginearálta don Lucht Siúil, agus úsáideadh go saor é faoin naoú haois déag le cur síos a dhéanamh ar gach duine den Lucht Siúil, beag beann ar a slite beatha ná a ngníomhaíocht eacnamaíoch (Lanters, 2010). Ina theannta sin, maíonn Lanters (2010, lch. 24) gur baineadh úsáid as an téarma 'tinker' go difriúil roimh an ochtú haois déag agus gur mhinic a bhíodh sé "loosely applied to any metal worker".

In 'The Wonderfull Yeare' (1603) de chuid Thomas Dekker, luaitear an téarma 'tinker' freisin (Lanters, 2008). Beagnach 200 bliain ina dhiaidh sin, tharla sé go raibh Thompson (1789), príomhphearsa Albanach, i gcomhluadar 'tincéirí' ina scéal 'Mammuth; or Human Nature Displayed on a Grand Scale in a Tour with the Tinkers into the Inland Parts of Africa' (Thompson, 1789 in Lanters, 2008, lch. 22). Feictear tagairtí do Lucht Siúil na hÉireann i bhfad níos déanaí i litríocht na Gaeilge mar faoin gcoilíneachas bhíodh scríbhneoirí Gaeilge ag scríobh d'fhoilsitheoirí Béarla maidir le topaicí 'neamh-Éireannacha' (ibid. lch. 22). Luann an scríbhneoir Éireannach, Maria Edgeworth, Giofóga ina gearrscéal 'The Limerick Glove' in 1809 (ibid.). Is féidir teacht ar na chéad noda neamhlitríochta de 'thincéirí' i 'The Commission on the Condition of the Poorer Classes' in 1834 (Gmelch agus Gmelch, 1976).

## 2.5 An tEolas a Thugann Staidéir Ghéiniteacha Dúinn ar Stair an Lucht Siúil

Tá líon beag staidéar géiniteach ann ar an Lucht Siúil a bhaineann go príomha lena mbunús a rianú. Mar shampla, sa bhliain 2013, réitigh Relethford agus Crawford páipéar maidir le géineolaíocht Lucht Siúil na hÉireann. Bhí an páipéar bunaithe ar anailís a rinneadh ar shamplaí fola 119 duine den Lucht Siúil a bhailigh Crawford sa bhliain 1970. Is minic a dúradh gur hibrid iad Lucht Siúil na hÉireann idir Éireannaigh shocraithe agus giofóga Romanaíocha, mar gheall ar chosúlachtaí idir a stíl mhaireachtála chultúrtha agus fánaíochta (Gilbert et al. 2017). Fuair Relethford agus Crawford (2013) amach go léiríonn pointí sonraí géiniteacha gur de bhunú na hÉireann iad Lucht Siúil na hÉireann, i gcomparáid le teacht ó chúlra Romach, d'ainneoin roinnt cosúlachtaí cultúrtha a roinnt le pobail na Romach agus/nó Thuaisceart na hIndia. Spéisiúil go leor, ba é conclúid a staidéir, go raibh rud beag níos mó i gcoiteann go géiniteach ag pobal i gcoitinne na hÉireann le grúpaí éagsúla Romach ná mar a bhí ag Lucht Siúil na hÉireann (ibid.).

Sa bhliain 2017, rinne Coláiste Ríoga Máinlia na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus Ollscoil Dhún Éideann staidéar le chéile ar shamplaí fola 50 duine den Lucht Siúil, 143 duine Romach Eorpach, 2,232 Éireannach nach den Lucht Siúil iad, 2,039 Briotanach, agus 6,255 duine eile ón Eoraip agus ó áiteanna eile ar domhan (Gilbert et al. 2017). Ag breathnú ar chás an Lucht Siúil, déanann Gilbert et al. (2017) iarracht a dhéanamh dáta a chur leis an am a tharla an scaradh idir an Lucht Siúil agus na hÉireannaigh shocraithe. Cosúil le staidéar Relethford agus Crawford (2013), ba é tátal an staidéir ná gur de bhunús sinseartha na hÉireann iad an Lucht Siúil ach gur scar siad ó phobal neamhaistreach na hÉireann ar a laghad 360 bliain ó shin (ibid.). Dúirt siad freisin gur scar grúpaí éagsúla den Lucht Siúil ón bpobal socraithe ag pointí éagsúla sa stair agus luaigh siad go mb'fhéidir gur scar cuid acu ón bpobal socraithe roimh na 1600idí, chomh fada siar le 1200 bliain ó shin (ibid.). Mhaígh roinnt scoláirí go ndeachaigh daoine socraithe ar an mbóthar leis an Lucht Siúil le linn díbirtí coilíneacha agus an aimsir an ghorta (Gmelch agus Gmelch, 1976). B'fhéidir go léiríonn DNA an ghrúpa seo sin?

Cé gur thug Gilbert et al. (2017) faoi deara gur de bhunús na hÉireann formhór an Lucht Siúil a ghlac páirt ina staidéar, bhí sinsear measctha ag cuid acu. Mhínigh rannpháirtithe an taighde gur mar seo a bhí an scéal toisc go raibh sinsear giofóg agus/nó ó phobal socraithe na hÉireann acu (ibid.). Is eol do chách laistigh de phobal an Lucht Siúil gur tharla póstaí idir daoine den phobal agus daoine nach raibh den phobal i gcónaí, go pointí éagsúla, i measc teaghlaigh éagsúla den Lucht Siúil.

D'aithin Gilbert et al. (2017) ceithre chnuasach ghéiniteacha a bhí ag an Lucht Siúil amháin. Ba é a dtátal go léiríonn cnuasaigh ghéiniteacha atá ag an Lucht Siúil amháin go bhfuil fo-struchtúr éigin laistigh de phobal an Lucht Siúil, ach bhraith siad go mbeadh staidéar níos mó le déanamh ina dhiaidh an staidéir sin le léargas níos fearr a thabhairt ar an scéal. Spéisiúil go leor, fuair siad amach gur labhair cuid den Lucht Siúil a ndearna siad staidéar orthu an Chaintis agus gur labhair an chuid eile an Ghaimis (ibid.). Ní luaitear sa pháipéar an chaoi ar shocraigh na taighdeoirí gur Caintis nó Gaimis a bhí á labhairt. Bheadh sé spéisiúil eolas a fháil ar bhunús an toraidh seo.

Fuarthas amach i staidéar a rinne eolaithe (Shanahan, Ghosh agus O'Toole, 2021) go bhfuil micribhithóm putóige ag an Lucht Siúil atá an-éagsúil ar fad leis an micribhithóm putóige atá ag daoine nach den Lucht Siúil iad. Cabhraíonn an micribhithóm putóige, arb é an téarma comhchoiteann do bhaictéir, fungais, agus víris a chónaíonn i gcorp an duine agus ar chorp an duine, le smacht a choimeád ar an díleá agus bíonn tairbhe ann don chóras imdhíonachta agus gnéithe eile

sláinte mar thoradh air. D'ardaigh an staidéar seo imní go gcaillfeadh an Lucht Siúil an micribhithóm uathúil seo mar gheall ar athruithe ar a stíl mhaireachtála, athruithe a bhrúitear orthu go minic (Pollack, 2022). Thug an micribhithóm seo léargas níos mó dúinn ar stair an Lucht Siúil mar bíonn na micribhithóim seo le fáil i sochaithe neamhthionsclaithe ina gcónaíonn teaghlaigh mhóra le chéile i ngar d'ainmhithe (ibid.).

Mar sin, is ábhar díospóireachta i measc scoláirí go fóill é bunús an Lucht Siúil agus ní ghlactar go forleathan le haon mhíniú faoi leith. Is é an rud atá i bpáirt ag staidéir ghéiniteacha, is cosúil, ná an tuairim gur bhain an Lucht Siúil leis an ngrúpa ceannasach sular tharla an scaradh. Níor thug aon cheann de na staidéir aon léargas ceart ar an bhfáth ar tharla scaradh den chineál seo agus ní nós leo cuimhneamh go mb'fhéidir gurbh iad na hÉireannaigh shocraithe a scar ó phobal an Lucht Siúil ag pointe éigin. D'áiteodh géineolaithe gurb é cúram na staraithe léargais a chur ar fáil maidir lenar tharla i stair shóisialta na hÉireann a raibh an scaradh seo idir an dá ghrúpa mar thoradh air (Relethford agus Crawford, 2013). Is éard a thugann staidéir den chineál seo le fios dúinn ná go mbíodh an Lucht Siúil ann roimh aimsir an Ghorta (1845-1852) agus, mar sin; tá siad úsáideach sa chaoi is go gcuireann siad níos mó fianaise ar fáil chun an teoiric maidir le 'daoine a thit amach as an tsochaí' a pléadh i **gCuid 2.4.1** a bhréagnú.

# 3. Cultúr an Lucht Siúil

Go hiondúil is éard a bhíonn i gceist le cultúr na creidimh, gnásanna, agus luachanna grúpa, chomh maith lena meonta maidir le hobair agus teaghlach. Is gné shainiúil d'fhéiniúlacht an duine é an cultúr, agus cuireann sé leis an gcaoi a bhfeiceann siad iad féin agus leis na grúpaí lena mbraitheann siad muinteartha. Forbraíonn tuiscint an duine ar a fhéiniúlacht féin agus ar fhéiniúlachtaí daoine eile ó bhreith, agus múnlaíonn na luachanna agus meonta atá sa bhaile agus sa phobal thart timpeall ar an duine an tuiscint sin.

Agus muid ag déanamh plé ar chultúr, is minic a bhíonn an nós ann é a phlé ar nós gur rud seasta é nach n-athraíonn. Tá sé tábhachtach a lua go n-athraíonn cultúr agus go dtéann sé in oiriúint thar am, ag athrú ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile (Varnum agus Grossman, 2017). Pléann Brandi (2013) na contúirtí a bhaineann le díriú ar smaoineamh eisintiúlach maidir lena bhfuil i gceist le bheith i nduine den Lucht Siúil. Tugann sí rabhadh go bhfuil baol ann má dhéantar sin go bhfuil contúirt ann go ndéanfaí féiniúlacht náisiúnta d'fhéiniúlacht an Lucht Siúil. Luaigh Bauman (2004) an chaoi go bhféadfadh an nós seo aitheantais a cheangal le daoine srian a chur leis na bealaí inar féidir le duine a bheith.

Agus plé á dhéanamh ar chultúr an Lucht Siúil, tá sé tábhachtach a thuiscint go gcleachtann gach duine a chultúr go héagsúil, agus nach ndéanann sé níos mó ná níos lú de dhuine den Lucht Siúil duine mura bhfuil gnéithe faoi leith nó gné ar bith dá gcultúr á gcur i gcrích aige/aici. Saolaítear ina dhuine den Lucht Siúil é agus ní shocraíonn na rudaí a dhéanann nó nach ndéanann sé a fhéiniúlacht eitneach.

Ceistítear go minic stádas chultúr an Lucht Siúil mar gheall ar leibhéal na gcleachtas roinnte i gcultúr an Lucht Siúil agus cultúr Éireannach



socraithe nach den Lucht Siúil iad. Tá go leor de na rudaí céanna sa dá chultúr ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil ceann amháin níos dlisteanaí ná an ceann eile. Níl ann ach go gciallaíonn sé gur chomhair dhá chultúr taobh le taobh agus gur imir siad tionchar ar a chéile, rud a nasc an Lucht Siúil agus na hÉireannaigh socraithe.

## 3.1 Fánaíocht

Go stairiúil, ba é an difríocht chultúrtha ba mhór idir an Lucht Siúil agus an pobal socraithe ná an fhánaíocht (Donahue, McVeigh agus Ward, 2005). Sa Ghaeilge, tugtar 'an Lucht Siúil' orthu. Cé go dtugann an Lucht Siúil fánaithe orthu féin i gcomparáid leis an gcuid eile de shochaí na hÉireann, bhí an fhánaíocht i bhfad níos forleithne i stair mheánaoiseach agus luathaoiseach na hÉireann agus bhí foirmeacha éagsúla de ann i suíomhanna talmhaíochta agus uirbeacha (Bhreathnach, 2007). Ag é ag déanamh tagairt do Samuel (1973), deir Bhreathnach (2007, lch. 33) linn:

> **There were habitual wanderers who possessed no home base. Second, there were those who spent a large part of the year on country roads, but who kept 'regular winter quarters in the town'. Thirdly, some were 'fair weather' travellers, who travelled only in the summer, but stayed in one place for the remainder of the year. Finally, some travelled frequently on short trips to the country, never travelling far from their home base.**

Go traidisiúnta, thug an Lucht Siúil faoin fánaíocht ar feadh tréimhsí gearra nó fada ar mhaithe le cuspóirí eacnamaíocha (pléifear eacnamaíocht an Lucht Siúil go mion i **gCuid 3.5**) agus ar mhaith le cúiseanna pearsanta (cuairt a thabhairt ar mhuintir agus ar chairde). Go stairiúil, ba mhinic gur lean teaghlaigh den Lucht Siúil gnáthbhealaí imirce agus bhaineadh, agus baineann fós, sloinnte éagsúla le ceantair éagsúla.

Dar le duine den Lucht Siúil, Michael McDonagh (1994), is gné lárnach de chultúr an Lucht Siúil go fóill é an meon fánaíochta, fiú nuair nach dtugann siad faoin bhfánaíocht. Áitíonn McDonagh (1994, lch. 95):

> **When Travellers speak of travelling, we mean something different from what country people [settled people] usually understand by it... Country people travel to get from A to B but for Travellers, the physical fact of moving is just one aspect of a nomadic mind-set that permeates every aspect of our lives. Nomadism entails a way of looking at the world, a different way of perceiving things, a different attitude to accommodation, to work and to life in general.**

Ar an gcaoi chéanna, áitíonn an scoláire Romach, Liégeois (1994, lch. 79):

> **Whereas a sedentary person retains a sedentary mind-set even when travelling, gypsies and Travellers, even when not travelling remain nomadic. Even when they stop, they are still Travelling People.**

Cé go bhfuil cónaí ar líon suntasach (18.2%) daoine den Lucht Siúil i dtithe soghluaiste nó i gcarbháin go fóill (AITHS, 2010), níl formhór acu soghluaiste. Cé gur chuir Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) (1998) iallach ar Údaráis Áitiúla suíomhanna sealadacha (áiteanna stad dlíthiúla agus sealadacha) a chur ar fáil don Lucht Siúil, tá an easpa ghinearálta ó thaobh sholáthar na suíomhanna seo de i ndiaidh a chinntiú nach bhfuil aon bhealach ceart ag an Lucht Siúil tabhairt faoin bhfánaíocht. Sa bhliain 1995, mhol an tuairisc ar Thascfhórsa Phobal an Lucht Siúil go gcuirfí 1,000 aonad lóistín sealadach ar fáil chun an fhánaíocht a éascú. Níor cuireadh ar fáil ach 49 aonad ó shin. Tá na haonaid sin ar fad in úsáid mar lóistín sealadach nó éigeandála agus, mar sin; níl aon aonad sealadach ar fáil d'fhánaíocht an Lucht Siúil.

Mar thoradh ar na bearta déine i ndiaidh 2008 tháinig laghdú ar an maoiniú do lóistín don Lucht Siúil ó €40m in aghaidh na bliana go tuairim is €4m in aghaidh na bliana (Harvey, 2021). Ina theannta sin, ó 2008-2018, níor caitheadh 34% den mhaoiniú a cuireadh ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla (ibid.). Ní ghearrtar aon phionóis ar Údaráis Áitiúla nuair nach n-éiríonn leo a gcuid dualgas maidir le lóistín a chur ar fáil don Lucht Siúil a bhaint amach. Léirigh tuarascáil a rinne an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI), ní hamháin gur cheart smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar chomhairlí mar gheall ar theip ó thaobh an maoiniú atá ar fáil dóibh do lóistín an Lucht Siúil a tharraingt anuas, ach gur cheart freagracht as lóistín an Lucht Siúil a bhaint de na cúraimí atá orthu go hiomlán (Holland, 2022). In óráid a thug sé uaidh maidir leis an easpa dídine in Éirinn, bhí an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn cáinteach maidir le laigí lóistín an Lucht Siúil agus dúirt sé go raibh sé "mímhorálta, mícheart, agus mífhreagrach daoine a fhágáil ina gcónaí sna coinníollacha ina bhfuil cuid den Lucht Siúil ina gcónaí" (aistrithe go Gaeilge) (Fletcher, 2022).

Is mar thoradh ar dhul i gcoinne cónaitheoirí áitiúla a shíltear dul chun cinn mall a bheith i gceist le lóistín Lucht Siúil a chur ar fáil (Harvey, 2021). Ach, mar a luann Harvey (2021, lch 15):

> **Traveller organisations considered that institutional racism in the local authorities played an important part as well, combined with reluctance to fully use their planning powers.**

Leag an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta, agus Óige, Roderic O'Gorman, an easpa dul chun cinn ó thaobh freastal ar riachtanais lóistín an Lucht Siúil a bhaint amach ar an gciníochas institiúideach a d'fhulaing an Lucht Siúil (Hennessy, 2021).

Cuireann dlíthe, amhail Reachtaíochta Treaspáis (2001) agus na hAchtanna Tithe (Forálacha ilghnéitheacha) (1992, 2002) cosc ar an Lucht Siúil tabhairt faoin bhfánaíocht mar is cion coiriúil é treaspás a dhéanamh ar aon talún atá príobháideach nó faoi úinéireacht phoiblí faoin reachtaíocht (Donnelly-Drummond, 2014). Tá baol príosúnachta i gceist do dhaoine den Lucht Siúil a bhriseann an dlí seo agus d'fhéadfaí a mbaile (carbhán) a ghaibhniú (ibid.).

In go leor áiteanna, tá bolláin curtha in airde ag na hÚdaráis Áitiúla in áiteanna a mbíodh ina n-áiteanna stoptha don Lucht Siúil go traidisiúnta (Donahue, McVeigh agus Ward, 2005). Fuarthas 'polasaithe na mbollán' ar iasacht ón Ísiltír, áit a raibh an Rialtas i ndiaidh an polasaí a chur i bhfeidhm chun srian a chur leis an bhfánaíocht.

Is minic a tharlaíonn sé go gcuirtear iallach ar dhaoine den Lucht Siúil a dteastaíonn uathu a gceart cultúrtha bheith i mbun fánaíochta a chur i gcrích cónaí i gcoinníollacha faoi bhun caighdeáin ar láithreáin stad oifigiúla agus neamhoifigiúla. Mar shampla, fuarthas amach trí thaighde go bhfuil formhór na láithreán stad lonnaithe in aice le contúirtí comhshaoil amhail piolóin leictreachais agus dumpaí nó go bhfuil siad suite ar mhórbhóithre (Treadwell, Shine, Kane agus Coates, 2008).

Ní bhaineann an fhrithfhánaíocht le Lucht Siúil na hÉireann amháin. Is fadhb í an fhrithfhánaíocht timpeall an domhain agus áitíonn scoláirí go bhfuil fréamhacha aici sa choilíneachas agus sa chaipitleachas (Deleuze agus Guattari, 1998). D'áitigh Ellwood, mar shampla, (1995, de réir Donahue et al., 2005, lch 37 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe):

> **“The desire to control nomads politically and to incorporate them into national (i.e., non-nomadic) culture has always been strong. By their very nature nomads rub nation states up the wrong way. They don't fit neatly into national boundaries, and they tend to look and behave differently from majority populations. In post-colonial states run by bureaucrats wedded to the modernist vision of national progress, nomads are seen as distinctly 'unmodern' – an embarrassment, rather than productive members of society. Whether we're talking about small bands of nomadic hunters in the Amazon Basin, Inuit hunters in the Canadian Arctic or nomadic pastoralists in East Africa, there is strong pressure from governments everywhere to make nomads stay put. The reasons are varied, sometimes benevolent, usually patronizing. They need to be brought together for their own good, government officials claim – so they can be educated, taxed and given proper healthcare, electricity and roads.**

Síleadh agus síltear fós gur fadhb iad fánaithe mar ní thagann siad go néata le teorainneacha stáit agus creata inghlactha idé-eolaíochta. Bhí polasaithe le daoine fánaíochta a 'shocrú' agus a asamhlú go forleathan go stairiúil. Ar fud na hEorpa, caitheadh le fánaithe le drochmheas agus ba mhinic a caitheadh leo ar bhealach crua (Donahue et al. 2005). Fuair Éirinn le hoidhreacht polasaithe frithfhánaíochta (ibid., 2005, lch. 44) atá i bhfeidhm go fóill sa lá atá inniu ann. Mar a léiríonn Donahue et al. (2005), bhí The 1824 Vagrancy Act, a chuir cosc ar an bhfánaíocht faoin gcoilíneacht, i bhfeidhm go dtí 1988. Ba é an sainmhíniú a tugadh ar an Acht 1824:

> **“An Act for the Punishment of idle and disorderly Persons, and Rogues and Vagabond ... Persons committing certain offences shall be deemed rogues and vagabonds and may be imprisoned for three months”**
> **(de réir Donahue et al., 2015, lch 42 – Níl an buntéacs seo ar fáil i nGaeilge tráth a fhoilsithe).**

I ndiaidh 1988, d'áitigh MacLaughlin gur fhorbair Stát na hÉireann a gcleachtais frithfánaíochta féin (ibid.).

D'ainneoin na mbrúnna a bhí ann socrú, leanann cleachtas fánaíochta an Lucht Siúil ar aghaidh. Áitíonn Donahue et al. (2005, lch. 6) go bhfuil "assertion of the demise of Traveller nomadism is somewhat premature" agus "Traveller nomadism remains a defining feature of many Irish Traveller's lives" (ibid. p. 8).

### 3.1.1 Cineálacha Lóistín

Fadó, thaistil Lucht Siúil na hÉireann timpeall ar chairteacha cothroma agus shocraigh siad pubaill lúbacha mar áiteanna codlata agus maireachtála. Níos déanaí, mhair an dream a raibh na hacmhainní acu i vaigíní capaill. Le teacht an nua-chóirithe, d'aistrigh an Lucht Siúil isteach i 'leantóirí', mar a thugann siad orthu sa ghnáthchaint. Is carbhán agus/nó teacht soghluaiste é leantóir.

Ina dírbheathaisnéis, deir gníomhaí an Lucht Siúil, Nan Joyce (2000, lch. 4) linn go raibh na pubaill "were made from green covers with hazel branches for wattles" agus míníonn sí an chaoi "in the morning... [Travellers would] roll up the sides, and fold the bedding, [so that] fresh air would get in and the place would be cleaned up spotless".

Chónaigh daoine den Lucht Siúil a raibh sé d'acmhainn acu i vaigíní bairille capaill. Dhéanadh roinnt daoine den Lucht Siúil an vaigín a dhó nuair a d'éag duine ann ach ní fios cé chomh minic agus a tharlaíodh sé seo mar ní bhíodh an t-airgead ag cuid mhór den Lucht Siúil chun vaigín eile a fháil ina áit, agus mar sin, níor rogha é ceann a dhó. B'fhéidir gur dódh vaigíní má d'éag an duine a chónaigh ann de bharr tinneas a bhí tógálach. Ní chónaíonn ach beirt den Lucht Siúil, leannán aosta ó Chaiseal i dTiobraid Árainn i vaigín bairille ar bhonn buan in Éirinn sa lá atá inniu ann (Warde, 2022).

Cónaíonn Lucht Siúil na hÉireann i roinnt cineálacha lóistín anois, lena n-áirítear Láithreáin Stad Oifigiúla, Láithreáin Stad Neamhoifigiúla, Grúpscéimeanna Tithíochta, Tithíocht Údaráis Áitiúil, cóiríocht phríobháideach ar cíos agus ina réadmhaoin faoi úinéireacht phríobháideach féin. Chun lóistín feiliúnach a chur ar fáil, is gá do phleanálaithe gnéithe de chultúr an Lucht Siúil a chur san áireamh, gnéithe amhail an fhánaíocht, cleachtas oibre (mar shampla, bailiú dramh-mhiotail a bhfuil spás stórála san áit chónaithe ag teastáil chuige), agus teaghlach sínte ina gcónaí lena chéile (Harvey, 2021).

**Tábla 2:** Míniú ar na Cineálacha Lóistín

| | |
|---|---|
| Láithreán Stad Oifigiúil | Is áis a tógadh ar mhaithe le cuspóir faoi leith é seo a bhfuil rochtain ann ar sheirbhísí amhail leictreachas agus uisce, áit ar féidir leis an Lucht Siúil cónaí i gcarbháin. |
| Láithreán Stad Neamhoifigiúil | Seo áit a gcónaíonn an Lucht Siúil i gcarbhán, gan rochtain go minic ar bhunsheirbhísí amhail uisce agus leictreachas. |
| Grúpscéim Tithíochta | Seo grúpa beag tithe a tógadh chun lóistín a chur ar fáil don Lucht Siúil. Síltear go bhfuil siad feiliúnach ó thaobh an chultúir de mar cuirtear san áireamh gur fearr le baill ón dteaghlach céanna cónaí gar dá chéile. |

## 3.2 Struchtúr/Líonraí Teaghlach

Tá go leor sloinnte éagsúla ann atá coitianta i measc phobal an Lucht Siúil. Baineann sloinnte éagsúla le háiteanna éagsúla. Ag am amháin, bhíodh cónaí ar an Lucht Siúil i gceantair thuaithe den chuid is mó, ach, tá cónaí anois ar 78.6% den Lucht Siúil i gcathracha nó i mbailte, i gcomparáid le 62.4% den phobal i gcoitinne (CSO, 2017).

Na laethanta seo, is teaghlaigh núicléacha iad cuid mhór de theaghlaigh Éireannacha nach den Lucht Siúil iad, ach ag an am céanna tá struchtúr teaghlach phobal an Lucht Siúil bunaithe go fóill ar chóras an teaghlaigh shínte, a bhíodh níos coitianta in Éirinn sa stair. Tá córas an teaghlaigh shínte coitianta go fóill in go leor áiteanna ar domhan, cosúil leis an India, áit a bhfuil sé leis na céadta bliain. Cé gur gnách go mbíonn cónaí ar mháthair agus athair le chéile lena bpáistí i dteaghlaigh núicléacha, ní bhaineann teaghlaigh shínte leo sin amháin agus de ghnáth bíonn seantuismitheoirí agus muintir eile i gceist freisin. Go traidisiúnta, chónaíodh an Lucht Siúil gar dá muintir. Nuair a pósadh, ba ghnách gurbh í an iníon a bhog chun cónaí le muintir a fhir chéile.

## 3.3 Patrúin phósta

Is gnách leis an Lucht Siúil pósadh i bhfad níos luaithe ná a leithéidí socraithe, ach é sin ráite, tá cuid acu anois ag pósadh agus iad níos sine. De réir na bhfigiúirí daonáirimh is déanaí, bhí os cionn duine amháin den Lucht Siúil as gach triúr idir 15-29 bliana d'aois pósta i gcomparáid le duine as gach fiche duine sa phobal i gcoitinne (CSO, 2017). Léirigh figiúirí an daonáirimh go mbíonn 5.3 duine ar an meán i líon tí an Lucht Siúil i gcomparáid le 4.1 don phobal i gcoitinne (ibid.). Tá an-chuid rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúiseanna don mhíréir seo idir an Lucht Siúil agus daoine nach den Lucht Siúil iad.

Níl eolas againn ar an bhfáth a bpósann daoine den Lucht Siúil i bhfad níos óige ná a leithéidí Éireannacha 'socraithe'. Ar lámh amháin, b'fhéidir gur bhain sé le scannal a sheachaint, ach ar an lámh eile, b'fhéidir gurb é an chúis leis ná go raibh mná den Lucht Siúil ar an imeall go stairiúil, agus nach raibh na deiseanna céanna acu agus a bhí ag a leithéidí socraithe gairmeacha a bheith acu go dtí le déanaí. Is nós le daoine den Lucht Siúil an scoil a fhágáil luath agus de réir na Príomh-Oifige Staidrimh (2017), ní raibh cáilíocht tríú leibhéal ach ag 1%. Mar sin, bhí

conairí a saoil an-difriúil leo siúd de chuid a bpiaraí socraithe. I bhfad siar, agus ceal frithghiniúna, b'fhéidir gur bhealach a bhí ann a gcuid páistí a chosaint ó leanaí a bheith acu taobh amuigh den phósadh agus na hiarmhairtí a bhaineadh leis sin a fhulaingt.

Bíonn póstaí gaoil fola agus póstaí ionghamacha ar bun ag an Lucht Siúil. Is éard is pósadh gaoil fola ann ná pósadh idir beirt atá gaolta, mar chol seisir nó níos giorra. Baineann póstaí ionghamacha le póstaí idir daoine ón bpobal céanna.

Is gnás cultúrtha iad póstaí gaoil fola in go leor sochaithe timpeall an domhain. É sin ráite, is ábhar conspóide iad i roinnt tíortha san Iarthar mar gheall gur féidir le baoil atáirgthe ghéinitigh níos mó a bheith i gceist mar thoradh orthu. Mar shampla, sa Phacastáin agus sa tSúdáin, is póstaí gaoil fola iad 50% de na póstaí (Barrett, 2016). Cé go bhfuil póstaí gaoil fola níos coitianta den chuid is mó i dtíortha Moslamacha, déanann daoine i ngach creideamh iad (ibid.). Mar shampla, i gcultúr Hiondúch, is minic a shocraítear póstaí idir athair an fhir chéile fhéideartha agus iníonacha aintíní agus uncailí ar thaobh an athar. De réir Barrett (2016), tá breis agus 3,000 lánúin a bhfuil gaol fola eatarthu i bpobal an Lucht Siúil in Éirinn.

Bíodh agus nach rud neamhghnách atá i gceist le póstaí idir baill den Lucht Siúil agus daoine nach mbaineann leis an Lucht Siúil, ar nós gach duine daonna bíonn sé de nádúr ag baill den Lucht Siúil ceangail a dhéanamh le daoine atá cosúil leo féin agus b'fhearr leo a bheith i bhfochair daoine a bhraitheann siad go bhfuil cur amach acu orthu agus a mbraitheann siad sábháilte leo. Tagraíonn teoiric Mouw's (2006 de réir mar a luaitear in Keane, 2011) maidir leis an homaifileacht don chlaonadh a bhíonn ag an gcine daonna cnuasach ina ngrúpa nuair a bhíonn tréithe cosúla ag daoine aonair. Leagann Keane (2011, lch. 455) síos go "bhféadfadh grúpaí homaifileacha feidhmiú mar bheart féinchosanta trí bhuntáistí ar nós braistint suaimhnis, chompoird, tacaíochta, sábháilteachta agus slándála a chur ar fáil".

Sna cultúir is sine ar domhan, is gnás cultúrtha é an cleamhnas. Mar sin, ní haon ionadh gur gné de chultúr an Lucht Siúil é. Ní hionann cleamhnas agus póstaí éigeantas, áit nach mbíonn aon ionchur ag an mbean maidir leis an té a phósfaidh sí. Sa chleamhnas, tá sé de cheart an bhfear agus ag an mbean diúltú don duine a roghnaíonn a dtuismitheoirí agus a dteaghlaigh dóibh.

Toisc gur grúpa ilchineálach daoine aonair atá i bpobal an Lucht Siúil, agus toisc nach ann d'aon slí amháin nó d'aon slí cheart a bheith i do bhall den Lucht Siúil, caithfear a lua nach bpósann roinnt ball den Lucht Siúil ar aon chor. Is forbairt nua atá i gceist le póstaí aonghnéis i measc an Lucht Siúil chomh maith, rud a fhreagraíonn do na hathruithe i sochaí na hÉireann i gcoitinne, de bharr Reifreann Pósta, 2015, a cheadaigh póstaí aonghnéis. Bíonn síorfhorbairt ag teacht ar phobal an Lucht Siúil agus ar an méid a chreideann siad féin atá i gceist le bheith i do bhall den Lucht Siúil.

Ar nós formhór daoine, nuair a phósann baill den Lucht Siúil, bíonn siad ag súil a bheith pósta go deo. Cuireadh toirmeasc ar cholscaradh i mBunreacht na hÉireann, a glacadh sa bhliain 1937. Sa bhliain 1995, vótáil muintir na hÉireann chun deireadh a chur leis an toirmeasc agus sa bhliain 1996 glacadh an Reifreann maidir le Colscaradh a Rialáil sa dlí (Kenny, 2021). Sa fiche bliain ó bhí an reifreann ann, tá an colscaradh tar éis éirí go forleathan in Éirinn. Tá dearcadh ann i measc roinnt daoine go bhfanann baill den Lucht Siúil pósta dá saol, ach, ar nós daoine nach bhfuil mar bhaill den lucht siúil, bíonn baill den Lucht Siúil ag colscaradh agus ag pósadh in athuair chomh maith.

## 3.4 Geilleagar an Lucht Siúil

Go stairiúil, bhí formhór den Lucht Siúil in Éirinn féinfhostaithe i 'nGeilleagar an Lucht Siúil' agus mar sin bhí cúnamh ón stát de dhíth orthu ar feadh deicheanna de bhlianta (Kenny agus Binchy, 2009). Bíodh agus gur mhair Geilleagar an Lucht Siúil i gcaidreamh siombóiseach le geilleagar an phobail shocraithe tuaithe, ní raibh sé ag brath ar aon rud eile go heacnamaíoch (Cooney, 2009). Tagraíonn 'Geilleagar an Lucht Siúil' do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha traidisiúnta a dtéann baill den Lucht Siúil i ngleic leo, a bhíonn "lasmuigh den chuid is mó nó gníomhaíocht eacnamaíoch 'príomhshrutha' atá bunaithe ar mhodhanna táirgthe neamhaistreacha" (Donohue, McVeigh agus Ward, 2005, lch. 13).

Chuir Cooney (2009) in iúl go raibh Geilleagar an Lucht Siúil difriúil le geilleagar na ndaoine socraithe toisc gur bhraith sé ar fhánaíocht agus go raibh sé bunaithe ar neamhthuilleamaíocht agus ar sholúbthacht. Bhí ról ollmhór agus riachtanach ag mná agus páistí an Lucht Siúil i ngeilleagar an Lucht Siúil i gcónaí. D'fhéadfadh roinnt daoine argóint a dhéanamh gur cineáil mí-úsáide atá i gceist le páistí a chur chun oibre, ach ní bhreathnaíonn baill den lucht siúl ar rannpháirtíocht na bpáistí sa tslí seo. Seachas sin, bíonn luach acu ar ionchur a bpáistí agus breathnaíonn siad air mar ghné tábhachtach

agus iad ag cur an tslí maireachtála acu ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile agus beatha a shaothrú.

I measc cineálacha fostaíochta traidisiúnta bhí ceardaithe, gaibhne stáin, trádálaithe capall, siamsóirí (ceoltóirí, amhránaithe agus scéalaithe), oibrithe séasúracha agus trádálaithe ó dhoras go doras (a nglaotar 'hawking' air sa Cant) agus Tatty Hawkers (lucht pioctha prátaí). Tá cáil ar an Lucht Siúil dá n-iarrachtaí athchúrsála, lena n-áirítear bailiú dramh-mhiotail agus dó copair.

Is é atá i gceist le gaibhneacht stáin ná scil ar leith, a bhaineann le huirlisí a dhéanamh as stáin, a bhfuil máistreacht ag baill den Lucht Siúil uirthi. Is beag sádrála a theastaíonn don cheird agus déantar é go príomha trí úsáid a bhaint as inneonacha beaga agus casúir agus seamanna. Bhíodh traidisiún na gaibhneachta stáin á thabhairt ó athair dá mhac. Chuir gaibhne stáin seirbhís thar a bheith luachmhar ar fáil i saol feirmeoireachta na tuaithe, toisc go dtaistealaídís ó áit go háit ag socrú agus ag táirgeadh trealamh agus uirlisí feirme. Bhíodh an-éileamh ar an gceird, agus ba chuid de shaol tuaithe na hÉireann é ar feadh na gcéadta bliain. Nuair a tháinig plaistigh ar an bhfód agus iad ar fáil go forleathan ó na 1950idí ar aghaidh, tháinig meath tapa ar ghaibhneacht stáin (Gmelch agus Gmelch, 1976). Anois i láthair na huaire táthar ag impí ar shochaithe ar fud an domhain a dtomhaltas plaistigh a laghdú. Is suimiúil a thabhairt faoi deara an tslí ina raibh sean-nósanna na gaibhneachta stáin i bhfad níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht. Cuireadh gaibhneacht stáin san áireamh i gcéad fhardal náisiúnta um oidhreacht doláimhsithe na hÉireann. Tá bailiúchán beag coimeádaithe ar fáil i Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath agus i Músaem Saol na Tuaithe i mBéal Easa, Co. Mhaigh Eo. Faraor, níl ach líon beag gaibhne stáin ann anois.

Bhí trádáil agus trádáil mhargaidh ina ngníomhaíochtaí eacnamaíocha tábhachtach laistigh de Geilleagar an Lucht Siúil i gcónaí (McCarthy agus McCarthy, 1998). Go dtí deireadh na mílaoise bhí cúlra sa Lucht Siúil ag tuairim agus 20% de thrádálaithe margaidh in Éirinn (ibid.). Bhí drochthionchar ag an Acht Corr-Thrádála, 1995, a rinne forálacha le haghaidh rialáil corrthrádála, ar phobal an Lucht Siúil, go háirithe mná, a mbíodh ról ollmhór acu i dtrádáil mhargaidh. De réir McCarthy agus McCarthy (1998), ní raibh an Lucht Siúil eagraithe go leor nó ní raibh go leor acmhainní acu dul in iomaíocht leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm orthu.

In ainneoin athruithe sa tsochaí, tá cruthaithe ag roinnt mhaith ball den Lucht Siúil go bhfuil cumas iontu oiriúnú d'athruithe sa mhargadh. Tá roinnt gnólachtaí thar a bheith rathúil á reáchtáil ag baill den Lucht Siúil ar fud na tíre. Tá baill den Lucht Siúil bainteach le athchúrsáil tochtanna, athchóiriú tithe agus carranna a scrapáil. Tá siad ag glacadh róil sa gheilleagar ar tuarastal agus ag forbairt na scileanna a theastaíonn chun amhlaidh a dhéanamh.

### 3.4.1 Úinéireacht Capall

Is gnéithe an-tábhachtach iad trádáil capall agus úinéireacht capall de chultúr an Lucht Siúil (Pavee Point, 2018). Bhíodh capaill á gcoimeád ag an Lucht Siúil i gcónaí, agus leanann roinnt acu orthu ag coinneáil caidreamh speisialta agus spioradálta leo. Chuir rannpháirtithe de chuid an Lucht Siúil ó thaighde ar úinéireacht capaill in iúl gur cuid lárnach de chultúr an Lucht Siúil iad na capaill agus labhair siad faoin gceangal mothúchánach domhain a bhí acu le capaill (ibid.). Sa bhliain 2019, ag seoladh na tuarascála taighde, Traveller Horse Ownership, d'aontaigh an tAire Comhionannais a bhí ann ag an am, David Stanton, go raibh cultúr na gcapall i gcroílár phobal an Lucht Siúil. Déanann an Lucht Siúil agus ionadaithe ar son an Lucht Siúil an argóint go bhfuil coimeád capall tábhachtach do mheabhairshláinte agus d'fholláine an Lucht Siúil toisc gur cuid chomh lárnach dá bhféiniúlacht atá i gceist lena gcaidrimh le capaill. Tá úinéireacht capall fite fuaite le féiniúlacht an Lucht Siúil. Bíodh

agus go raibh riachtanas eacnamaíoch níos láidre i gceist le húinéireacht capall san am atá caite ná mar atá inniu, tá úinéireacht capall tábhachtach don Lucht Siúil fós. Is modh iad capaill do bhaill den Lucht Siúil ceangail a choinneáil eatarthu trí chapaill a cheansú, a phórú, a cheannach agus a dhíol agus trí labhairt lena chéile faoi chapaill. Is cuid ollmhór de stair agus de chultúr an Lucht Siúil iad Aontaí Capall sa RA (.i. Aonaigh Capall Appleby agus Betty Hensers) agus ar fud na hÉireann (.i. Aonaigh Capall Mhargadh na Feirme agus Bhéal Átha na Slua).

Breathnaítear ar úinéireacht capall mar shlí chun am a chaitheamh go tairbheach. Tugann an gnás agus an struchtúr a chuirtear ar fáil agus aire á thabhairt do chapaill gníomh teiripeach ar fáil do neart fear de chuid an Lucht Siúil agus téann sé chun tairbhe d'fholláine na ndaoine a bhfuil baint acu leis. Baineann neart daoine braistint bróid as a dhéanann maitheas dá bhféinmheas agus dá meabhairshláinte. Rud príobháideach a bhí i gceist le húinéireacht capaill sa Lucht Siúil go traidisiúnta, agus ba theaghlaigh a bhíodh ag plé leis i dteannta a céile, áit ar cuireadh scileanna ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Tá scileanna ag formhór úinéirí capall sa Lucht Siúil maidir le haire a thabhairt do chapaill agus cuireann siad ríthábhacht le folláine an chapaill (Pavee Point, 2018).

Coimeádann baill den Lucht Siúil capaill ar chúiseanna fóillíochta chomh maith. Is seanspórt é rásaíocht sulcaithe, rásaíocht capall le cairteanna dhá roth. Bíodh agus nach iad Lucht Siúil na hÉireann amháin a dhéanann é, is spórt é a dtéann roinnt de Lucht Siúil na hÉireann i ngleic leis anois agus arís. Féadfaidh sé a bheith costasach capaill a choimeád chuige seo agus teastaíonn ardleibhéal scile chun cúram a dhéanamh do chapaill agus chun dul i ngleic leis an rásaíocht. Is gnách go mbíonn baill den Lucht Siúil a choimeádann capaill ar an mbonn seo cruinnithe i gceantair amhail Corcaigh, Dún na nGall agus Tiobraid Árann. Is féidir an-iomaíocht a bheith i gceist leis an rásaíocht, agus bíonn ardmheas ar bhuaiteoirí. Is féidir leis na duaischistí a bheith cuíosach ard, agus baintear úsáid as an rásaíocht mar ghníomhaíocht tiomsaithe airgid ar chúiseanna carthanacha i roinnt áiteanna (Pavee Point, 2018).

Tarraingíonn rásaíocht sulcaithe drochaird ón bpobal toisc go ndéantar é ar bhóithre gnóthacha ina bhféadfadh timpiste tarlú dá bharr uaireanta. Mhol baill den Lucht Siúil agus gníomhairí ar son an Lucht Siúil go bhféadfaí áiteanna sábháilte a chur ar fáil do bhaill den Lucht Siúil chun dul i ngleic leis an spórt seo sa tslí céanna agus a chuirtear áiteanna sábháilte ar fáil do spóirt eile. D'fhéadfaí freastal níos fearr a dhéanamh ar rásaíocht sulcaithe, atá ina chineál rásaíochta capall, ach raonta rásaíochta sulcaithe nach bhfuil ar an mbóthar a chur ar fáil, a chinnteodh sábháilteacht na dtiománaithe agus leas na gcapall agus na ndaoine atá bainteach leis.

Faoi láthair tá cineál géarchéime ann maidir le húinéireacht capall sa Lucht Siúil in Éirinn. Bíodh agus gur tugadh isteach reachtaíocht chun úinéireacht capall a rialú, is beag aitheantas a tugadh do shuntas cultúrtha na gcapall don Lucht Siúil. Mar aon leis sin níor aithníodh iarmhairtí sláinte níos leithe nó iarmhairtí eile a bhaineann le creimeadh slí maireachtála traidisiúnta an Lucht Siúil ach an oiread. Tá sé tar éis a bheith deacair ar neart úinéirí capall sa Lucht Siúil cloí leis na riachtanais dhlíthiúla a bhaineann le húinéireacht capall ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear costais, easpa rochtana ar thalamh agus easpa eolais atá inrochtana agus oiriúnach go cultúrtha (Pavee Point, 2018).

## 3.5 Scéalaíocht

Trí scéalta, is féidir an am atá caite a chur in iúl. Ar nós neart pobail eile, tá oidhreacht scéalaíochta shaibhir ag Lucht Siúil na hÉireann. Bhí cuma difriúil ar scéalaithe i dtréimhsí difriúla sa stair. Is é Seanchaí an focal Gaeilge ar scéalaí agus ciallaíonn sé duine a bhfuil an 'seanchas' nó 'na seansmaointe' acu. Éiríonn leis an scéalaí seanluachanna, seaneolas agus traidisiúin stairiúla a scaipeadh trí scéalta. De réir mar a chur Maher (1972, lch. 68, de réir mar a luadh in Ó hAodha, 2009) in iúl:

> **. . . you must remember that storytelling is our only means of communication with the past... [our deeds...] we do remember them and pass them down faithfully by word of mouth.**

San am atá caite, nuair a théadh an Lucht Siúil ó áit go háit, chuirfeadh na scéalaithe a bhí ina measc foinse siamsaíochta ar fáil trí na scéalta a bhí bailithe acu i gcaitheamh a saol, ar nós seoda, a roinnt. Labhair Harding (2019) mar gheall ar an tslí ar fhoghlaim sé an scéalaíocht ó mhuintir na tuaithe agus ón Lucht Siúil tráth a mbíodh drogall ar dhaoine labhairt go hoscailte faoi chúrsaí pearsanta agus mothúchánacha. D'aithin sé go mbainfeadh daoine ciall agus bealaí eolas deacair a chur in iúl do dhaoine eile as an scéalaíocht.

Gineann leabhair a scríobh baill den Lucht Siúil, ar nós *The Road to God Knows Where* (1972) le Maher, Traveller (1985) le Nan Joyce agus *Parley-Poet and Chanter* (2004) le Pecker Dunne teannas cruthaitheach idir cló agus an chaint (Ó hAodha, 2009). Tá leabhair Maher agus Dunne araon breac le scéilíní, le hamhráin agus le piseoga tuaithe, a leagann béim ar an bhfeidhm oideachais a bhí ag an traidisiún béil laistigh de phobal an Lucht Siúil (ibid.). Cuireann siad an ardluach a chuir pobal an Lucht Siúil ar scileanna an scéalaí in iúl.

Trí scéalaithe ar nós Manor Donohue agus Thomas McCarthy, foghlaimíonn an Lucht Siúil neart faoin am atá caite go fóill. Ba trí Facebook a thosaigh Manor agus cur peann le pár chun taifead a dhéanamh dá oidhreacht shaibhir. Mar shampla, trí scéal amháin a postáladh ar leathanach Facebook le haghaidh baill den Lucht Siúil, cuireann Manor Donohue in iúl dúinn gur throid fir de chuid an Lucht Siúil, amhail athair Nan Joyce, John 'Jonty' Donohue, sa Chéad agus sa Dara Cogadh Domhanda. Insíonn Donohue dúinn faoin tslí ina raibh athair Nan ar fiannas san arm nuair a rugadh Nan sa bhliain 1919. Bheadh baill eile den Lucht Siúil tar éis a bheith ar fiannas san arm, ach is gnáth nach n-aithnítear iad sna leabhair staire. Mar sin féin, toisc go bhfuil scéal casta ag baint le hÉireannaigh a bhí ar fiannas in arm na Breataine i dtaca leis an tslí ina ndéantar taifead dóibh sna leabhair staire, ní fadhb é seo a bhaineann le Lucht Siúil na hÉireann amháin.

## 3.6 Ceol

Tá traidisiún saibhir ceoil ag Lucht Siúil na hÉireann. Mar a dúirt Thomas McCarthy (2019):

> **Singing in the Traveller community has always been strong... You'll find a great singer in every Travelling family. The only difference is that some of them will sing modern songs, and some of them will sing country songs. There's very few now who will sing the old songs.**

Ar nós formhór ceoltóirí, sheinn an Lucht Siúil ceol agus/nó chan siad amhráin ar roinnt cúiseanna éagsúla. Mar shampla, chuir an ceol foinse ioncaim ar fáil don Lucht Siúil de réir mar a bhog siad ó háit go háit. Bhí sé ina mhodh líonrú a dhéanamh agus teacht ar chineálacha fostaíochta eile chomh maith. Sheinn an Lucht Siúil ceol, agus tá siad fós ag seinm ceoil, ar mhaithe le siamsaíocht agus lena scíth a ligean. Tríd an gceol bhí an Lucht Siúil ábalta a n-oidhreacht chultúrtha a chur ar aghaidh laistigh de phobal an Lucht Siúil agus lasmuigh de leis na daoine a seinnidís ina dtithe agus a seinnidís ina dteannta ag 'seisiúin' i dtithe pobail.

### 3.6.1 Ionchuir de chuid an Lucht Siúil i gCeol Traidisiúnta na hÉireann.

In aimsir an choilíneachais, eisreachtaíodh ceoltóirí Éireannacha, go háirithe ceoltóirí fánacha ó thráth chomh luath leis an 15ú aois (O'Boyle, 1976 de réir mar a luadh in Tuohy agus Ó hAodha, 2008). Mar thoradh air sin bhí orthu dul i bhfolach (ibid.). Bhí drochthionchar ag na toirmisc seo ar thraidisiún ceoil an Lucht Siúil (Tuohy agus Ó hAodha, 2008). D'fhéadfaí argóint a dhéanamh gur chuir sé seo tús le leatrom ar amhránaithe agus ar lucht bailéad an Lucht Siúil, a mhair ar feadh na gcéadta bliain. I *The Irish Song Tradition*, O' Boyle (1976) (de réir mar a luaitear in Tuohy agus Ó hAodha, 2008, lch. 8) déanadh argóint go raibh an mhian deireadh a chur le fánaíocht mar bhunús leis na toirmisc seo:

> **Just at a time when music in Europe was feeling its way out of modes, Irish music was outlawed because of the part taken by harpers, pipers and poets in the last upsurge of Gaelic Ireland against the English…In 1603 a proclamation was issued by the Lord President of Munster for the extermination by martial law of: "all manner of bards, harpers etc." and within ten days of it Queen Elizabeth herself ordered Lord Barrymore: "to hang the harpers wherever found". All through the seventeenth century they were proscribed and banned, hunted and persecuted…Under Cromwell, in 1654, all harpers, pipers, and wandering musicians had to obtain letters from the magistrate of the district they hailed from before being allowed to travel through the country.**

D'easaontaigh Cathcart agus Sanger (2012) le cruinneas an athfhriotail seo i dtaca leis an méid a mheastar a dúirt an Bhanríon Eilís I.

Rinneadh an argóint go raibh an Lucht Siúil "were one of the principal agents through which the [Irish folk music] tradition developed to its present state" (Ní Laodhóg agus Collins, 1995, lch. 110). Thosaigh ceol traidisiúnta na hÉireann mar thraidisiún béil, a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin trí éisteacht, trí fhoghlaim ó chluas, agus gan na poirt a bheith á scríobh síos ar pár go foirmiúil. Go dtí an lá atá inniu ann, leanann ceoltóirí an Lucht Siúil leis an gcleachtas seo. Go dtí an lá atá inniu ann, is beag taighde a rinneadh ar na hionchuir ceoil a bhí ag baill de Lucht Siúil na hÉireann i gceol traidisiúnta na hÉireann. D'fhéadfadh go mbeadh baint ag an nganntanas taighde seo le roinnt fachtóirí lena n-áirítear méid beag phobal an Lucht Siúil agus deacrachtaí a bhí ann dul i ngleic leis an bpobal mar gheall ar an tslí mhaireachtála fánaíochta a bhíonn acu. Baineann fachtóirí eile le

bochtanas agus nár tugadh go leor acmhainní i dtreo taighde i réimsí ar nós an Lucht Siúil, ceol, agus na healaíona i gcoitinne. Bíodh agus nach bhfuil sé mar chuid de scóip na hacmhainne seo gach gné de chultúr ceoil agus amhránaíochta an Lucht Siúil a chur san áireamh, is tábhachtach léiriú a thabhairt ar ghnéithe de thraidisiún ceoil na hÉireann gur eol dúinn iad a bheith uathúil do phobal Lucht Siúil na hÉireann. Tá Taisce Cheol Dúchais Éireann (ITMA) ag tabhairt faoi thaighde sa réimse seo faoi láthair.

I bhfianaise an stádais atá acu mar 'choimhthígh' laistigh de shochaí na hÉireann, mheas neart daoine gur 'ceol Éireannach' a bhí i gceol agus amhránaíocht an Lucht Siúil (Tuohy agus Ó hAodha, 2008). Glacadh céimeanna chun iarracht a dhéanamh gnéithe de thraidisiúin cheoil an Lucht Siúil a athshlánú, trí shaothar daoine aonair, amhail, Thomas McCarthy, Patrick "Pecker" Dunne agus Johnny "Pops" Connors. Garmhac leis an bpíobaire John Doran is ea Johnny "Pops" Connors. Scríobh Johnny "Pops" Connors neart amhrán mar gheall ar a chuid eispéireas. Tá na línte "All the jobs in the world we have done, from making Pharaoh's coffins to building Birmingham" (de réir mar a luaitear in Carroll, 1975, lch. 31) in amhrán amháin dá leithéid, *Gum Sha Lack*. Is tábhachtach suntas a dhéanamh dó gur deacair a chruthú cad as ar tháinig neart seanamhrán toisc gur cuireadh ar aghaidh iad ó bhéal agus nach bhfuil aon taifid scríofa i go leor casanna.

Tá cáil ar an Lucht Siúil as bailéid a chanadh. Amhail an tslí inar úsáid daoine ón nGaeltacht an amhránaíocht mar mhodh chun a tharla 'dá muintir' a insint, is gné lárnach í stair bheathaisnéiseach an Lucht Siúil mar chine ina gcuid amhrán (Tuohy agus Ó hAodha, 2008).

Tá aitheantas tugtha ag ceoltóirí Éireannacha nach mbaineann leis an Lucht Siúil, ar nós Christy Moore agus Davy Spillane, don tionchar a bhí ag stór ceoil agus amhráin an Lucht Siúil orthu féin mar cheoltóirí (Tuohy agus Ó hAodha, 2008). Agus mar sin féin, i gcaitheamh an 20ú haois, ní dhearnadh ach taifead amháin in Éirinn d'amhránaíocht an Lucht Siúil in *Songs of the Irish Travellers: Traditional Ballads and Lyric Songs* (1967–75) le Tom Munnelly (ibid.).

Is cnuasach amhrán de chuid Lucht Siúil na hÉireann i Sasana ar dhlúthdhiosca dúbailte é *From Puck to Appleby* a rinneadh as taifid ar an láthair a rinne Jim Carroll agus Pat Mackenzie. Rinneadh na taifid idir 1973 agus 1985 agus is féidir teacht orthu ar shuíomh idirlín ITMA.

Dúirt an t-amhránaí, amhránaí bailéad, scéalaí agus buaiteoir Ghradam Ceoil (TG4 – amhránaí na bliana – 2019) de chuid an Lucht Siúil, Thomas McCarthy, gurbh é príomhghné a chuid amhránaíochta ná an scéal a bhain leis an amhrán a bheith ar eolas aige toisc nach bhfuil aon chiall le hamhrán gan a scéal (McCarthy, 2019). Tá trí thaifead eisithe ag McCarthy féin, Round Top Wagon (2010), Herself and Myself (2014) agus Jauling and the Green Tober (2017) leis an amhránaí Giofógach Viv Legg. Baineann seanamhráin an Lucht Siúil, a chanann McCarthy (2010) é féin, le díbirt, le cur an loch amach, le heisimirce, agus le cathanna agus laochra stairiúla na hÉireann. Tá roinnt amhrán aige le focail ó Chaintis/Gaimis Lucht Siúil na hÉireann chomh maith, mar atá ag amhránaí bailéad de chuid an Lucht Siúil, Jack Delaney. Tá amhráin eile, ar nós '*Down That Road*', '*The Old Knee Travelling Wagon*' agus '*The Rambling Man*', a chanann neart amhránaithe bailéad eile de chuid an Lucht Siúil, amhail deirfiúracha Keenan ó Chontae an Chláir, níos fréamhaithe i dtraidisiún agus in eispéiris an Lucht Siúil, agus sna tionchair a bhíonn ag comhshamhlú nó "socrú" ar shlí mhaireachtála an Lucht Siúil.

Agus é ag imeacht ó na foirmeacha traidisiúnta ar ghnáth do phobal an Lucht Siúil a chur i bhfeidhm ag an am sin, chuaigh Patrick Gerald Ward a bhfuil beag aithne air ach a bhfuil suntas ar leith ag baint leis, chuig an Iodáil sa 1900idí agus chuaigh sé faoi oiliúint mar theanór.

Tá an nasc idir taibhiú i dtéarmaí amhránaíochta, ceoil agus scéalaíochta (baill den Lucht Siúil ag canadh agus ag insint scéalta dóibh féin agus do bhaill den "phobal socraithe") fite go dlúth le braistint traidisiúin agus féiniúlachta uathúil agus neamhspleách Lucht Siúil na hÉireann. Is fíor seo i gcás amhráin 'pholaitiúla' lena n-áirítear 'The Last of the Travelling People' agus 'Wexford Town' atá bunaithe ar leithcheal agus réamhchlaonadh agus ar roinnt de na hidirghníomhaíochtaí idir pobal an

Lucht Siúil agus pobail shocraithe. San amhrán 'Wexford Town', mar shampla, tugann Pecker Dunne réamhchlaonadh in aghaidh a athar de bharr gur phós sé bean ón bpobal socraithe chun cuimhne:

> **My family lived in Wexford Town**
> **Stopped travelling and settled down.**
> **Though me father kept a horse and car,**
> **Oh, we lived within a town.**
> **Some people there misunderstood,**
> **Oh they did not know our ways,**
> **So with horse and car back on the road,**
> **I began my travelling days...**

## Fidléirí

Leag Mac Aoidh (1994) béim ar an ról lárnach a bhí ag fidléirí agus píobairí de chuid Lucht Siúil na hÉireann i nDún na nGall; mhaígh sé go raibh tionchar ollmhór acu ar athbheochan cheol traidisiúnta na hÉireann idir na 1970idí agus na 1990idí. Bhí stíl ceoil uathúil réigiúnach de chuid Dhún na nGall ag teaghlaigh amhail teaghlaigh Doherty, MacSweeney agus McConnell. Ghlac grúpaí chomh héagsúil le Clannad agus Altan an stíl seinnte seo chucu féin le déanaí. Sheinneadh fidléirí agus píobairí de chuid Lucht Siúil na hÉireann ag aontaí, ag imeachtaí tiomsaithe airgid, ag rincí 'Meitheal' le haghaidh fhéile an fhómhair, seisiúin i dtithe agus i dtithe tábhairne, agus ag cruinnithe sóisialta eile. Míníonn Mac Aoidh (1994, lch. 222) an méid seo a leanas:

> **...the Travelling fiddlers served to distribute elements of musical styles as well as repertoire between what were otherwise remote communities. In Donegal, with few exceptions these players belonged to a single extended family and where active, their impact was substantial.**

Mhínigh an fidléir ó Bhaile Átha Cliath, Tommie Potts, an tslí ina gcomhtháthaíodh nó ina gcuirfeadh ceoltóir amháin fonn ceoil nua in oiriúint dá stór de réir mar a d'fhoghlaim sé é nó a fuair sé "iasacht" de ó cheoltóir eile nó ó dhuine le stíl cheoil ar leith eile, bídís mar chuid den Lucht Siúil nó ná bíodh. Agus é ag tagairt do Potts, dúirt Mac Aoidh (1994, lch. 17):

> **He [Potts] felt that there was a cycle in the music. It started with the player hearing and becoming interested in a tune. The next step in the sequence was to learn it. Thereafter the fiddler would work hard on perfecting a setting for the tune. At this point, the piece was very stable for the musician and could possibly become stale and even boring through a routine approach…When the player was being lulled into disinterest with a tune he or she would, at some unexpected time, hear the same piece played by another player who, by simply altering a note or two completely transfixed the complexion of the tune and the fiddler's delight with it. This process was an ongoing, Tommie maintained, and he delighted in cautioning that whenever you think you know a tune and may becoming complacent with it, you risk being struck by this pleasurable, unending phenomenon. He described it as 'the hidden note.**

Chuir an Fiddler Dunne, athair Pecker Dunne a bhfuil cáil agus an-mheas air, an scil seo ar aghaidh chuig a mhac sa tslí céanna inar chuir a athair ar aghaidh chuige siúd é. Go deimhin, is ceoltóirí cumasacha iad muintir Dunne ar fad. I gclár de chuid an Late Late Show, a chuaigh ar an aer san 1980idí, a tiomsaíodh do Lucht Siúil na hÉireann, thaispeáin an Fiddler Dunne fidil a rinne sé fein don óstach, Gay Byrne. Déanann neart ball den Lucht Siúil a gcuid uirlisí féin. Lean an Fiddler Dunne ar aghaidh agus chuir sé siamsaíocht ar fáil don lucht féachana agus sheinn sé ceol ar an bhfidil a rinne sé féin agus le ceann a rinne duine eile.

Thum Niamh Dunne, fidléir sa bhanna ceoil is fearr le Ed Sheeran, Beoga, isteach i stair shaibhir a teaghlaigh i gclár de chuid Folk Season ar RTÉ Raidió 1. Road Less Travelled a bhí mar theideal ar an gclár agus phléigh Niamh an stíl cheoil uathúil a bhí ag muintir Dunne agus thug sí léargas ar an tslí ina raibh tionchar ag baill den Lucht Siúil ó réigiúin eile ar an stíl seo le himeacht ama. B'iontas a chloisteáil sa chlár faisnéise go mbíonn deirfiúracha Dunne ag streachailt le saincheisteanna féiniúlachta agus go gceistíonn siad a n-eitneachas féin, ach bíonn neart baill den Lucht Siúil ag streachailt le saincheisteanna féiniúlachta dá leithéid, mar sin ní haon iontas a bhí ann i bhfírinne.

## Píb Uilleann

Ag tús mhí na Nollag 2017, ag a dtionól ginearálta sa Chóiré Theas, d'inscríobh Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA) an phíb uilleann ina Liosta Ionadaíoch d'Oidhreacht Chultúrtha Neamhláimhsithe an Chine Daonna. Is í an phíb uilleann, a forbraíodh in Éirinn i gcaitheamh roinnt céadta bliain, an phíb mhála is sofaisticiúla ar domhan ó thaobh an cheoil de.

Tá aitheantas faighte ag an Lucht Siúil as an stíl uathúil a bhíonn acu agus an phíb á seinm. Chuir leabhar Tuohy agus Ó hAodha (2008) *Postcolonial Artist: Johnny Doran and Irish Traveller Tradition* léargas sonrach ar fáil maidir leis an stíl uathúil a bhaineann le píobaireacht uilleann an Lucht Siúil. Díríonn an leabhar seo ar stair, ar chúlra, ar thraidisiúin cheoil agus ar theicnící mhuintir Doran agus Cash agus ar theaghlaigh shínte eile de chuid an Lucht Siúil a luaitear leis an stíl píb uilleann thraidisiúnta a chuimsítear i stíl agus i stór traidisiúnta Johnny Doran (1908–1950).

B'fhir amháin a bhíodh ag gabháil don phíb uilleann den chuid is mó. Sheinneadh na fir an ceol fad a bhíodh sé de nós ag na mná a bheith ina n-amhránaithe agus na hamhráin a chanadh. Ceann de na cúiseanna leis seo ná na constaicí sóisialta cumhachtacha a bhain leis na deighiltí fadbhunaithe idir an dá inscne i gcultúir níos traidisiúnta agus réamhuirbeacha. Go dtí le déanaí, lean an cás mar seo ar fud réimse fairsing cultúr san Áise, san Eoraip, agus sa Domhan Arabach agus i measc grúpaí gaolmhara a bhí fánach go traidisiúnta amhail na Romaigh (Ó hAodha, 2006).

Ar nós neart píobairí uilleann, bhí stíl seinnte píb Johnny Doran fíoruathúil ach tharraing sé ó stíl seinnte níos leithne a mhuintire. Aistríodh an stíl phíobaireachta ar leith seo i slí neamhfhoirmiúil trí mheán traidisiún béil dea-fhorbartha trí neart glúnta den teaghlach mór sínte céanna. Chuimsíodh an stíl teaghlaigh seo tionchair a raibh tionchar acu ar cheoltóirí eile ó theaghlach sínte Doran, ceoltóirí eile (idir Lucht Siúil agus dreamanna eile) agus stíleanna ceoil réigiúnacha fiú. Bhí ceangal ar leith ag muintir Doran le contaetha Chill Mhantáin agus Loch Garman i gcónaí.

Bhí cáil ar John Cash, a rugadh sa bhliain 1832, dá chuid ceoil ar an bpíb uilleann. Bhí cáil ar Jack Cash, mac John Cash, as an gcumas a bhí aige aon phort a sheinm gan ach duilleog eidhneáin a úsáid. Dhéanadh an Lucht Siúil píobaí uilleann den chéad scoth chomh maith. Seirbhís thábhachtach eile a chuir an Lucht Siúil ar fáil ná deisiú uirlisí. Bhraith ceoltóirí socraithe, ar minic iad a bheith scoite i mbailte beaga, ar theacht an Lucht Siúil chun amhráin, teicnící agus stíleanna nua a thabhairt chucu. Tá an Lucht Siúil tar éis a bheith ag cur a gcuid saineolais ceoil agus a gcuid port ar aghaidh le blianta agus iad ag taisteal ó bhaile go baile.

Tá siad tar éis a bheith ina n-iompróirí agus ina gcoimeádaithe cultúir (Crowley, 1994). Agus iad ag fiosrú na sé ghlúin ceoil i dteaghlach sínte Doran/Cash (chomh fada leis an ré reatha), leag Tuohy agus Ó hAodha (2004), béim ar an tslí inar cuireadh an traidisiún píobaireachta uilleann ar aghaidh laistigh den teaghlach ó athair go dtí mac, le béim láidir ar thaibhiú poiblí ionas go bhféadfaí slí bheatha a shaothrú, trí bheith ag seinm ceoil agus trí sin amháin. Chomh maith le bheith ag cur ardáin ar fáil le haghaidh 'taibhseacht' na seinnteoirí níos cumasaí, bhí sé mar fheidhm ag an seisiún a bheith ina spreagadh le haghaidh baill teaghlaigh níos óige – ionas go bhféadfaidís páirt a ghlacadh i slí ionchuimsitheach a bhí thar a bheith nádúrtha.

Cuireadh an traidisiún ceoil ar aghaidh trí éisteacht agus trí aithris a dhéanamh ar cheoltóirí cumasacha eile, gan aon teagasc in aon cheacht nó suíomh foirmiúil. De réir mar a deir Rice (1994, lch. 65) "foghlaimítear an ceol, ní mhúintear é". Sealbhaíodh an ceol trí phróiseas osmóise. Leag (1994) béim ar choincheap a dtugtar "noodling" air i mBéarla, a bhaineann le hoibriú agus athoibriú móitífeanna ceoil ar leith chun máistreacht a fháil ar chastacht an fhoinn agus na hornáidíochta. Thug an ceoltóir a bhíodh i mbun foghlama faoi na seisiúin cleachtaidh seo in áit a bhí glan amach ón bpobal – agus é ag faire na gcaorach, cuir i gcás – agus go minic agus iad ag éisteacht le ceoltóir níos sine nó níos cumasaí.

Ní mhúineann Paddy Keenan, an píobaire uilleann comhaimseartha a bhfuil cáil air, na píoba sa 'ghnáthshlí'. Seachas port a bhriseadh síos ina fhrásaí ábhartha, mar shampla, seinneann sé an port arís agus arís fad a bhíonn an scoláire ag éisteacht lena bhfuil á dhéanamh aige. Is féidir an fhoirm seo do chur ar aghaidh ceoil a fheiceáil ag Deireadh Seachtaine Johnny Doran (oilithreacht bhliantúil, Aifreann Cuimhneacháin, agus tionóil ceoil i gcontae Chill Mhantáin) áit ar féidir breathnú ar thuismitheoirí atá ag plé le seisiún ceoil, ag spreagadh a bpáistí iarracht a dhéanamh port nach bhfuil ar eolas acu a sheinm leis na ceoltóirí eile ionas gur féidir leo na poirt a fhoghlaim de réir mar a théann siad ar aghaidh.

## Amhránaithe Bailéad de chuid an Lucht Siúil

Ba sheinnteoir bainseó agus amhránaí bailéad de chuid an Lucht Siúil í Margaret Barry, a raibh ról ceannródaíoch aici i steiréitíopaí nó catagóir inscne a bhain le róil traidisiúnta i gceol an Lucht Siúil a bhriseadh síos. Bhí ionchur ollmhór ag Margaret, a raibh cáil agus an-mheas uirthi, i gcultúr ceoil agus amhránaíochta an Lucht Siúil agus an 'phobail shocraithe' araon. Agus í geall le gnáthchuid de chluichí peile, margaí agus aontaí in Éirinn, thaistealaíodh sí ar rothar go minic agus ba ghnáthrud í a fheiceáil i neart bailte agus sráidbhailte, agus a bainseó teanóir ar a droim aici.

Bhí Margaret lárnach i dtaobh cáil a bhaint amach le haghaidh amhránaíocht traidisiúnta an Lucht Siúil agus i ngnéithe de cheol an Lucht Siúil a chomhtháthú le raon traidisiúin éagsúla eile, go háirithe i gcaitheamh an '*ballad boom*' a tosaíodh i measc ceoltóirí de chuid an Lucht Siúil agus ceoltóirí nár bhain leis an Lucht Siúil a bhí lonnaithe i Londain i gcaitheamh na 1960idí luatha. Agus í ina heiseamláir don chur chuige seo, bhí guth sainiúil cumhachtach Margaret lonnaithe i bhfuaim an aonaigh, an imeachta rásaíochta, nó an tslua peile. Agus í ag tosú amach mar amhránaí sráide nó mar bhuscálaí, b'annamh a bhí teip ar Margaret aird a mhealladh agus sheinneadh sí tionlacan di féin ar an mbainseó de ghnáth agus í ag canadh.

Rugadh Margaret sa bhliain 1917, agus ba as teaghlach ceoltóirí cumasacha de chuid an Lucht Siúil í. Taibhithe nó lucht bailéad sráide cumasacha ab iad a tuismitheoirí. Ba phíobaire uilleann cumasach é a seanathair Bob Thompson, a bhuaigh an phríomhdhuais ag an bhFeis Ceoil a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1897 agus i mBéal Feirste an bhliain dár gcionn. Bhuail an bailitheoir amhrán iomráiteach, Peter Kennedy, le Margaret den chéad uair sa bhliain 1952 i gCrios Mhic Lionnáin, Contae Ard Mhacha, áit a raibh cónaí uirthi ann i gcarbhán i sráidbhaile an Chreagáin Bháin. Chuala sé faoi Margaret den chéad uair ó Alan Lomax, a chuala í ag canadh an amhráin Goodnight Irene ag aonach Dhún Dealgan sa bhliain 1951. Rinne Kennedy taifeadadh ar Margaret sa bhliain 1952.

Go luath sna 1950idí, bhog Margaret chuig Baile Camden, Londain, áit a ndeachaigh sí i mbun ceoil leis an bhfidléir Michael Gorman ó Chontae Shligigh. Tháinig iomrá ar an mbeirt mar chuid de shaol ceoil beoga imircigh Londain-Éireannach, domhan a raibh ainmneacha clúiteacha amhail Máirtín Byrnes, Jim Power, Tommy McCarthy, Willie Clancy, Seamus Ennis agus neart eile mar chuid de.

Thug Ewan McColl cuireadh do Margaret, Michael Gorman agus Willie Clancy chuig a theach i Londain sa bhliain 1955, áit ar thaifead siad dhá fhadcheirnín, *Songs of an Irish Tinker Lady* agus *Irish Jigs, Reels and Hornpipes*. I gcaitheamh na 1960idí, d'fhill Margaret ar Éirinn lena hiníon. Chuir siad fúthu i mBaile Labhráis, Contae an Dúin. B'annaimhe a bhíodh sí i mbun taibhithe ó na 1970idí déanacha ar aghaidh agus fuair sí bás sa bhliain 1990.

### Ceoltóirí Comhaimseartha de chuid an Lucht Siúil

Níor éag traidisiún an cheoil laistigh de phobal an Lucht Siúil riamh. Beidh aithne ag neart daoine ar an mbanna clúiteach The Furey Brothers (Finbar, Eddie, Paul agus George) agus Davy Arthur, a raibh an-rath orthu in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Banna Éireannach is ea iad a bhfuil daoine an-cheanúil orthu agus tá siad tar éis a bheith ar an teilifís náisiúnta roinnt babhtaí i gcaitheamh na mblianta. I measc na n-amhrán is iomráití dá gcuid tá Sweet Sixteen agus Red Rose Café. Tá Finbar Furey tar éis taibhiú in éineacht ealaíontóirí cáiliúla Éireannacha eile, lena n-áirítear Christy Dignam, príomhamhránaí Aslan.

Beidh cuimhne ag roinnt daoine ar Chris Doran a bhuaigh 'You're a Star' sa bhliain 2004 agus a chuaigh ar aghaidh chun a bheith mar ionadaí na hÉireann ag Comórtas Amhráin na hEoraifíse sa bhliain 2004. Bhain Shayne Warde cáil amach mar bhuaiteoir an dara sraith den chlár X Factor sa Ríocht Aontaithe. D'éirigh le Sharon Ward na moltóirí agus an slua a mhealladh sa chlár Ireland's Got Talent sa bhliain 2019. Tá Steo Wall agus muintir Keenan ón gClár i measc ealaíontóirí clúiteacha eile de chuid an Lucht Siúil. Thug an fuirseoir agus iriseoir Martin 'Beanz' Warde, ómós do neart de na daoine seo in alt a foilsíodh san Irish Times sa bhliain 2021.

### Taibhithe

An t-aon dírbheathaisnéis a scríobh ceoltóir de chuid Lucht Siúil na hÉireann (go dtí seo) ná *Parley-Poet and Chanter* (Dunne, 2004), a scríobh Pecker Dunne, ceoltóir agus amhránaí mór le rá ó phobal an Lucht Siúil a sheinn le grúpaí ar raibh an-cháil orthu ar nós *The Dubliners*. Bhí Pecker mar chuid de ghrúpa ar leith laistigh de phobal an Lucht Siúil ar tugadh Lucht Siúil/Lucht Fhaiche an Aonaigh nó Taibhithe orthu. Is grúpa fadbhunaithe laistigh de Lucht Siúil na hÉireann, na Breataine, agus de phobail Lucht Siúil Eorpacha eile iad na Taibhithe agus Lucht Siúil Fhaiche an Aonaigh. Sa Fhrainc glaoitear 'Les Forains' ar an ngrúpa (Ó hAodha, 2008). Is beag tagairt a dhéantar do na healaíontóirí agus taibhithe siúil seo agus luaitear anois agus arís iad i leabhair a dhéanann cur síos ar stair aonaigh, margaí, sorcais, agus faichí aonaigh na hÉireann (ibid.). Is cuid den Lucht Siúil iad a bhí i gcónaí ag obair mar fhuirseoirí ag faichí aonaigh agus sna carnabhail agus a bhíodh ag triall ar fhéilte pátrún, oilithreachtaí, cruinnithe buaint an fhómhair nó 'meitheal', bainiseacha agus cruinnithe spóirt na hÉireann (ibid.).

Taibheoir cáiliúil ab ea Tumbler Barrett, a raibh cáil air dá scileanna acrabatacha, i réigiún Mhaigh Eo. Bíodh agus nach dtagraítear dá eitneachas sna cartlanna, b'fhear de chuid an Lucht Siúil é. Mar atá le feiceáil ón gcuntas seo a thug páiste, ba léir go mbíodh an-sceitimíní ar dhaoine nuair a thagadh Tumbler ar an mbaile. Shaothraigh páistí Tumbler a mbeatha ag na haontaí chomh maith. Bíodh agus gur fuirseoirí a bhí i roinnt acu, thaistil formhór acu ó áit go háit le carnabhail bheaga (chair-o-plane, báid luascacha etc.) agus seastáin mhargaidh.

## 3.7 Ealaín

Féadfaidh tuiscint níos fearr ar an domhain ina bhfuilimid ag maireachtáil a bheith mar thoradh ar léirthuiscint ar an ealaín i bhfoirmeacha éagsúla. Bhí baint ag an Lucht Siúil leis na healaíona riamh agus tá láithreacht acu sna réimsí seo go fóill. Fiosrófar ionchur bhaill den Lucht Siúil sna healaíona sa chuid seo.

## 3.7.1 Lucht Siúil na hÉireann – Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

Léiríonn ceirdeanna traidisiúnta phobal an Lucht Siúil foirmeacha Ealaíne, Ceardaíochta agus Dearaidh éagsúla. Chruthaigh glúnta den Lucht Siúil a chuaigh romhainn réada a raibh foirm agus feidhm ar leith leo.

Gnáthearraí ar nós ábhair stáin nó soithí a d'úsáidtí sa mbaile ab ea roinnt dóibh. Bhí rudaí eile mar mhaisiúcháin nó cuimhneacháin ar dhuine nó ar áit ar tugadh cuairt air. Bhí tuilleadh ann ar mhaithe le slí bheatha mheasartha a bhaint amach. Is féidir breathnú ar na réada seo ar fad mar fhoirmeacha traidisiúnta ealaíne anois.

Mhair roinnt de na píosaí seo agus tá siad ag teaghlaigh mar sheandachtaí, a chuireann léargas ar fáil ar shlí mhaireachtála, atá caillte anois ach nach bhfuil dearmadta. Ligeann na píosaí seo dúinn tuiscint a fháil ar an tslí inar mhair pobail an Lucht Siúil tráth dá raibh ar theorainneacha agus ar imill neart bailte agus cathracha in Éirinn. Léiríonn siad saol simplí, saol na bhfánaithe agus na ndaoine saora mar aon le saol an ealaíontóra, na mbéithe, na gceardaithe agus na nuálaithe, na ndeisitheoirí, na socraitheoirí, agus na n-athchúrsálaithe a raibh luach níos mó againn orthu san am atá caite.

### Gaibhneacht Stáin

Bhí traidisiún gaibhneachta stáin (féach **cuid 3.5** chun teacht ar thuilleadh eolais) i measc neart teaghlach de chuid an Lucht Siúil in Éirinn. Cuireadh an scil agus an cheird ar aghaidh ó athair chuig mac ar feadh na nglúnta. Ba chuid thábhachtach de shaol na hÉireann é an gabha stáin sular ghlac olltáirgeadh an phlaistigh a áit, a chiallaigh nach raibh gá lena dtáirgí inbhuanaithe a bhí neamhdhochrach don timpeallacht a thuilleadh.

Dhéanadh an gabha stáin nó 'tincéir' gnáthshoithí ar nós 'Ponger' agus 'Pandy' a dtugtar potaí, pannaí, crúiscíní agus cupáin orthu chomh maith. Gan mórán sádrála á dhéanamh, lúbadh gach píosa ó leatháin bhunúsacha stáin, ansin rolladh iad ina gcruthanna trí úsáid a bhaint as casúir sula gcuirtí seamanna iontu agus a gcruth a dhaingniú. Bhíodh píosaí dá leithéid marthanach agus breisíodh roinnt de na rudaí seo le maisiúcháin. Baineadh úsáid as modh repoussé chun miotail a mhaisiú uaireanta, modh ina n-ardaítear cuid den dearadh i rilíf ó chúl nó ó thaobh istigh an phíosa trí úsáid a bhaint as casúir agus pollairí. Is féidir géire agus sonraí a chur leis ansin ón taobh tosaigh trí chnagmhaisiú nó greanadh.

Faraor, is beag Gabha Stáin de chuid an Lucht Siúil atá fágtha in Éirinn sa lá atá inniu ann agus baineann an traidisiún a bhí ann an scil a chur ar aghaidh leis an am atá caite toisc nach infheistíocht chiallmhar é an cheird dar leis na glúnta níos óige.

Mar sin féin, le blianta beaga anuas tá neart daoine sa phobal ag iarraidh an cheird a athbheochan i measc na nglúnta níos óige. Sa bhliain 2019, inscríobhadh gaibhneacht stáin an Lucht Siúil ar Liosta Oidhreacht Chultúrtha Neamhláimhsithe na hÉireann.

Beirt ghaibhne stáin ó Bhaile Átha Cliath a bhfuil clú orthu is iad Tom McDonnell agus James Collins. Déanann siad neart chun an cheird a choimeád beo agus is féidir teacht orthu ag aontaí amhail na Craobhacha Treabhdóireachta agus Féile Willie Clancy agus iad ag léiriú a gcuid scileanna agus a gcuid earraí á ndíol acu. Bhí an gabha stáin Ted Maughan ó Mhaigh Eo dílis don cheird go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 2021 agus ar nós a chuid comhghleacaithe sa ghaibhneacht stáin, rinne sé gach a bhféadfadh sé chun an cheird a choimeád beo.

B'earraí riachtanacha iad na laindéir stáin i dtithe daoine agus dhíoltaí iad chun greim a choimeád ar choinnle sula raibh leictreachas ag daoine. Chosnódh an laindéar an choinneal ionas nach séideadh an ghaoth amach í agus í á hiompar. Ba tháirgí iad a raibh áilleacht agus ceardaíocht ar leith ag baint leo. Dhéantaí na laindéir as stán ar ardchaighdeán de ghnáth, nuair a bhíodh sé ar fáil, agus mhaisítí iad trí phoill agus gearrthacha a bhrú iontu ó thaobh istigh den laindéar chun dearadh a dhéanamh. Deir an Lucht Siúil go mbíodh a dhearadh uathúil féin ag gach gabha stáin, rud a chiallaíonn gur féidir a gcuid oibre a aithint.

## Bláthanna Páipéir

Go traidisiúnta rachadh mná de chuid an Lucht Siúil ó dhoras go doras ag babhtáil le haghaidh bia agus éadaí. Mhalartaídís nó dhíolaidís giuirléidí nó dhéanaidís jabanna timpeall an tí le haghaidh earraí riachtanacha. Ba mhinic a bhíodh a gciseáin lán de mheascán coiníní, giorriacha nó iasc a bhíodh na fir tar éis a sheilg nó a bhreith. Bhídís ag díol earraí beaga stáin a rinne na gaibhne stáin óna gcampaí chomh maith.

Mar sin féin, is é ag a gcuid bláthanna páipéir a bhíodh ar taispeáint thar aon ní eile i gciseán mná de chuid an Lucht Siúil. Bhíodh fir agus mná de chuid an Lucht Siúil ag déanamh na mbláthanna trí úsáid a bhaint as páipéar a d'aimsigh siad nó a cheannaigh siad go saor. Ach úsáid a bhaint as teicníc shimplí chun gach bláth a dhéanamh, phiocaidís géaga ó chrainn a bhíodh timpeall orthu agus cheanglaídís bláth páipéir leis an ngéag a mbíodh roinnt duilleog fós air chun gas a chruthú don bhláth. Agus iad ag díol bláthanna páipéir tráth nach raibh bláthanna sa ghairdín ach amháin ag na daoine saibhre, bhí an Lucht Siúil inniúil ionadaí níos saoire agus níos inbhuanaithe a mhairfeadh níos faide a chur ar fáil.

## Pócaí Coirníní

Ba mhinic a chaitheadh mná de chuid an Lucht Siúil Pócaí Coirníní, a dtugtar pócaí crú capall orthu chomh maith, timpeall ar a gcoim. Earraí éadaigh ab ea iad a raibh tábhacht chultúrtha leo a d'fheidhmigh ar nós 'pócaí' nó mála láimhe leata chun earraí pearsanta a raibh luach leo a choimeád. D'fhéadfadh airgead, teastais bhreithe páistí, boinn naofa, earraí fuála amhail snáth, siosúir bheaga agus méaracáin, nó seodra a bheith istigh iontu.

Bhí na píosaí seo lámhdhéanta agus maisíodh iad go trom ar an taobh tosaigh le fáil, cnaipí, giuirléidí agus taisí. De réir mar a théadh teaghlaigh timpeall na tíre agus iad ag bualadh le seanchairde agus le cairde nua, mar aon le gaolta, thabharfadh na mná na cnaipí agus na taisí seo mar bhronntanais agus mhalartóidís iad mar chuimhneachán ar an duine ar bhuail siad leo nó na háiteanna ar thug siad cuairt orthu. Bailiúchán cuimhní a bhí i gceist leis na pócaí a bhí mar chuimhneacháin ar na bóithre a raibh taisteal déanta acu orthu. Is cosúil gur stopadh de bheith ag caitheamh pócaí tuairim agus 30 bliain ó shin.

## Vaigíní Bairille

Sular tugadh isteach vaigíní i lár na 1800idí, thaistealaíodh Lucht Siúil na hÉireann timpeall ar chairteacha cothroma agus shocraídís pubaill lúbacha mar áiteanna codlata agus maireachtála. Go traidisiúnta úsáideadh vaigíní bairille chun earraí a iompar sular úsáid lucht na sorcas agus a dteaghlaigh iad ar fud na hEorpa mar chineál lóistín. I ndiaidh a dtabhairt isteach in Éirinn ón Eoraip i lá na 1800idí, ghlac Lucht Siúil na hÉireann na vaigíní bairille chucu féin. Bhí cineálacha éagsúla vaigíní ann, amhail *Burton*, *Brush*, *Reading*, Ledge, *Open Lot*, agus an Vaigín Bairille ar glaodh vaigín *Bow Top* air chomh maith. Ba í an cheann ba mhinice a d'úsáid Lucht Siúil na hÉireann ná an vaigín

bairille. B'amhlaidh seo de bharr gur tuigeadh gurbh é an cineál vaigín ab éadroma agus an cineál ab fhusa dá gcapaill a tharraingt.

Sna laethanta luatha, bhí maisiú na vaigíní caighdeánach ach de réir mar a d'éirigh na vaigíní níos coitianta, d'eascair siad ina gcomharthaí stádais agus bróid i measc an phobail. Dá bhrí sin d'éirigh an maisiú a rinneadh orthu níos casta agus níos casta. In alt ó 'Paint your Wagon', Traveller Times (2016), tugann Ryalla Duffy leid den chruthaitheacht agus den nuálaíocht a bhí ag teastáil chun an maisiúchán álainn seo a bhaint amach. Míníonn sí (Traveller Times, 2016):

> **As time moved on the craft evolved into an art in its own right. Whilst every painter has their own style, common themes of decoration that embellished the scrolls and lining, included horses, vine work, fruit, birds, elaborate carvings, and gold leaf as well as triple shading. Underworks and accessories were traditionally painted in a paler yellow or cream, whilst colours for the body favoured maroons, greens, reds and occasionally dark blue. Once the woodwork has been prepared and primed, subsequent layers of gloss are applied before skilled decoration is added. Finally, several coats of exterior varnish help unify the layers, as well as affording protection from the natural elements which all take a toll on the paintwork.**

Ba mhinic a coimisiúnaíodh teaghlaigh vaigín chun pósadh sa teaghlach a chomóradh agus bheadh sé ina bhaile ag an lánúin nuaphósta. Le himeacht ama, d'aistrigh roinnt teaghlach ó vaigíní nua a choimisiúnú chuig vaigíní a dheisiú, a mharcáil, snoíodóireacht a dhéanamh orthu agus iad a phéinteáil. Mhair na vaigíní tuairim agus 50 bliain sular tháinig carbháin níos nuaí agus níos nua-aimseartha a d'fhéadfaí a tharraingt le veain nó le carr ar an bhfód.

Beireann líon beag teaghlach leo an traidisiún vaigíní a dhéanamh sa lá atá inniu ann agus is saothair ealaíne anois iad a bhfuil an-tóir orthu. Tá neart píosaí caomhnaithe ag músaeim ar fud na hÉireann agus ar fud na Ríochta Aontaithe. Is minic a thaispeántar iad ag roinnt de na haontaí capall traidisiúnta níos mó in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. De réir mar a luaitear i **gcuid 3.3.1**, is fíorbheagán ball de Lucht Siúil na hÉireann a bhfuil cónaí orthu i vaigíní sa lá atá inniu ann.

### 3.7.2 Ealaíontóirí de chuid an Lucht Siúil

Tá roinnt ealaíontóirí mór le rá de chuid an Lucht Siúil sa lá atá inniu ann a dhíríonn ar léirithe dá bpobal agus de na héagóracha a dtugann siad aghaidh orthu. Cuirfidh an chuid seo roinnt eolais ar fáil maidir le roinnt de na healaíontóirí sin, lena n-áirítear Phein O'Reachtigan, Tom Rhattigan agus Leanne McDonagh.

Is ealaíontóir coincheapa é Phein O'Reachtigan, a bhfuil cónaí air i Sasana faoi láthair. Is drámadóir é chomh maith agus cumann sé ceol. I ndiaidh achrann 10 mbliana leis na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, rinneadh díshealbhú forleathan ar theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil ag suíomh in Essex sa bhliain 2011. Mar fhreagra ar an díshealbhú ag Dale Farm, rinne Phein coimeádaíocht ar thaispeántas ag an Tate i Londain. Agus cuireadh á thabhairt aige do 20 ealaíontóirí eile saothar a chur ar taispeáint in éineacht leis, d'úsáid sé a gcuid rannpháirtíochta mar phíosa léargais a chruthaigh comhrá maidir le

heaspa dídine agus lóistín. Fiosraíonn saothar Phein éagóracha éagsúla a dtugann daoine níos soghonta sa sochaí aghaidh orthu agus déanann sé iniúchadh orthu, agus is téamaí iad easpa dídine agus gáinneáil ar dhaoine a bhíonn le sonrú ina chuid oibre go rialta.

Is scríbhneoir leabhar sárdhíola, scríbhneoir amhrán, ealaíontóir agus file é Tom Rhattigan. Bhí an t-ádh leis nuair a tharla eachtra a bhain leis na Moore Murderers agus é ina pháiste. Scríobh sé dhá leabhar, *A Slice of Bread and Jam* agus *Boy Number 26* sna 1960idí a thug léargas ar a shaol agus é ag fás aníos agus ar a chuimhní óna óige. Is duine é a tháinig slán as mí-úsáid ghnéis paistí ó chóras scoileanna tionsclaíocha na hÉireann agus na hárais páistí a reáchtáil an Eaglais Chaitliceach sa Ríocht Aontaithe. Tá péintéireacht Tom corraitheach, cumhachtach agus mothálach. Tá a chuid oibre lán feirge agus péine agus ní chuireann sé aon ní faoi cheilt sa léiriú a thugann sé ar na figiúirí agus ar na siombailí óna óige. Is féidir breathnú ar a chuid saothar mar agóid in aghaidh na heaglaise agus an tslí ar chaith sí le páistí a bhí faoina cúram tráth.

Is amharc-ealaíontóir í Leanne McDonagh, a rugadh sa bhliain 1990. Rugadh i bPort Láirge í ach bhog sí go Corcaigh lena teaghlach agus í ina cailín óg. Tá taithí phearsanta ag Leanne le réamhchlaonadh agus le leithcheal agus bíonn sé mar aidhm aici dúshlán a chur roimh mhíthuiscintí maidir lena pobal tríd an ealaín. Agus í mar ealaíontóir de chuid an Lucht Siúil braitheann sí go bhfuil deis ar leith aici ionadaíocht agus taifead a dhéanamh dá pobal ón taobh istigh. Cruthaíonn sí saothar ealaíne agus réimse próiseas á n-úsáid aici; mar sin féin is iad péint, priontáil agus grianghrafadóireacht na príomhréimsí spéise atá aici.

Tá Leanne tiomanta í féin a chur in iúl seachas ligean do dhaoine eile amhlaidh a dhéanamh ar a son. Léiriú uirthi féin atá i gceist lena cuid saothar, agus bíonn tionchar ollmhór ag cuimhní a hóige agus ag a taithí phearsanta air, cuimhní agus eispéiris a mbíonn cur amach ag gach duine de chuid Lucht Siúil na hÉireann orthu. Déanann McDonagh (2015) cur síos ar a cuid oibre mar léiriú caolchúiseach agus machnamhach ar chultúr an Lucht Siúil in Éirinn chomhaimseartha ó léargas an 'duine ar an taobh istigh', nach bhfeictear go minic.

### 3.7.3 Léirithe ar an Lucht Siúil in Ealaín na hÉireann

Le roinnt deicheanna de bhlianta, is cosúil go raibh roinnt ealaíontóirí nach de chuid an Lucht Siúil iad an-tógtha leis an Lucht Siúil. Mar shampla, bhí Jack B Yeats, Louis Le Brocquy, Nano Reid, agus Gerard Dillion an-tógtha le mistéir agus le tuairimí rómánsacha a bhain le taisteal, nósanna agus traidisiúin an Lucht Siúil. Trína léirithe ar an Lucht Siúil, is léir gur bhreathnaigh siad ar an Lucht Siúil mar fhíoracha saoirse nach mbíonn faoi cheangal an tsaoil shocraithe.

Tincéirí agus baill den Lucht Siúil a bhí i gceist le neart d'fhíoracha Yeats. Cheannaigh Dánlann Tate a phéinteáil, The Two Travellers, sa bhliain 1946. Bhí teagmháil ag Louis le Brocquy, péintéir Éireannach, leis an Lucht Siúil i gcaitheamh na 1940idí agus chuir sé an-suim iontu, ina dteanga, ina dtraidisiúin agus ina gcaidreamh leis an nádúr, téama a dtugann sé athchuairt air i gcaitheamh na sraithe. Feictear neart radharc agus idirghníomhaíochtaí laethúla i Tinker Series le Brocquy mar aon le suíomhanna campála de chuid an Lucht Siúil.

Sna 1990idí iarradh ar Mick O'Dea, a bhfuil aithne air mar phéintéir portráidí, obair le baill de phobal an Lucht Siúil, baill a raibh cónaí orthu agus a bhí ag obair i mBaile Átha Cliath. Bhí bailiúchán ar a dtugtar Bailiúchán Martin Folan mar thoradh ar an gcomhoibriú a tharla ina dhiaidh sin. Is sraith portráidí d'fhir agus de mhná de chuid an Lucht Siúil a péinteáladh gan aon tsiombail a léirigh a gcultúr.

Tá neart ealaíontóirí eile a chuir an Lucht Siúil mar phríomhfhócas ina gcuid saothair. Bíonn meascán mothúchán ag an Lucht Siúil i dtaca le daoine nach mbaineann leis an Lucht Siúil a bheith ag tabhairt léiriú ar a bpobal. Féadfaidh claonadh a bheith ann andúchasú a dhéanamh ar an Lucht Siúil trína léirithe. Díríonn neart díobh ar bhochtanas seachas ar an gcultúr. Is cosúil gur fíorbheagán ealaíontóir nach mbaineann leis an Lucht Siúil a bhfuil suim acu an éagsúlacht atá laistigh den phobal a léiriú agus is minic a chuireann a gcuid léirithe le steiréitíopaí atá ann cheana seachas dúshláin a chur rompu.

## 3.8 Léiriú Reiligiúnach

Thuairiscigh Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte an Lucht Siúil (AITHS) (2010) go ndúirt 83% de fhreagróirí i bPoblacht na hÉireann agus 76.8% de fhreagróirí i dTuaisceart Éireann go raibh ról tábhachtach ag an reiligiún ina saol. Ar nós formhór daoine dúchasacha in Éirinn, is Caitlicigh Rómhánacha iad formhór mór de Lucht Siúil na hÉireann. Mar sin féin, agus an éagsúlacht atá sa phobal á léiriú, baineann roinnt ball den Lucht Siúil le creidimh eile agus is aindiachaithe agus agnóisithe iad daoine eile.

Bíodh agus go rabhthas den tuairim sa AITHS (2010) go raibh sé tábhachtach, luadh go raibh méadú ag teacht ar easpa measa ar an eaglais i measc an Lucht Siúil. Ceanglaíodh é seo leis na scannail a bhain leis an eaglais a bhí ag teacht chun solais in Éirinn ag an am.

Is beag taighde atá déanta ar an Lucht Siúil agus an reiligiún agus mar sin is deacair a chinneadh cén t-eispéireas a bhíonn ag an bpobal i gcoitinne leis an reiligiún. Is dócha, mar sin féin, gur sábháilte a rá go bhfuil neart ball óg den Lucht Siúil difriúil le glúnta níos sine i dtaca leis an tslí ina léiríonn siad a gcreidimh reiligiúnda.

### 3.8.1 An Lucht Siúil agus Creideamh

Is minic a chuireann an Lucht Siúil a gcreideamh in iúl trí dhul i ngleic le cleachtais agus deasghnátha reiligiúnda i slite a bhíonn difriúil go minic leis an bpobal nach mbaineann leis an Lucht Siúil (Griffin, 2012). Dóibh siúd, is féidir teacht ar Dhia in áiteanna naofa, i ndaoine, agus i ndeasghnátha difriúla.

Tá tábhacht ar leith ag na Naoimh i saol an-chuid ball de phobal an Lucht Siúil. Beidh Naomh, nó Naoimh, ar leith ag formhór acu n-iarrann siad cúnamh orthu. Mar thoradh ar an dúthracht i leith Naomh ar leith is minic a bheireann teaghlach iomlán taisí (réad nó earra a bhfuil suntas reiligiúnda leis) agus boinn naofa leo. Breathnaíonn neart ball den Lucht Siúil ar na Naoimh ar nós cairde maithe. Taistealóidh go leor teaghlach achair fhada chun cuairt a thabhairt ar thaisí speisialta a bhaineann le Naoimh nó ar áiteanna ina raibh na Naoimh.

Má thugann sagart cuairt ar shuíomh campála is minic a iarrfaidh go leor den Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu ann air pictiúir, deilbh, boinn agus taisí naofa eile a bheannú. Tá sé seo fíorthábhachtach don Lucht Siúil, toisc go mbreathnaíonn siad ar bheannú ar nós tréimhsí ina ndéanann Dia teagmháil leo. Faigheann an Lucht Siúil braistint chosanta ó Dhia nuair a bheannaítear a mboinn, a bpictiúir agus a ndealbha naofa.

Dar leis an lucht siúil go bhfuil roinnt daoine ann atá diaganta de bharr a nóis maireachtála agus a mbuanna, más fíor. D'fhéadfadh gur tuataí, mná rialta nó sagairt iad na daoine seo. D'fhéadfadh an lucht siúil imeacht thart ó cheann ceann na tíre chun casadh le duine naofa nó le duine a bhfuil 'leigheas' acu. Nuair a chasann siad le duine naofa, chun a gcruatan agus a n imní a chur in iúl dóibh, tá

an lucht siúil muiníneach go gcloisfidh Dia a bpaidir, agus go bhfreagróidh Dia ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

Bealach amháin a ndéanann an lucht siúil achrainn a réiteach idir teaghlaigh, nó idir daoine aonair, is ea iarraidh ar shagart teacht chun cás a 'chruthú'. I gcás roinnt achrann, creideann an lucht siúil gur féidir glaoch a chur ar shagart agus go n inseoidh an dá thaobh an fhírinne dó, de bharr go gcreideann siad dá n inseodh duine bréag os comhair sagairt go mbeadh siad féin nó duine dá muintir i gcruachás dá réir. Is iondúil go dteipeann ar mhuinín an duine nó na ndaoine atá lochtach ag an nóiméad deiridh agus nach nglacfaidh siad páirt sa 'chruthú'. Tá ionracas os comhair Dé i gcroílár an 'chruthaithe'.

Cé nach n úsáidtear an cleachtas seo chomh minic agus a úsáideadh san am a caitheadh, tarlaíonn sé minic go leor fós.

### 3.8.2 Oilithreachtaí

Tá oilithreachtaí mar léirithe oscailte ar chreideamh; is paidreacha iad de réir bhrí an fhocail féin. Cnoc Mhuire – ionad oilithreachta – is áit an tábhachtach í don Lucht Siúil (Brownlee, 2011). Tosaíonn go leor daoine den Lucht Siúil ag siúil tríd an scrín i gCnoc Mhuire, an lá roimh Lá Fhéile na Maighdine Muire san Fhómhar (15 Lúnasa) (ibid.). Rachaidh roinnt daoine ar an turas seo agus iad cosnochta. Cuireann Lucht Siúil na hÉireann am ar leataobh do Dhia le linn na hoilithreachta. Is turas é chuig áit bheannaithe ina mothaítear neach diagaire níos mó ná áiteanna eile.

Is é Cruach Phádraig áit eile atá an luachmhar do phobal an Lucht Siúil i gContae Mhaigh Eo (is minic leis an Lucht Siúil agus daoine nach iad 'the reek' a thabhairt ar an sliabh seo). Ó tharla gur ionad oilithreachta í, déantar aithrí ann agus deirtear paidreacha. Rachaidh an Lucht Siúil chuig 'the reek' agus rudaí le déanamh ar intinn acu. B'fhéidir go dteastódh paidreacha uathu do dhuine atá tinn nó i gcontúirt, do dhuine a bhfuil imní orthu nó atá i bpian. Creidtear go láidir sa Lucht Siúil má dhéanann duine aithrí do dhuine eile go dtiocfaidh sé i gcabhair ar an duine céanna agus go neartóidh sé iad. Fillfidh go leor daoine de chuid an Lucht Siúil ar 'the reek' chun a mbuíochas a chur in iúl, agus is ócáidí áthais iad a n oilithreachtaí dá réir. Creideann an Lucht Siúil go bhfuil siad níos gaire do Dhia go fisiciúil nuair a théann siad suas 'the reek'.

Tá Dia le brath sa turas, agus éisteann Dia agus cloiseann sé paidreacha gach duine. Tá an turas mar a bheadh paidir ann don Lucht Siúil ar an gcaoi seo. Tabharfaidh an Lucht Siúil faoin turas faoi thrí chun an oilithreacht a chur i 'gcrích'. Mar shampla, nuair a théann an Lucht Siúil ar oilithreacht chuig Lourdes, tabharfaidh an siad cuairt ar na folcadáin faoi thrí in aghaidh na cuairte ar fhaitíos nach mbeadh an deis acu filleadh ar an áit chéanna.

### 3.8.3 Beannachtaí

Tá na beannachtaí an tábhachtach don Lucht Siúil. Mar shampla, nuair a fhaigheann bean de chuid an Lucht Siúil amach go bhfuil sí ag iompar clainne, rachaidh sí sa tóir ar bheannacht di féin agus don leanbh sa bhroinn. Anuas air sin, iarrfaidh an Lucht Siúil beannachtaí carranna agus veaineanna ar Dhia ionas go mbeidh cosaint Dé acu. Dá rachadh sagart chuig láithreán stad, d'fhéadfadh gach teaghlach a bheith ag iarraidh beannachtaí ar dhealbha, ar dheilbhíní, ar pictiúir bheannaithe, ar bhoinn, ar leantóirí, agus ar mhodhanna iompair eile. Is minic leo a bheith sa tóir ar bheannachtaí do pháistí agus dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith tinn freisin. Is minic leo paidreacha dá ngaolta atá ar shlí na fírinne a iarraidh, agus paidreacha do na daoine atá i gcruachás nó in anchaoi.

## 3.8.4 Gealltanais

Is minic le duine den Lucht Taisteal iarraidh ar shagairt 'gealltanas' a thabhairt. Is éard atá i gceist le gealltanas sa chás seo, gealladh staonadh ó chearrbhachas nó ó ghníomhartha eile, agus creidtear má gheallann siad é seo do shagart, i bhfoirm gealltanais, go gcabhróidh sé leo an ceann is fearr a fháil ar aon fhadhb a d'fhéadfadh a bheith acu. Mar sin féin, ní bheadh sé neamhghnách go n iarrfaí ar shagart gealltanas a tharraingt siar go ceann lae nó dhó nó go ceann seachtaine go fiú dá mba é a bheadh ag teastáil. D'fhéadfadh roinnt daoine den Lucht Siúil gealltanas a thabhairt gan braon a ól ar feadh tréimhse agus ansin, d'fhéadfadh go mbeadh orthu freastal ar bhainis, nó ar thórramh, nó ar shochraid, agus iad ag iarraidh an gealltanas a tharraingt siar.

## 3.8.5 Leigheasanna agus Nósanna eile

Creideann roinnt mhaith den Lucht Siúil go láidir sa chumhacht atá ag cneasú agus ag leigheasanna traidisiúnta. Tá saineolas ag cuid de bhaill an phobail faoi leigheasanna le haghaidh aicídí amhail faithní nó truis. Ní bheadh sé neamhghnách go mbeadh daoine den Lucht Siúil sa tóir ar 'leigheasanna' ó chneasaí le haghaidh aicíd ar leith. Ní hamháin go gcreideann go leor den Lucht Siúil i gcumhacht na bpaidreacha, ach creideann siad freisin i gcumhacht an uisce a fhaightear i dtoibreacha 'beannaithe' chun iad a chneasú.

# 4. Teanga an Lucht Siúil

## 4.1 Seiltis/Caintis/Gaimis – Míniú ar an Téarmaíocht

Is í Seiltis an téarma acadúil a thugtar ar an teanga a labhraíonn Lucht Siúil na hÉireann. Is canúintí iad Gaimis agus Caintis den tSeiltis de réir Gilbert et al. (2017). Tugann an Lucht Siúil Caintis nó Gaimis ar a dteanga agus is annamh a thugann siad Seiltis uirthi. Ní móide go mbeadh go leor den Lucht Siúil in ann idirdhealú a dhéanamh idir Caintis agus Gaimis ach is dóigh go mbeadh siad ar fad ar aon intinn go n úsáideann teaghlaigh éagsúla focail dhifriúla chun an rud céanna a chur in iúl ag brath ar an réigiún. Mar shampla, tugann roinnt daoine den Lucht Siúil an focal 'jigger' ar dhoras agus is é 'rudus/rodas' a bheadh ag roinnt daoine eile. Is é 'Pavee' a thugann roinnt daoine den Lucht Siúil orthu féin agus úsáideann daoine eile an téarma 'Mincéir'. Ba é Ó hAodha (2002) a fuair amach go raibh an Lucht Siúil as Ráth Caola den tuairim gur tháinig an focal 'rodas' ón tSean Seiltis agus go raibh fréamhacha ag an bhfocal sa Ghaeilge agus gur tháinig an focal 'jigger' ina dhiaidh sin agus go raibh sé fréamhaithe sa Bhéarla. Mar a luann Browne (2002, lch.72), tá "na teoiricí maidir le bunús na Caintise éiginnte, ó tharla go bhfuil na cuntais di gann agus nua".

### 4.1.1 Luathbhailiúcháin de Chaintis/de Ghaimis

Ní raibh eolas faoi Chaintis/Gaimis ar fáil go dtí an nua aois luath agus rinne scoláirí Sasanacha taifead orthu ansin lena n áirítear Charles Godfrey Leland, John Sampson agus Kuno Meyer. Fuair Leland amach faoi Chaintis/faoi Ghaimis in 1874, nuair a fuair sé meilteoir sceana

ar an trá i bhfolcadán sa Ríocht Aontaithe, agus duine de Lucht Siúil na hÉireann a bhí ann a labhair teanga nach raibh Leland ar an eolas fúithi (Ó hAodha, 2002). Chreid Leland go raibh cúigiú teanga Cheilteach aimsithe aige agus cheap sé go



mb'fhéidir gurbh í Caintis/Gaimis teanga chaillte na gCruithneach (ibid.). Lean Sampson (1891) agus Meyer (1909) ar aghaidh leis an méid a bhí faighte amach ag Leland agus d'fhoilsigh siad páipéir faoi Chaintis/Gaimis. Ó tharla nach bhfuil aon taifead scríofa faoi Chaintis/Gaimis roimh dheireadh an naoú haois déag, tá na hipitéisí agus an tuairimíocht ar fad a bhaineann lena bunús agus leis an gcaoi a raibh sé ina dhiaidh sin i ngeall le focail bhailithe de chuid Leland (1874, 1907) agus Meyer (1909), agus i ngeall le béaloideas Sampson (1891).

Ó tharla gur Sasanaigh iad an triúr scoláirí agus ó tharla nach raibh aon chur amach acu ar an nGaeilge, níltear cinnte an ndearna siad na focail a thaifeadadh i gceart nó nach ndearna. Bhí suntas ag baint le bailiúchán Pádraig Mac Gréine (1937) ó tharla gurbh é an bailiúchán Caintise ba mhó a fuarthas in Éirinn agus go ndearnadh é a thaifeadadh ag duine a raibh eolas acu ar an nGaeilge (Binchy, 2006).

### 4.1.2 Cé chomh sean is atá an Chaintis/an Ghaimis?

Tá taighdeoirí ag plé na ceiste faoin aois atá ag Seiltis ó 'fuair' Leland amach fúithi (1874). Tá dhá theoiric ann go bunúsach, nó dhá argóint le plé maidir le bunús na Caintise. Chuir na chéad taighdeoirí an chéad teoiric chun tosaigh ar nós Leland (1874, 1907), Sampson (1891), Meyer (1909) agus Mac Gréine (1931) agus sheas daoine eile leis an teoiric chéanna, mar shampla, Grant (1994), Binchy (1994, 2006), Browne (2002) agus Ní Shúinéar (1994, 2002). Tugann na scoláirí seo le fios gur teanga ársa í an Chaintis agus, go raibh a cuid gramadaí féin ag baint léi seans, atá caillte anois, a théann chomh fada siar le tréimhse na Sean Ghaeilge nó le tréimhse na Róimhe go fiú, tréimhse inar labhraíodh teangacha neamh-Ceilteacha chomh maith leis an tSean Ghaeilge in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.

Is féidir trí chineál focal a aithint óna chéile nuair atáthar ag déanamh scrúdú ar na liostaí focal a bhailigh Leland agus Sampson (Ó hAodha, 2002). Mar shampla, tagann go leor de na focail ón nGaeilge agus is féidir iad a rangú i ndá chineál díorthaigh ón tSean Ghaeilge agus iasachtaí ón Nua Ghaeilge (ibid.). Cuimsítear focail leis an dara cineál a thagann ón mBéarla. Cuimsítear gluais leis an tríú cineál nach bhfuil a bunús ar eolas againn go fóill.

Ó thaobh na bhfocal ar fad nach eol dúinn an tsanasaíocht a bhaineann leo (is iad sin 500 de na 900 focal a bailíodh beagnach), is iad na scoláirí a dhéanann an argóint ar son sheandacht na teanga a chreideann gurb iad na focail seo an ghné ghéiniteach nó an chuid is sine den teanga, de réir an mhéid a chuireann Grant (1994) in iúl. Ní fios dáta bhunús na bhfocal céanna, ach tugadh le fios nach bhfuil aon bhaint acu leis an nGaeilis, leis an gCeiltis ná leis an Ind-Eorpais seans (Ó hAodha, 2002). Tá sé tábhachtach a lua nach bhfuil a fhios againn mórán faoi na teangacha is luaithe a bhí ann roimh an teanga Cheilteach a tháinig roimh shliocht na hInd-Eorpaise, arb í an chuid is sine den Ghaeilge í.

Agus naisc na Sean Ghaeilge leis an gCaintis/Gaimis, curtha san áireamh, tugann Meyer (1909) le fios go mbaineann na teangacha seo le tréimhse na Gaeilge roimh an 11ú Céad (de réir mar a dhéantar tagairt di in Ó hAodha, 2002). Fuair sé amach go raibh ceangal ag na focail Chaintise/Ghaimise leis na focail Ghaeilge a rinneadh a cheilt, agus rinneadh iad a cheilt ach úsáid a bhaint as próisis ársa cheilte, ar nós siollaí a chur isteach iontu, a chur leo agus a ghearradh amach, agus tríd an Laidin agus teangacha ársa eile a úsáid, ag baint deireadh na bhfocal amach agus iad a fhágáil mar sin, trí tháthmhíreanna a úsáid agus trí fhocail a litriú droim ar ais (ibid.).

Tá na scoláirí den tuairim go bhfuil na próisis a úsáideadh chun na focail Chaintise a cheilt díreach cosúil leis na próisis a úsáideadh i scórpháipéar manachúil a scríobhadh sa 9ú haois (Eulogy Amra

Choluimb Chille). Tá Meyer (1909) den tuairim go bhfuil seans ann gur fianaise atá i seandacht na bhfocal seo ar sheanaois na Caintise/na Gaimise (mar a dhéantar tagairt di in Ó hAodha, 2002). Tugann Meyer (1909) le fios go mbíodh eolas ag na filí agus ag na Scoláirí Éireannacha (ag na Draoithe agus ag na Bardaigh) ar na próisis cheilte seo, agus is dóigh gurb iad na chéad daoine a rinne Caintis/Gaimis a fhrámú. Cuireann sé leis an méid sin le maíomh gurb iad Cerds (na gaibhne óir) agus Saer (na saoir cloiche) a bheadh i dteagmháil leis na mainistreacha go mion minic agus gur chaomhnaigh siad 'Béarlagair na Saor' (teanga na Saor Cloiche) (ibid).

Thacaigh roinnt scoláirí eile le déanaí leis an teoiric go bhfuil nasc ann idir an tSean Ghaeilge agus roinnt focail Chaintise. Mar shampla, luann Binchy (1994), roinnt focal a fuarthas i seanlámhscríbhinní amháin i.e., is é cuinne an focal Caintise ar shagart agus is é a bheadh sa tSean Ghaeilge ar Dhraoi. Maíonn Binchy (2002) go bhféadfadh ag pointe ama amháin go raibh an Lucht Siúil trítheangach agus go raibh Sean Seiltis, Gaeilge agus Béarla acu. Is dócha gur cailleadh an ghramadach de bharr nach raibh an Lucht Siúil i dteagmháil lena chéile, mar go gcaithfear gramadach a úsáid go laethúil ionas go bhforbrófar í (ibid.). Ní raibh sé de dheis ag an Lucht Siúil Caintis a labhairt lena muintir a bhí ina gcónaí laistigh den daonra neamhghníomhach níos leithne. Níor leor an teagmháil annamh laethúil a dhéanadh an Lucht Siúil lena chéile chun a chinntiú go dtiocfadh an struchtúr gramadúil slán (Binchy, 2006).

D'áitigh Hancock (1984) freisin go bhfuil an seans ann fós go raibh Caintis ann mar theanga ina hiomláine (mar a luaitear in Rieder, 2018). Níl aon fhianaise theangeolaíoch ná staire ann gur féidir é seo a chruthú ná a bhréagnú gurb é mar a bhí go dtí seo. De réir Binchy (2006), ní gá go mbeadh teanga á labhairt ag grúpa dá leithéid a bheith chomh casta, ná chomh fairsing ó thaobh an stóir focal de, le teanga á labhairt ag grúpa níos díchosúla nach féidir talamh slán a dhéanamh d'eolas fúithi bunaithe ar réamheolas roinnte.

Tá taighdeoirí eile, ar nós Macalister (1937) den tuairim go bhfuil amhras ag baint le seandacht na Caintise/na Gaimise agus creideann siad gur forbraíodh í ag pointe ama níos deireanaí agus gur úsáid an Lucht Siúil í mar theanga rúnda. Ní raibh a chuid tuairimí ag teacht le tuairimí Sampson agus Meyer, sa mhéid is gur chreid sé gur forbraíodh an teanga le deireanaí agus gur daoine a labhair Béarla den chuid is mó a chruthaigh an teanga (O' hAodha, 2002). Tugann sé le fios gurb iad na próisis ársa cheilte a úsáideadh chun focail a athrú a chuir na manaigh ar aghaidh chuig an Lucht Siúil le linn na nua aoise, manaigh a raibh eolas acu ar phróisis agus ar theangacha ársa dá leithéid (ibid.).

Tá Macalister (1937) ar aon tuairim leis na scoláirí eile maidir leis an struchtúr gramadúil a fuarthas sna taifid is luaithe ar Chaintis, gur féidir an chuid is mó de na réamhfhocail, forainmneacha, na huimhreacha agus na iarmhíreanna a aithint mar Bhéarla agus gur féidir baint a fheiceáil idir iad agus an Ghaeilge. Chomh maith leis sin, aontaíonn sé nach féidir cuid acu a cheangal le foinse ar bith. Ach, tagann sé ar an tuairim nach fianaise leordhóthanach í gur teanga ársa í an Chaintis (ibid.). Tá Macalister (1937) den tuairim go gcaithfí go mbeadh níos mó den chreat gramadúil Gaeilge ann más rud é gur forbraíodh Caintis/Gaimis ag pointe ama níos luaithe.

Bhí sé ag déanamh tagairt don Lucht Siúil sna Stáit Aontaithe Mheiriceá, a choinnigh an Chaintis/an Ghaimis cé gur fhág siad Éire idir 1848 agus 1850 agus tá an chosúlacht ar an scéal go raibh Gaeilge acu ach an oiread le hinimircigh Éireannacha eile, chuir Binchy (1994) an ceist; cén fáth an mbeadh ar Lucht Siúil na hÉireann Caintis/Gaimis a choinneáil beo mar 'theanga rúnda' agus iad i gcomhluadar na Meiriceánach, nach bhféadfaidís Gaeilge a labhairt ina háit? I dteannta leis sin, tá Binchy (2006) den tuairim cé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal nach bhfuil aon ghramadach neamhspleách ag an

tSeiltis, nach bhfágann sé sin nach féidir cur síos a dhéanamh uirthi mar theanga. Áitíonn sí nach leor caidreamh laethúil an Lucht Siúil ar scála beag lena ngrúpa féin chun struchtúr gramadúil na Caintise/na Gaimise a chaomhnú.

Tá O'Baoill (1994) agus Harper (1969) den tuairim gur tháinig Caintis/Gaimis chun cinn thart ar lár an seachtú haois déag nuair a tháinig an Béarla go hÉirinn (mar atá luaite in Ó hAodha, 2002). Bunaíonn siad an méid seo a mhaígh siad ar Chaintis/ar Ghaimis a bheith díreach cosúil leis an mBéarla ó thaobh a struchtúr de agus áitíonn siad go gcaithfidh sé gur cruthaíodh í nuair a bhí idir Ghaeilge agus Bhéarla ag na cainteoirí (ibid.). Níl aon phlé déanta ag na húdair seo ar mhachnamh ar bith ar aois agus ar bhunús stóir focal na Caintise/na Gaimise ná an smaoiníonn siad ar an seans go bhféadfadh gur eascair an struchtúr a bhaineann léi sa lá inniu as an teanga á meascadh leis an mBéarla (ibid.).

### 4.1.3 Úsáid na Caintise/na Gaimise sa lá atá inniu ann

Labhraíonn an Lucht Siúil Caintis/Gaimis, cuid acu níos minice ná a chéile, in Éirinn, agus sa Ríocht Aontaithe agus in áiteanna sna Stáit Aontaithe (Binchy, 1994). Fuair Mac Gréine (1931, lch. 171) amach gur cainteoirí Caintise níos líofa iad an grúpa saothair darb ainm "the tinker proper, nó the tinsmith" agus go raibh eolas níos doimhne acu ar an mbéaloideas agus ar na traidisiúin le hais na ngrúpaí fánaíochta eile ar chuir sé agallamh orthu mar chuid dá thaighde.

Is bocht an rud é gur tháinig laghdú mór ar úsáid an Caintise/na Gaimise leis na blianta agus gur cailleadh go leor de stór focal na Caintise/na Gaimise de réir comparáide idir bailiúchán focal Sampson a rinneadh in 1891 agus bailiúchán Cauley agus Ó hAodha a rinneadh níos déanaí ansin in 2006. Ní haon iontas é sin i bhfianaise an chomhthéacs ina raibh ar an Lucht Siúil an teanga a choinneáil beo. Is minic go n imríonn stair pholaitiúil tionchar ar stair theanga inar labhraíodh í (Binchy, 2000). Ní raibh aon chead Gaeilge a labhairt faoi réim an choilíneachais, chun deireadh a chur le difríochtaí teangeolaíochta agus cultúir idir Éirinn agus Sasana, rud a d'fhág gur chaill go leor Éireannach an cumas a máthairtheanga a labhairt.

Fuair Reider (2018a) amach go raibh éagsúlacht ann idir na dearcthaí laistigh de phobal an Lucht Siúil maidir leis an tábhacht a bhain le caomhnú na teanga agus rinne grúpa amháin cur síos uirthi mar theanga gan tábhacht agus nach raibh aon ghá léi níos mó agus rinne grúpa eile cur síos uirthi mar theanga shiombalach agus iad ag iarraidh an teanga a athbheochan. Cuireann Rieder (2018b) i gcuimhne dúinn go bhfuil an éagsúlacht dearcthaí seo cosúil le dioscúrsaí a tharla i bpobail eile (ar nós na Sáimise san Fhionlainn mar shampla) agus áitíonn Rieder gur minic a thugann a leithéid d'éagsúlacht tuairimí deacrachtaí inmheánacha le fios.

Rinne go leor grúpaí den Lucht Siúil claontacht a cheilt cosúil le grúpaí eile faoi chois agus imeallaithe agus iad náirithe faoi ghnéithe dá gcultúr, ar nós a dteanga (Ó hAodha, 2002). Cuireadh an náire chéanna ar na hÉireannaigh faoin nGaeilge, rud a ghoilleann ar go leor daoine sa lá inniu fós. Bhí daoine den tuairim gur bhain an Béarla le réim an nua aoiseachais agus chuir an Eaglais agus na ceannairí polaitíochta in aghaidh na Gaeilge go gníomhach faoi cheann an naoú haois déag. Buailtí na páistí dá gcloistí iad ag labhairt Gaeilge ar scoil agus bhí an Ghaeilge ar tí báis ach rinneadh í a athbheochan sa dara leath den naoú haois déag nuair a spreagadh suim sa teanga agus d'éirigh daoine bródúil aisti. Ní dhearnadh Caintis/Gaimis a athbheochan chomh maith céanna cé go bhfuil níos mó den Lucht Siúil bródúil as an teanga arís agus iad ag glacadh seilbh uirthi agus í á taifeadadh acu féin (cf. Oein De Bhairduin, 2020).

Ó tharla go gcuirtear Caintis/Gaimis chun cinn mar theanga 'rúnda', is minic a ghlacann na daoine socraithe agus an Lucht Siúil leis, go raibh an Lucht Siúil rúnmhar fúithi i gcónaí (Ó' hAodha, 2002). Tá scoláirí ar nós Ó' hAodha (2002) agus Binchy (2000) in amhras ar úsáideadh Caintis/Gaimis i gcónaí go 'rúnda' agus is dóigh go mbeadh go leor den Lucht Siúil den tuairim chéanna inniu. Mar a áitíonn Ó' hAodha (2002),

is dóigh gur tháinig 'rúndacht' na teanga chun cinn mar thoradh ar an leatrom méadaithe. Ní fheadair Ó' hAodha (2002, lch. le cur isteach):

> **Whether the designation of Shelta as "secret" owes more of its genesis to the "projections" of the "settled" community and the way Travellers have been defined by "settled" scholars than it does to Travellers themselves? It may be the case that the "settled" community including those scholars who have defined Travellers to date have been culpable in distorting the image of what Shelta is and how it functions. Would it not be a terrible loss to Traveller culture if the gipsilorist emphasis on "secrecy" and their legacy of "exoticism" as applied to Travelling culture functioned to inhibit younger Travellers from developing and preserving their language through all the mediums that are available?**

Tháinig rialtas na hÉireann ar chomhaontú in 2019, chun gnéithe de chultúr an Lucht Siúil a chaomhnú, a chur chun cinn agus a cheiliúradh lena n áirítear stánadóireacht agus Caintis/Gaimis (Pavee Point, 2019). Inscríobhadh an dá ghné ar Fhardal Náisiúnta na hÉireann um Oidhreacht Doláimhsithe (ibid.). Ciallaíonn teanga i mbaol, teanga nach bhfuil á húsáid ná á múineadh do pháistí i bpobal. I measc na mílte teanga a úsáidtear inniu, tá go leor acu i mbaol báis. Is iad na canúintí Seiltise, atá á labhairt ag pobail níos lú is mó atá i mbaol báis. Measann teangeolaithe go mbeidh idir 50% agus 90% de na 6,500 teanga imithe faoi cheann dheireadh an chéid seo (Nuwer, 2014).

Tá todhchaí na Caintise/na Gaimise ag brath ar phobal an Lucht Siúil (Ó' hAodha, 2002). Mar a chuireann Ó' hAodha (2002, lch. 60) in iúl:

> **They [Travellers] must decide how they want Shelta developed or passed on so that it can continue to be a part of their self-identity. Perhaps the time now is right for Travellers to engage in a more comprehensive debate on the future of their language?**

# 5. An Lucht Siúil in Éirinn an lae inniu

## 5.1 Gníomhaíochas an Lucht Siúil in Éirinn

Tá an Lucht Siúil ag teacht le chéile ó na 1960idí ar aghaidh agus tháinig gluaiseacht láidir chun cinn maidir le cearta sibhialta a bhuí leo. Pléitear cuid de na hathruithe móra seo sa chuid seo.

Ní raibh ceannaireacht ná reachtaíocht pholaitiúil ann chun an Lucht Siúil a chosaint le linn na 1960idí, agus tháinig méadú mór ar fheachtais a chuir in aghaidh an Lucht Siúil agus é mar aidhm acu teaghlaigh a dhíbirt as ceantair áitiúla. Rinneadh ionsaithe vigilante agus agóidí móra in aghaidh an Lucht Siúil go náisiúnta. Mar shampla, rinne an grúpa vigilante 1969 ionsaí ar champa i Rathún, i nGaillimh. Tháinig an focal 'rahoonery' chun cinn ina dhiaidh sin agus cuireadh isteach san fhoclóir Béarla é dá réir. Rinneadh taifead maith ar an ionsaí a rinneadh ar Mrs Furey i nGaillimh.

Tháinig gluaiseacht cearta sibhialta chun cinn in Éirinn, bhí siad tiomanta do chearta an duine a chur chun cinn agus in aghaidh an chiníochais i gcoinne an Lucht Taistil, gluaiseacht a fuair spreagadh ó ghluaiseachtaí eile timpeall an domhain. Bunaíodh Coiste Chearta an Lucht Siúil in 1982. Tugadh an t ainm Minceir Misli air in 1984. Spás don Lucht Siúil amháin a bhí ann ag an tús. Bhí Nan Joyce i measc na mball.

Ina dhiaidh sin, bhí Nan Joyce ar an gcéad bhean de chuid an Lucht Siúil chun páirt a ghlacadh in olltoghchán i mí na Samhna 1982, i dtoghlach Bhaile Átha Cliath Thiar Theas. Cé nach bhfuair Nan aon suíochán, cloch mhíle shuntasach a bhí ann i dtreo gluaiseacht chearta an dhuine níos polaitiúla a chruthú in Éirinn.

### 5.1.1 Bunú Eagraíochtaí an Lucht Siúil agus a gCuid Aidhmeanna

Bunaíodh *Dublin Travellers Education and Development Group* (D.T.E.D.G) nó Ionad Pavee mar is fearr aithne air, in 1984. Tugadh an t ainm Pavee Point Traveller and Roma Centre air le blianta beaga anuas. Tá sé mar aidhm ag Ionad Pavee cur leis na feabhsúcháin maidir le caighdeán na beatha agus chúinsí saoil an Lucht Siúil agus na Romach ach oibriú ar son ceartas sóisialta agus chun dlúthpháirtíocht a chothú le daoine eile atá tiomanta do chearta an duine a bhaint amach. Tugann Ionad Pavee faoi chláir ar leith agus roinnt príomhaidhmeanna aige maidir le sláinte, óige, forbairt pobail, oideachas, foréigean in aghaidh na mban, cumarsáid, agus drugaí agus alcól.

Bunaíodh an Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil (NTWF) in 1988. Is é NTWF an Líonra Náisiúnta d'Eagraíochtaí Mhná an Lucht Siúil ó cheann ceann na hÉireann. Aithníonn siad na cineálacha leatroim a bhíonn roimh mhná an Lucht Siúil i sochaí na hÉireann agus tá siad ag obair chun aghaidh a thabhairt orthu ach úsáid a bhaint as cur chuige chearta an duine atá bunaithe ar chothromas. Tá sé mar aidhm ag NTWF chun aird a tharraingt ar na deacrachtaí a imríonn tionchar ar mhná an Lucht Siúil, agus oibríonn siad chun a chinntiú go n aithnítear na deacrachtaí seo agus go léirítear iad sna forbairtí beartais ar fad.

Bunaíodh Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann (GLSÉ) in 1990. Is eagraíocht ballraíochta náisiúnta í GLSÉ a dhéanann ionadaíocht ar an Lucht Siúil agus ar eagraíochtaí an Lucht Siúil ar fud na hÉireann. Oibríonn GLSÉ le daoine eile chun dearcthaí an Lucht Siúil a léiriú agus chun beartais, gníomhaíochtaí agus cláir nuálacha a fhorbairt chun saol an Lucht Siúil a athrú in Éirinn.

Bunaíodh Minceirs Whiden, a chiallaíonn “An Lucht Siúil ag Caint” i gCaintis in 2008. Is fóram é Minceirs Whiden don Lucht Siúil amháin atá ar fáil don Lucht Siúil ar fad in Éirinn, inar féidir leis an Lucht Siúil teacht le chéile mar phobal agus labhairt faoi na deacrachtaí a bhíonn rompu agus iad ag déanamh iarracht eisiamh an Lucht Siúil sa tsochaí a shárú.

Díríodh go leor den obair a rinne gníomhaithe an Lucht Siúil agus eagraíochtaí an Lucht Siúil ag an tús ar aghaidh a thabhairt ar an éagothroime a bhí rompu, oideachas, lóistín, tacaíocht eacnamaíochta agus cúram sláinte a fháil. Thug siad aghaidh ar chiníochas agus ar leithcheal in aghaidh an Lucht Siúil freisin. Thug na heagraíochtaí na dálaí maireachtála uireasacha agus baolacha chun solais a raibh agus a bhfuil an Lucht Siúil ina gcónaí iontu fós.

Leanann eagraíochtaí an Lucht Siúil agus gníomhaithe an Lucht Siúil ar aghaidh i mbun feachtais ar mhaithe leis na deacrachtaí seo a réiteach, agus d’fhorbair siad cláir, tionscnaimh agus feachtais a thugann aghaidh ar dheacrachtaí eile lena n áirítear cearta na mban de chuid an Lucht Siúil, deacrachtaí maidir le drugaí agus le halcól, deacrachtaí meabhairshláinte, agus bíonn siad ag plé le féiniúlacht, cultúr agus oidhreacht an Lucht Siúil a cheiliúradh agus a chur chun cinn lena n áirítear éagsúlacht laistigh den phobal.

Ní hamháin an bhfuil eagraíochtaí náisiúnta an Lucht Siúil ann ach tá roinnt eagraíochtaí réigiúnacha ann freisin. Tá eagraíocht an Lucht Siúil i mbeagnach gach contae in Éirinn.

Sannann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Sláinte, an Roinn Dlí agus Cirt, is iad sin a shannann sruthanna maoiniúcháin le haghaidh ENRanna an Lucht Siúil, sa lá inniu. Ba iad na ciorruithe a tháinig chun cinn in 2008 de bharr ganntanas airgid a ghoill go mór ar earnáil na forbartha pobail ar fad lena n áirítear eagraíochtaí an Lucht Siúil. Laghdaíodh maoiniúchán le haghaidh oideachas an Lucht Siúil de mhéid 86.6%, chomh maith leis an maoiniúchán le haghaidh lóistín an Lucht Siúil de mhéid 85% agus an maoiniúchán le haghaidh eagraíochtaí an Lucht Siúil de mhéid 63.6% (Harvey, 2012). Is lú an maoiniúchán seo inniu fós dá bharr seo.

### 5.1.2 Luachanna atá mar Chrann Taca ag an Obair

**Cearta an duine** – Rinne eagraíochtaí an Lucht Siúil iarracht aird a tharraingt ar a gcearta i measc an Lucht Siúil a bhaineann le gach gné den saol, chomh maith le síor rannpháirtíocht i gcreataí chearta an duine go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus Comhlachtaí Conartha chun an rialtas a thabhairt chun cuntais, sna cásanna inar sáraíodh cearta an duine.

Cuimsíodh rannpháirtíocht leanúnach leis i gcórais tuarascála faoi scrúdú dhualgais chearta duine na hÉireann ar nós:

- Na Náisiúin Aontaithe (NA) faoi Dhíothú an Idirdhealaithe Chiníoch (CERD)
- Próiseas an Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoitinn de chuid na NA
- An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Geilleagracha, Comhdhaonnacha agus Cultúir (ESCR)
- An Gnás maidir le gach cineál Leatroim in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)
- Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitíochta (ICCPR)
- Coiste na NA maidir le Cearta an Linbh (CRC)

Ag leibhéal na hEorpa, déanann eagraíochtaí an Lucht Siúil teagmháil le:

- Comhairle na hEorpa
- An Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI)
- An Gnás Creata ar mhaithe le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint

Is é an comhthéacs áitiúil agus taithí saoil an Lucht Siúil a dhéanann eolas d'eagraíochtaí Náisiúnta an Lucht Siúil maidir lena gcur chuige.

Cuimsíodh le samplaí ardphróifíle, an chéad Chomhghearán a thug Ionad Chearta Romach na hEorpa chuig Comhairle na hEorpa le haghaidh an Lucht Siúil faoi Chairt Shóisialta na hEorpa (ERRC) agus thug Ionad Dlí Neamhspleách de chuid Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann tacaíocht dó. Tháinig an Coiste maidir le Cearta Sóisialta (ECSR) ar an tuairim d'aon toil gur sháraigh an Stát Airteagal 16 den Chairt maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil.

## 5.1.3 Príomhamanna – Amlíne do na Cearta sin

### 1995 – Tuarascáil an Tascfhórsa maidir leis an Lucht Siúil

San áireamh le ceann de na chéad éachtaí a baineadh amach, ba ea go ndearnadh cinnte gur páirtithe leasmhara ag a bhfuil tionchar iad ionadaithe an Lucht Siúil ar an Tascfhórsa maidir leis an Lucht Siúil. Ba é seo an chéad chur chuige den sórt sin dá raibh sa Stát riamh. Cloch mhíle shuntasach bhí ann de bharr gur aithin an Stát, go gclisfeadh ar bheartais an stáit d'uireasa chomhairliúchán agus rannpháirtíocht an phobail. Leag sé seo an bhunchloch chun tús a chur leis na beartais a leasú agus leis an reachtaíocht a athrú in Éirinn. Cuimsíodh an méid seo a leanas leis na moltaí ar fad a bhí ag an Tascfhórsa:

- Coiste Comhairliúcháin le haghaidh Cóiríocht Náisiúnta do Thaistealaithe agus Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil a bhunú sa Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
- Acht na dTithe 1998 (Cóiríocht don Lucht Siúil), a chur i bhfeidhm, lena gcuimsítear riachtanas de chláir údarás áitiúil um chóiríocht don Lucht Siúil a mhaireann cúig bliana
- bunú Coiste Chomhairligh maidir le hOideachas don Lucht Siúil agus leathnú na seirbhíse múinteora cuartaíochta
- bunú Coiste Chomhairligh maidir le Sláinte an Lucht Siúil agus bunú na n aonad áitiúil sláinte don Lucht Siúil i ngach ceantar boird sláinte
- cur i bhfeidhm na reachtaíochta in aghaidh leithcheala, rud a imreoidh tionchar dearfach agus fadtréimhseach ar phobal an Lucht Siúil.

### Acht na dTithe 1998 (Cóiríocht don Lucht Siúil)

Cuireadh Acht na dTithe 1998 (Cóiríocht don Lucht Siúil) i bhfeidhm chun lóistín a chur ar fáil don Lucht Siúil tar éis feachtasaíochta agus tacaíochta ó eagraíochtaí agus ó ghníomhaithe an Lucht Siúil mar fhreagra ar an moladh don Tuarascáil Tascfhórsa. Ba chéim an suntasach a bhí ann i dtreo feabhas a chur ar dhálaí maireachtála an Lucht Siúil in Éirinn.

Leagadh amach in Acht na dTithe 1998 treochlár chun feabhas a chur ar cheart an phobal chun lóistín a oiriúnú ó thaobh an chultúir de agus chun a chinntiú go bhfaigheann sé tacaíocht ó chreat

beartais tithíochta náisiúnta. Ní raibh aon cheanglas dlíthiúil ann go gcuirfí lóistín don Lucht Siúil ar fáil atá feiliúnach ó thaobh an chultúir de roimh Acht na dTithe 1998. Bhí eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla ag déanamh monatóireacht ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta seo ó achtaíodh í sna 31 údarás áitiúil ar fad, ag tarraingt aird ar na heasnaimh atá ann i gcónaí.

### Reachtaíocht Chomhionannais 2000 – 2004

Bhí agus tá ciníochas in aghaidh an Lucht Siúil fite fuaite sa tsochaí. Agus bhí gá le leasaithe reachtaíochta agus beartais dá réir. Cuireadh an Reachtaíocht Chomhionannais i bhfeidhm tar éis feachtas fada, i ndlúthpháirtíocht le grúpaí sochaí sibhialta

eile (lena n áirítear an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 –2015 agus 2004 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018), rud a bhí ina chloch mhíle shuntasach le haghaidh gluaiseacht chearta sibhialta an Lucht Siúil. D'fhág sé go raibh cosc ar leithcheal ar fud naoi réimse éagsúla agus cuimsíodh leis sin, ballraíocht phobal an Lucht Siúil mar cheann de na réimsí sin.

### 2002 – Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha)

Baineadh cor coise as pobal an Lucht Siúil nuair a achtaíodh Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002, nó Reachtaíocht Treaspáis mar thugtar air go minic. Lig sé cead do na húdaráis áitiúla an dlí a chur ar dhaoine ar thailte poiblí, agus d'imir sé tionchar diúltach ar an Lucht Siúil agus ar a modh maireachtála fánaíochta. Chuir eagraíochtaí an Lucht Siúil in aghaidh na reachtaíochta go láidir agus tacaíocht acu ó eagraíochtaí eile a bhí bunaithe ar chearta an duine. Tá aisghairm na reachtaíochta lárnach i dtosaíochtaí na gluaiseachta sa lá inniu.

### 2015 – Tragóid Charraig Mhaighin

Rinne drochlóistín dochar do mheabhairshláinte agus d'fholláine coirp an Lucht Siúil chomh maith lena n infhostaitheacht agus a gcumas chun deiseanna oideachais a fháil. Chomh maith leis sin, is bagairt reatha agus thromchúiseach é ar mhuintir an Lucht Siúil. Ní raibh sé sin chomh soiléir, ná mar a bhí in 2015 nuair a cailleadh deichniúr taistealaithe i láithreán stad i gCarraig Mhaighin i mBaile Átha Cliath, agus ina measc bhí cúigear páistí agus bean a bhí ag iompar clainne. Tharraing eagraíochtaí an Lucht Siúil agus gníomhaithe an Lucht Siúil aird ar a thromchúisí a bhí na tragóidí agus ar an gcaoi a bhféadfaí an tromchúiseacht a sheachaint. D'iarr siad ar an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht na láithreacha, agus ar shábháilteacht na láithreacha neamhoifigiúla agus sealadacha go háirithe. Shiúil roinnt daoine amach i gcomhdháil

Rialtais maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chóiríocht don Lucht Siúil i ndiaidh na tragóide. Rinneadh athbhreithniú ar chóiríocht don Lucht Siúil amháin tar éis do dhaoine iniúchadh ar Shábháilteacht Dóiteáin náisiúnta a iarraidh.

### 2017 – Aitheantas tugtha ag an Stát d'Eitneacht an Lucht Siúil

Bhí iarracht á déanamh chun stádas mionlaigh eitnigh don Lucht Siúil a bhaint amach le fada an lá. Stiúir eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla an Lucht Siúil agus comhpháirtithe eile feachtas náisiúnta le haghaidh aitheantas foirmeálta a thabhairt d'eitneacht an Lucht Siúil. Tugadh fógra i mí Márta 2017 mar thoradh ar an gcomhiarracht seo. Ba phointe ama cumhachtach agus siombalach a bhí ann don Lucht Siúil.

### Iar Eitneacht

Ba iad na daoine ag bhí i mbun feachtais le haghaidh aitheantas eitneachta a chonaic é mar chéim thábhachtach i dtreo cearta comhionanna a bhaint amach don Lucht Siúil. Bhí siad den tuairim gurb é aitheantas an stáit do stádas eitneach an Lucht Siúil a thug deis níos fearr dóibh aghaidh a thabhairt ar chiníochas, ar leatrom, agus chun feabhas a chur ar chomhtháthú, ar ionchuimsitheacht agus chun measúnú a dhéanamh ar stádas an phobail go hintreach agus laistigh den Stát. Chomh maith leis sin, bhí siad den tuairim go mbeadh an deis ann tuiscint shochaíoch níos leithne ar Lucht Siúil na hÉireann a chur chun cinn chomh maith le hinsint dhearfach díobh a chur chun cinn.

### 2019 – Sainathbhreithniú ar Chóiríocht don Lucht Siúil

Chuir eagraíochtaí an Lucht Siúil go suntasach le **Tuarascáil an tSainathbhreithnithe ar Chóiríocht don Lucht Siúil**, arna choimisiúnú ag an Rialtas. Leagtar amach san athbhreithniú 32 moladh chun deireadh a chur leis an ngéarchéim maidir le cóiríocht don Lucht Siúil. Déanann eagraíochtaí an Lucht Siúil monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí seo. Is údar dóchais é an t inspreagadh polaitíochta a taispeánadh chun cúrsaí a athrú. Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn, tá dúshláin mhóra ar na bacáin go fóill.

# 5.2 Eiseamláirí an Lucht Siúil

Tháinig go leor daoine cáiliúla as an bpobal seo, in ainneoin an chiníochais agus na míchothromaíochtaí ar fad in aghaidh an Lucht Siúil. Sonraítear cuid de na héachtaí sa chuid seo. Ní féidir éachtaí gach duine a lua nó an dul chun cinn reatha atá á dhéanamh ag baill an phobail a léiriú. Ní féidir na héachtaí atá déanta ag cuid den Lucht Siúil a léiriú, de bharr go mb'fhéidir nach raibh siad in ann iad féin a chur in aithne mar dhaoine an Lucht Siúil ar chúis éigin atá deacair a thuiscint. Ní chuimsítear leis an gcuid seo ach eolas faoi na daoine a rinne cinneadh iad féin a fhéinaithint mar bhaill den Lucht Siúil.

## 5.2.1 Deiseanna Breisoideachais agus Ardoideachais don Lucht Siúil

Ba í Dr. Sindy Joyce an chéad duine a d'aithin í féin mar chuid den Lucht Siúil ar bronnadh PhD sa tSocheolaíocht uirthi in 2019. D'oibrigh Sindy mar ghníomhaí sular fhill sí ar an oideachas chun tabhairt faoi PhD in 2013, agus tá sí gníomhach sa réimse seo fós. Tá Sindy ar an gcoiste frithchiníochais le haghaidh an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais agus in 2019, bhí sí mar chuid de thoscaireacht na hÉireann chun fianaise a chur i láthair do Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú maidir leis an gcaoi a gcaitear leis an Lucht Siúil in Éirinn. Ceapadh Sindy mar chomhordaitheoir Staidéir ar an Lucht Siúil in Ollscoil Luimnigh in 2022, áit ina leanann sí ar aghaidh ag cur le taighde faoin Lucht Siúil. Beidh cuimhne ar Dr Joyce go brách de bharr na n éachtaí suntasacha a rinne sí.

Ní hamháin gur bhain Dr Joyce PhD amach, ach bhain Dr Rosaleen McDonagh agus Dr Hannagh McGinley PhD amach in 2019 agus in 2020 faoi seach. Tá Owen Ward agus David Friel ag tabhairt faoi PhD in Ollscoil na Gaillimhe agus in Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach faoi seach. Is múinteoir iar bhunscoile cáilithe é Owen agus is é an chéad duine den Lucht Siúil a toghadh chuig Foras Rialaithe Ollscoile in Éirinn.

Is duine den Lucht Siúil í Leanne McDonagh, is ealaíontóir agus oideoir í freisin, agus bhunaigh sí Líonra do Chéimithe den Lucht Siúil a seoladh go foirmeálta ar an 6 Aibreán 2022. Tháinig go leor den Lucht Siúil san oideachas tríú leibhéal le chéile a bhuí leis an líonra seo chun tacú le dul chun cinn an Lucht Siúil san oideachas agus chun an dul chun cinn a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Tá na daoine seo den Lucht Siúil ag tabhairt faoi shlite beatha i réimsí amhail obair shóisialta, iriseoireacht, eacnamaíocht idirnáisiúnta etc.

Úsáideann go leor den Lucht Siúil a chuaigh trí oideachas, úsáideann siad na scileanna agus an saineolas a d'fhoghlaim siad ar mhaithe lena bpobal a fheabhsú.

### 5.2.2 An Lucht Siúil sa Pholaitíocht

I mí Meithimh 2020, ba í Seanadóir Eileen Flynn (Gaeilge: Eileen Ní Fhloinn) an chéad duine den Lucht Siúil le suí i dTithe an Oireachtais tar éis do Mhicheál Martin, an Taoiseach í a ainmniú. Is polaiteoir neamhspleách í Eileen. Tá a cúlra bunaithe i bhforbairt agus i ngníomhaíochas pobail thar ceann Lucht Siúil na hÉireann.

### 5.2.3 Gníomhairí den Lucht Siúil

Cé gur luadh go leor de na gníomhaithe ar son an Lucht Siúil sa chuid in uachtar faoin Lucht Siúil san oideachas, tá roinnt gníomhaithe eile a d'oibrigh an chrua chun an bealach a réiteach dóibh. Áirítear leo sin: Mary Moriarty, Nan Joyce, Michael McDonagh, Martin Collins, Mags Casey, Bridgie Casey, Bernard Joyce, Brigid Quilligan, Oein DeBharduin, Tomas McCann agus Catherine Joyce.

### 5.2.4 An Lucht Siúil sa Spórt

Is saoránaigh Éireannacha bródúla iad an Lucht Siúil, agus d'imir go leor acu ar son a gcontaetha i spórt ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuimsítear le cuid de na daoine seo is cáiliúla: Francis Barrett (Dornálaí Oilimpeach), Andy Lee (dornálaí gairmiúil), John Joe Nevin (Dornálaí Oilimpeach), Savannah McCarthy (Imreoir Peile do Ghaillimh Aontaithe agus d'Fhoireann na hÉireann), Mikey Kelly (seaimpín i liathróid láimhe) agus David McCarthy (imreoir sacair). D'inis Liam McGrath scéal Francis Barrett sa chlár faisnéise 'Southpaw'.

### 5.2.5 Lucht Siúil sna hEalaíona

Is dóigh go bhfuil Michael Collins ar cheann de na haisteoirí is mó cáil de chuid an Lucht Siúil, agus tá sé ar an teilifís ó bhí na 80idí ann nuair a ghlac sé páirt 'Blackie' in Glenroe. Rinne Micheal aisteoireacht in go leor scannán ó shin agus is drámadóir é a bhfuil go leor baint amach aige. Is aisteoir den Lucht Siúil eile é John Connors atá an cháiliúil.

Tá baint mhór ag Dr Rosaleen Mc Donagh agus ag Martin 'Beanz' Warde sna healaíona freisin, chuir agus cuireann siad feabhas ar an réimse céanna. Bhí an chéad leabhar le Oein De Bharduin an rathúil freisin agus glacadh go han mhaith leis.

# 6. Conclúid

Forbraíodh an tuarascáil taighde seo do mhúinteoirí, do chleachtóirí agus dhaoine óga chun éascaíocht a dhéanamh ar theagasc agus foghlaim faoi chultúr agus faoi stair an Lucht Siúil sa churaclam. Mar a luadh ón tús, níl sé mar aidhm aige gach gné de chultúr agus de stair an Lucht Siúil a chlúdach.

Forbraíodh an tuarascáil taighde seo i gcomhar le daoine an Lucht Siúil agus le daoine a dhéanann ionadaíocht ar an Lucht Siúil chun príomhghnéithe de chultúr agus de stair an Lucht Siúil agus an méid atá tábhachtach dar leis an Lucht Siúil a léiriú ó thaobh an churaclaim de.

Cuimsítear leis an tuarascáil taighde an méid atá ar eolas againn faoin stair maidir le pobal an Lucht Siúil agus bréagnaítear inti miotais choitianta faoina ndúchas. Cuimsítear inti sonraí faoi roinnt gnéithe de chultúr an Lucht Siúil amhail a gcreidimh, a bpátrúin phósta agus an fhánaíocht. Déantar cur síos inti freisin ar chuid de na rudaí a chuir (agus a chuireann) an Lucht Siúil le sochaí na hÉireann, tríd an ealaín, an ceol agus an spórt. Agus ag deireadh na tuarascála taighde tugtar gníomhaíochas an Lucht Siúil chun solais ó na 1960idí ar aghaidh agus aithnítear inti roinnt eiseamláirí sa phobal.



# Liosta Tagairtí


Foireann an Staidéir Sláinte Uile-Éireann maidir leis an Lucht Siúil (2010). *All Ireland Traveller Health Study: Our Geels. Summary of Findings*. Baile Átha Cliath: Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Comhairle Ealaíon Shasana (2013). *Great art and culture for everyone*. Londain: Comhairle Ealaíon Shasana.

Barrett, P., (2016). A review of consanguinity in Ireland—estimation of frequency and approaches to mitigate risks. *Irish Journal of Medical Science* (1971–), 185(1), lgh. 17–28.

Barry, A. (2022). Harris announces €450k funding to assist Traveller and Roma students in higher education. The Journal faighte @ Harris announces €450k funding to assist Traveller and Roma students in higher education (thejournal.ie).

Bauman, Z. (2004). *Identity*. Cambridge: Polity Press.

Bhopal, K., (2004). Gypsy travellers and education: Changing needs and changing perceptions. *British Journal of Educational Studies*, 52(1), lgh.47–64.

Bhreathnach, A. (2007). Confusing origins and histories: the case of Irish Travellers. Irish Journal of Anthropology 10(1): 30–5. Binchy, Alice. 1994. Travellers' language: a sociolinguistic perspective. In McCann et al. eag., 134–54.

Binchy, A. (1994). Travellers' language: A sociolinguistic perspective. In M. McCann, S. O Síochain, & J. Ruane (Eds.), Irish Travellers: Culture and ethnicity (lgh. 134–154). Béal Feirste: Institiúid an Léinn Éireannaigh, Ollscoil na Banríona Béal Feirste.

Binchy, A. (2002). Travellers' use of Shelta. In J. M. Kirk & D. P. O Baoill (Eag.), Travellers and their language (lgh. 11–16). Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Binchy, A. (2006). Shelta: Historical and sociolinguistic aspects. In C. Bhreatnach & A. Bhreatnach (Eds.), Portraying Irish Travellers: Histories and representations (lgh. 105–115). Newcastle- uponTyne: Cambridge Scholars.

Binchy, A., (2008). Researching'Shelta', the Travellers' Language. *Béaloideas*, lgh.248–262.

Breathnach, B. (1971). *The Folk Music and Dances of Ireland;* Dublin. Browne and Nolan Ltd.

Browne, M. (2002). The syntactic structure of present-day Cant. In J. M. Kirk & Donall P. O' Baoill (Eds.), Travellers and their language (lgh. 65–78). Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Brownlee, A. (2011). Irish Travellers and" Powerful" Priests: An Alternative Response to New Age Healing Techniques. *Ireland's new religious movements*, lgh. 97–110.

Campion, M. (2016). *Fêtes et merveilles du Monde Forain*; Páras : Cherche Midi. Carroll, J. (1975). Irish Travellers around London. Folk Music Journal, lgh. 31–40.

Carson, C. (1998). *Last Night's Fun: In and Out of Time with Irish Music*; Nua-Eabhrac: North Point Press

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2017). *Census of Population 2016–Profile 8 Irish Travellers, Ethnicity and Religion*; Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Cooney, T.M. (2009). Developing entrepreneurship programmes for female members of the Irish traveller community. *International Journal of Gender and Entrepreneurship*.

Court, A. (1985). *Puck of the Droms: the lives and literature of the Irish tinkers*. California: University of California Press.

Crowley, N. (1994). Irish Travellers: A Contribution Denied. *Éire-Ireland*, 29(3), lgh. 147–155.

Deleuze, G. agus F. Guattari (1988). A Thousand Plateaus: Capitalism and Schizophrenia. trans. B. Massumi. Londain: Baile Átha Luain.

DKM. (2014). *Private Rented Sector Survey Findings: Tenants, Landlords & Estate Agents*, Final Report, Baile Átha Cliath: DKM.

Donahue, M., McVeigh, R. agus Ward, M. (2005). Misli, crush, mislÌ: Irish Travellers and nomadism: A research report for the Irish Travellers movement and Traveller movement (Northern Ireland). *Baile Átha Cliath: ITM*.

Donnelly-Drummond, A. (2014). Not in my back yard: control of Irish Travellers by paramilitaries and vigilantes across the island of Ireland. *Contemporary Justice Review*, 17(2), lgh. 216–232.

Dunne, P. (2004). *Parley-Poet and Chanter – A Life of Pecker Dunne*; Baile Átha Cliath: A. and A. Farmar Publishing

An tAcht um Stádas Comhionann (2000). Uimh. 8/2000. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Údarás Comhionannais (2006). Traveller ethnicity, Baile Átha Cliath: Údarás Comhionannais.

Gallagher, C. (2018). "Just One in 240 Gardaí from a Minority Background." The Irish Times, Mí na Bealtaine 30. https://www.irishtimes.com/news/crime-and-law/just-one-in-240-garda%C3%AD-from-a- minority-background-1.3513045.

Gavin, P. (2019). 'Prison is the worst place a Traveller could be': the experiences of Irish Travellers in prison in England and Wales. *Irish Probation Journal*, *16*, lgh. 135–152.

Gilbert, E., Carmi, S., Ennis, S., Wilson, J.F. agus Cavalleri, G.L. (2017). Genomic insights into the population structure and history of the Irish Travellers. *Scientific Reports*, 7(1), lgh. 1–12.

Gmelch, S.B. agus Gmelch, G. (1976). The emergence of an ethnic group: The Irish Tinkers. *Anthropological Quarterly*, lgh. 225–238.

Rialtas na hÉireann (1963). Tuarascáil ar Choimisiún na dTaistealaithe. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (1983). Travelling People Review Body. *Report of the travelling people review body*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Grant, A.P. (2001). Language intertwining Its depiction in recent literature and. *Creolization and contact*, 23, lch. 81.

Griffin, K. (2012). Pilgrimage through the eyes of the Irish 'Traveller' community. *International Journal of Tourism Policy*, 4(2), lgh. 157–173.

hAodha, M. (2002). Travellers' language: Some Irish language perspectives. In J. M. Kirk & D. P. O'Baoill (Eag.), Travellers and their language (lgh. 47–63). Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Harding, M. (2019). I learned story-telling from country people and Travellers. The Irish Times. Faighte @ 'I learned storytelling from country people and Travellers' – The Irish Times.

Harper, J. (1973). Irish Traveler Cant in its social setting. Southern Folklore Quarterly 37: 101–14.

Harvey, B. (2021). The Traveller Community and Homelessness. Baile Átha Cliath: Pavee Point Traveller and Roma Centre.

Hayes, M. (2006). *Irish Travellers: Representations and Realities*; Baile Átha Cliath: Liffey Press

An tÚdarás um Ard-Oideachas (2018). *A study of progression in Irish Higher Education 2014/15 to 2015/16*. Baile Átha Cliath: An tÚdarás um Ard-Oideachas.

Hennessy, M. (2021). Aire Leanaí: 'There's ingrained institutional racism against the Traveller community'. The Journal, ar an 4 Deireadh Fómhair, 2021 faighte ar Children's Minister: 'There's ingrained institutional racism against the Traveller community' (thejournal.ie).

Holland, K. (2022). Travellers still living in 'deplorable' conditions, says human rights body: Council of Europe finds 'no major improvement' in situation in three years. The Irish Times, 3 Márta, 2022. Faighte Travellers still living in 'deplorable' conditions, says human rights body – The Irish Times.

Hourigan, N., agus Campbell, M. (2010). *The TEACH report: traveller education and adults: crisis challenge and change*. Baile Átha Luain, Éire: National Association of Travellers' Centres.

Joyce, N. (1985). Traveller: An Autobiography Dublin: Gill and MacMillan. Joyce, N. (2000). My Life on the Road Dublin: Farmer.

Keane, E. (2011). 'Distancing to self-protect: the perpetuation of inequality in higher education through sociorelational dis/engagement'. *British Journal of Sociology of Education*, 32 (3), lgh. 449– 466.

Kenny, M. (2021). Gay Byrne: The 'Conservative Catholic' Who Changed Ireland. *Studies: An Irish Quarterly Review, 110* (438), lgh. 175–190.

Kenny, M. agus Binchy, A. (2009). Irish Travellers, identity and the education system. *In Traveller, nomadic and migrant education* (lgh. 143–157). Routledge.

Kenny, M. and Binchy, A., (2009). Irish Travellers, identity and the education system. *In Traveller, nomadic and migrant education* (lgh. 143–157). Routledge.

Lalor, T. (2017). Peer Mediation Pilot Initiative in Castlerea Prison: A Process Evaluation. *Journal of Mediation & Applied Conflict Analysis*, *4*(2), lgh. 596–611.

Lanters, J. (2010). 'Tinkers': Synge and the cultural history of the Irish Traveller.

Liégeois, J.P. (1994). *Roma, gypsies, travellers.* Comhairle na hEorpa.

Mac Aoidh, C. (1994). *Between the Jigs and the Reels: Donegal Fiddle Playing Tradition; Liatroim: Drumlin Publications*

Mac Gréil, M (2010). Emancipation of the Travelling People. *Aonad Suirbhé, Coláiste Phádraig, Má Nuad, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Éire.*

Mac Gréine, P. (1931). Irish Tinkers or" Travellers". *Béaloideas*, (Uimh 2), lgh. 170–186.

Mac Gréine, P. (1932). Further Notes on Tinkers'" Cant": Together with Some" Travellers" Tales, Customs, Beliefs and Prayers. *Béaloideas*, (Uimh 3), lgh. 290–303.

Macalister, S. (1937). The Secret Languages of Ireland: With Special Reference to the Origin and Nature of the Shelta Language. Cambridge University Press. MacNeill, Eoin. 1937. Phases of Irish History. Baile Átha Cliath: M. H. Gill & Sons.

MacLaughlin, J. (1995). Travellers and Ireland: whose country, whose history? Cló Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

Maher, S. (1972). *The Road to God Knows Where*; Baile Átha Cliath: Talbot Press.

Mayall, D. (1987). *Gypsy-Travellers in Nineteenth-Century Society;* Cambridge: Cambridge University Press.

McCann, M., Síocháin, S.Ó., agus Ruane, J. (1994). *Irish Travellers: Culture and Ethnicity*. Irish Books & Media.

McCarthy, D. agus McCarthy, P. (1998). Market Economies: trading in the Traveller economy. *Pavee Point, Baile Átha Cliath*.

McCarthy, P. (1994). The sub-culture of poverty reconsidered. *Irish Travellers: Culture and Ethnicity. Béal Feirste: Institiúid an Léinn Éireannaigh, Ollscoil na Banríona*.

McCarthy, T. (2019). *Thomas McCarthy – 'The song is nothing without the story' de réir* The Journal of Music–[ar líne] Foilsithe ar (15/2/2019) {Faighte: 7/3/2021} – [https://journalofmusic.com/ news/ song-nothing-without-story-thomas-mccarthy-tg4-gradam-ceoil-awards-sunday](https://journalofmusic.com/news/song-nothing-without-story-thomas-mccarthy-tg4-gradam-ceoil-awards-sunday)

McDonagh, Michael. (1994). Nomadism in Irish Travellers' identity. In McCann et al. eag., 95–109. N´ı Shuinear, Sin ´ ead. ´ 1994. Irish Travellers, ethnicity and the origin question. In McCann et al. eag., 54–77. 2002. The curious case of Shelta. In Kirk agus O Baoill, eag., ´ 21–41.

McKey, S., Quirke, B., Fitzpatrick, P., Kelleher, C.C. agus Malone, K.M. (2022). A rapid review of Irish Traveller mental health and suicide: A psychosocial and anthropological perspective. *Irish journal of psychological medicine*, *39*(2), lgh. 223–233.

Michael, L. (2019). Reports of racism in Ireland. Irish Network against Racism: Baile Átha Cliath. Faighte @ 2019_iReport_Final.pdf (inar.ie) (faighte 13.11.2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019). Cultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam: iniúchadh curaclaim CNCM: Baile Átha Cliath.

Neilands, C. (1991). "Irish Broadside Ballads: Performers and Performances" Folk Music Journal, 1991, Imleabhar. 6, Uimh. 2, lgh. 209–222

Ní Laodhóg, N., & Collins, D. (1995). Pavee pipers and players. In N. Ní Laodhóg (Ed.), A heritage ahead: Cultural action and Travellers (lgh. 95–111). Baile Átha Cliath: Pavee Point Publications.

Ní Shúinéar, S. (1997). Why do Gaujos hate Gypsies so much, anyway? A case study. *Gypsy politics and Traveller identity*, lgh. 26–53.

Norris, M., Joyce, D. agus Norton, C. (2019). Traveller Accommodation Expert Review: Arna ullmhú ag sainghrúpa neamhspleách thar ceann Aire na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

North, K.E., Martin, L.J. agus Crawford, M.H. (2000). The origins of the Irish travellers and the genetic structure of Ireland. *Annals of Human Biology*, 27(5), lgh. 453–465.

Nuwer, R. (2014). Languages: Why we must save dying tongues. *BBC Future*.

Ó hAodha, M. (2006). *Parley with Me: A Compendium of Fairground Speech*; Baile Átha Cliath: A. agus A.

Farmar Ó hAodha, M. (2011). "Insubordinate Irish": Travellers in the Text; Manchester University Press

O'hAodha, M. (2009). Chapter five "Doing it for themselves: Irish Travellers and their literary Voice. *Migrants and Memory: The Forgotten "Postcolonials"*, lch. 70.

O'Mahony, J. (2017). The Community Foundation for Ireland: Traveller Community National Survey.

O'Shea, G (2011). Suicide amongst members of the travelling community. Critical Social Thinking: Policy and Practice 3, 55–69.

Pavee Point (2018). Research Project: Traveller Horse Ownership. Baile Átha Cliath: Pavee Point agus Roma Centre Publications.

Pollack, (2022). Travellers 'risk losing unique gut bacteria due to enforced lifestyle changes. The Irish Times, 21 Iúil 2022. Faighte @ Travellers 'risk losing unique gut bacteria due to enforced lifestyle changes' – The Irish Times.

Porter, J. (2017). Travellers' Music. In Europe (lgh. 294–298). Routledge.

Quirke, B., Heinen, M., Fitzpatrick, P., McKey, S., Malone, KM., Kelleher, C. (2020). Experience of discrimination and engagement with mental health and other services by Travellers in Ireland: findings from the All-Ireland Traveller Health Study (AITHS). Irish Journal of Psychological Medicine, 1–11. doi: 10.1017/ipm.2020.90.

Relethford, J.H. and Crawford, M.H. (2013). Genetic drift and the population history of the Irish travellers. *American journal of physical anthropology*, *150*(2), lgh. 184–189.

Rice, T. (1994). May It Fill Your Soul. Chicago: University of Chicago Press.

Rieder, M. (2018a). Irish Travellers' views on Cant: what folk criteria of languageness tell us about the community. *Language Awareness*, 27(1–2), lgh. 40–60.

Fletcher, L. (2022). President criticises Irish housing as 'our great failure'. Nuacht RTÉ, 15 Meitheamh 2022 faighte @ 'Our great failure': President criticises Irish housing (rte.ie)

Rieder, M. agus Rieder (2018b). Irish Traveller Language. Springer International Publishing.

SAFE Ireland (2016). No place to call home. Domestic violence and homelessness – the state we are in! Baile Átha Luain: SAFE Ireland.

Shanahan, F., Ghosh, T.S. agus O'Toole, P.W. (2021). The healthy microbiome—what is the definition of a healthy gut microbiome? *Gastroenterology*, *160*(2), lgh. 483–494.

Stokes, N. (2001). "The Kildare Boy: The Christy Moore Story"; Hot Press [Ar Líne]; Ar fáil ar: https://www.hotpress.com/music/the-kildare-boythe-christy-moore-story-7463015

Tanner, B. agus Doherty, A.M. (2021). Suicidal ideation and behaviors among Irish Travellers presenting for emergency care: Ethnicity as a risk factor. *Crisis: The Journal of Crisis Intervention and Suicide Prevention*.

Treadwell-Shine, Dr. K, Kane, F. & Coates, D. (2008). Traveller Specific Accommodation: Practice, Design and Management Baile Átha Cliath: Centre for Housing Research.

Truax, B. (1984). *Acoustic Communication*; New Jersey: Ablax

Tuohy, D. agus Ó hAodha, M. (2008). *Postcolonial Artist: Johnny Doran and Irish Traveller Tradition*: Cambridge Scholars Publishing: An Ríocht Aontaithe: *Newcastle*

Varnum, M.E. agus Grossmann, I. (2017). Cultural change: The how and the why. *Perspectives on Psychological Science*, *12*(6), lgh. 956–972.

Warde, M. (2022). Wagon life: Recording the oral history of Traveller elders: Video project is a race against the clock to capture the many details of a vanishing era. The Irish Times, 12 Feabhra 2022. Faighte @ Wagon life: Recording the oral history of Traveller elders – The Irish Times.

Watson, D., Kenny, O., agus McGinnity, F. (2017). A social portrait of Travellers in Ireland. Research Series, 56, lgh. 589–608. Baile Átha Cliath: Foilseacháin ITES.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment